Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council



# ANNUAL REPORT
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Pobail agus áiteanna inbhuanaithe a chruthú \\ Creating sustainable communities and places


Abbey
Quarter
Smithwick's Brewery
1710 - 2014

# RÁITEAS
# AN CATHAOIRLEACH

***Is mór an phribhléid dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021 a chur i láthair. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tugtar mionsonraí faoin raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh do mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá ról tábhachtach againn sa Chomhairle maidir le croísheirbhísí riachtanacha a sholáthar, amhail seirbhísí tithíochta, bóthair, uisce, dóiteáin agus éigeandála. agus maidir le tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla trínár gcuid feidhmeanna ealaíon, oidhreachta, caomhantais, leabharlainne agus pobail agus fiontraíochta.***

Ag tús na bliana 2020, ní raibh aon iomrá ar an tslí ina dtiocfadh athrú ar ár saoil chun leanúint d'oiriúnú a dhéanamh do na srianta a bhí ann mar gheall ar COVID 19. Mar thoradh ar an víreas sin, tá athrú tagtha ar shaol gach duine dínn, ar an tslí ina n- oibrímid agus ina mbíonn caidreamh sóisialta eadrainn, ar an tslí ina n-oibríonn gnóthaí agus ar an tslí ina dtéimid i mbun ár ngníomhaíochtaí ó lá go lá. Tá tionchar imeartha aige ar ghnóthaí daoine, ar scolaíocht leanaí agus ar chumas daoine scothaosta teagmháil a bheith acu lena dteaghlaigh agus lean gach duine den strus a ghabhann le leithlisiú a mhothú. I rith an ama sin, tá an Chomhairle tar éis déileáil le cuid mhór dúshlán trí sheirbhísí a bhfuil géarghá leo a sholáthar don phobal. Tá an fhoireann tar éis déileáil leis na dúshláin sin agus tá oiriúnú déanta acu do bhealaí éagsúla oibre. Tá athruithe déanta ag na Comhaltaí Tofa freisin chun freastal ar riachtanais na ndaoine ina dtoghlimistéar i leith raon leathan seirbhísí. Tá ár gcuid cruinnithe aistrithe go formáid ar líne chun sinn féin agus an fhoireann a chosaint. Is athrú iomlán é sin ar an tslí ina n-oibrímid san fhearann poiblí ach tá oiriúnú déanta againn ar mhaithe le sábháilteacht ár bpobal agus ár saoránach.

Déanaim comhghairdeas, agus gabhaim buíochas óchroí, lenár mbaill foirne túslíne ar fad a lean de dhéileáil leis na diandúshláin a bhaineann le leathadh an víris seo agus lena chuid athraitheach. Go háirithe ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid oibrithe deonach sa Chosaint

Shibhialta atá fós ag leanúint de chúnamh agus cabhair a thabhairt i ndáil le cóir iompair a chur ar fáil i leith coinní liachta agus i leith riachtanais eile de chuid ár bpobal. D'ainneoin phaindéim leanúnach COVID, lean an Chomhairle dár seirbhísí go léir a sholáthar don phobal.

Sa bhliain 2022, is ábhar tosaíochta i gcónaí é do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh tithíocht bhreise a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar thithíocht shóisialta. Oibreoimid chun na spriocanna atá leagtha amach ag an Rialtas a bhaint amach d'fhonn an oiread aonad agus is féidir a sholáthar.

Leanann an Chomhairle de leithroinntí deontas a bhfuil géarghá leo a aimsiú chun a chumasú dúinn an líon mór tionscadal atá beartaithe chun tairbhe ár saoránach go léir a mhaoiniú. Trí mhaoiniúchán a leithroinnt faoi na scéimeanna éagsúla, cabhraítear go mór le forbairt ár gcuid bailte agus sráidbhailte. Faigheann pobail spreagadh a bhfuil géarghá leis ó scéimeanna amhail CLÁR, Athnuachan Bailte & Sráidbhailte agus maoiniúchán áitiúil ó Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Tá moladh ag dul do na baill foirne go léir sa tSeirbhís Leabharlainne i leith a dtiomantais i ndáil le soláthar na seirbhíse leabharlainne dár saoránaigh scothaosta, d'ainneoin athrú tagtha ar an soláthar sin, agus bhí na saoránaigh sin thar a bheith buíoch de dheis a bheith acu cuair a thabhairt ar an leabharlann agus de sheachadadh ítimí leabharlanna orthu.

Imríodh tionchar an-mhór ar ár gcuid gnóthaí agus dúnadh gnóthaí agus cailleadh gnó. As seo amach, ní mór do gach duine dínn tacú lenár ngnóthaí áitiúla lena chinntiú nach dtarlaíonn aon dúnadh ina dhiaidh seo. Rinne ár bhFoireann Airgeadais riaradh ar an Scéim um Tharscaoileadh Rátaí. Chabhraigh foireann na hOifige Fiontair Áitiúil (OFÁ) go mór le gnóthaí i ndáil le hoiriúnú a dhéanamh do bhealaí nua trádála agus bhí gach duine lena mbaineann buíoch den chabhair sin.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine d'fhoireann na Comhairle as a gcuid oibre ar son mhuintir Chill Chainnigh. Molaim a dtiomantas agus a ndúthracht agus táimid ag tnúth le dul chun cinn leanúnach agus sinn ag obair i gcomhar le gach duine de mhuintir Chill Chainnigh chun áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chill Chainnigh.

Cé go bhfuilimid i ndiaidh teacht trí thréimhse an-deacair agus go bhfuil líon mór daoine fós thíos le tionchair COVID agus dianghlasálacha, ní mór do Chill Chainnigh a bheith dóchasach i leith na bliana 2022 tráth a dhéanfar cuid mhór tionscadal tábhachtach a chur i gcrích agus a chuirfear tús le tionscadail thábhachtacha nua.

Mar fhocal scoir, ba phribhléid dom, i mo cháil mar Chathaoirleach, a bheith i mor threoraí le haghaidh mo chomh-Chomhaltaí Tofa agus sinn ag obair in éineacht leis an bhFeidhmeannacht, agus leis an bhfoireann, ar mhaithe le feabhsú Chill Chainnigh agus na bpobal a bhfuil cónaí ar gach duine dínn iontu

**Fedelis Uí Dhochartaigh**

*Cllr. Fidelis Doherty*
**Cathaoirleach**



# RÁITEAS
# AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

***Is cúis sásaimh dom a bheith luaite leis an Dréacht- Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2021 ina dtugtar tuairisc faoin raon forleathan seirbhísí atá á gcur ar fáil go díreach nó go neamhdhíreach ag an gComhairle seo. I gcorp na tuarascála seo, leagtar amach na gníomhaíochtaí éagsúla agus déantar cur síos ar na seirbhísí agus ar na tionscadail bhonneagair a bhí á gcur ar aghaidh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.***

Dála na bliana 2020, ba bhliain an-dúshlánach í an bhliain 2021 do gach duine mar gheal ar Phaindéim COVID. D'ainneoin srianta agus athoscailtí, leanamar dár seirbhísí go léir a sholáthar agus de chúnamh a thabhairt do ghnóthaí agus do phobail teacht slán i rith na bliana. Leanamar den obair chianda a éascú chun leanúnachas na seirbhísí go léir a chinntiú. Bhí na comhaltaí agus na baill foirne in ann déileáil leis na dúshláin a bhain le seirbhísí breise a sholáthar, amhail an scéim tarscaoilte rátaí, agus chuir roinnt ball foirne cúnamh ar fáil don FSS nuair a bhí gá leis sin. Bhíomar in ann leanúint dár gcruinnithe Comhairle go léir a sheoladh agus éascaíodh na cruinnithe sin trí bhíthin cruinnithe fíorúla an chuid is mó den am. I Márta 2020, ní raibh aon duine againn ag ceapadh go mbeadh ár gcruinnithe Comhairle á n-óstáil go cianda ag deireadh na bliana 2021.

a bhaint amach go substaintiúil agus go ndearna sí amhlaidh de réir na bparaiméadar a bhí leagtha amach sa Bhuiséad a glacadh sa bhliain 2021 agus d'ainneoin srianta COVID 19 a bheith ann. Dhéileáil an Chomhairle leis dúshláin a bhí ann maidir le feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an gcóras aon treo sa Chathair agus ar an bhfearann poiblí chun cabhrú le gluaiseacht shábháilte daoine inár gcuid bailte nuair a athoscláíodh gnóthaí i rith na bliana 2021. Leanamar de riaradh a dhéanamh ar an Scéim um Tharscaoileadh Rátaí.

Leanfaimid de gach ní a dhéanamh a dhéanamh, i gcomhréir leis na hacmhainní atá againn, chun tacú lenár gcuid saoránach/gnóthaí go léir agus sinn ag filleadh ar ngnáthshaol de chineál nua.

Is mian liom moladh a thabhairt i leith na hoibre atá á déanamh ar leibhéal na gCeantar Bardasach agus ar leibhéal na gCoistí Beartais Straitéisigh. Tá na coistí sin thar a bheith tábhachtach maidir le cúnamh a thabhairt don Chomhairle i dtaca le saothrú a cuid cuspóirí agus maidir lena gnó a dhéanamh. Is léir tiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí Cárthaigh, leis an gClr. Micheál Ó Dúill agus lena réamhtheachtaí, an Clr. Peadar de Cléir, leis an gClr. Aindriú Mac Aonghusa, Méara, agus lena réamhtheachtaí, an Clr. Seán Ó Cuanáin, agus leis an gClr. Páid Mac Donncha agus lena réamhtheachtaí, an Clr. Éamann Aighleart, a thuill clú dóibh féin ina róil faoi seach.

Molaim an Tuarascáil Bhliantúil seo lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa. Táim cinnte go dtabharfaidh sí forléargas do mhuintir Chill Chainnigh ar ghníomhaíochtaí a ndeachthas ina mbun agus ar ghnóthachtálacha na Comhairle sa bhliain 2021 a bhí ina bliain an-dúshlánach.



**Colette Uí Bhroinn**
**Príomhfheidhmeannache**



# PAINDÉIM COVID 19

## *THE LEANÚNACHAS GNÓ*

Thacaigh an Chomhairle leis na Comhaltaí Tofa agus leis an bhFoireann le linn tréimhse athraithe nach raibh a leithéid ann riamh roimhe agus a bhí ann mar thoradh ar thionchar Phaindéim COVID-19. Mar thoradh ar an bPaindéim, bhí dúshláin shuntasacha ann i dtaca leis an ionad oibre agus i dtaca le saol na hoibre agus bhí gá le tacaíochtaí solúbtha nuálacha acmhainní daonna chun cabhrú leis an eagraíocht, leis na comhaltaí agus leis an bhfoireann.

Tugadh aghaidh ar shrianta Sláinte Poiblí san ionad oibre agus, ag an am céanna, ar na riachtanais i ndáil le leanúnachas gnó trí phátrúin sholúbtha nua oibre agus uaire solúbtha nua oibre a chur i bhfeidhm; tugadh isteach socruithe mórscála cianoibre agus córas nua ar líne le haghaidh cruinnithe. Reáchtáladh gach cruinniú de chuid na Comhairle ar líne nuair a cuireadh srianta Leibhéal 5 i bhfeidhm.Bhí tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise thar a bheith tábhachtach sna himthosca athraitheacha sin. Rinneadh gach iarracht chun a chinntiú go mbeadh na Comhaltaí Tofa in ann feidhmiú thar ceann a bpobal agus páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe Comhairle.

Ba phríomhchúram é le linn na haimsire dúshlánaí sin tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann agus do na comhaltaí agus cuireadh Clár Cúnaimh d'fhostaithe de chineál níos spriocdhírithe i bhfeidhm. Tugadh isteach tacaíochtaí nua oiliúna do Bhainisteoirí Líne agus do bhaill foirne chun cabhrú leo oiriúnú a dhéanamh le haghaidh chúinsí na cianoibre, lena n-áirítear cláir aireachais agus folláine. Mar chuid de Phlean Oiliúna Foirne 2021, beidh oiliúint spriocdhírithe agus tacaíochtaí forbartha ann don bhaill foirne agus do Bhainisteoirí Líne araon d'fhonn cabhrú leo oiriúnú do noirm nua na cianoibre.

## *GRÚPA STIÚRTHA RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT – MÓR- ÉIGEANDÁLAÍ A BHAINISTIÚ*

Oibríonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh laistigh de Réigiún an Oirdheiscirt in éineacht le Contaetha Cheatharlach, Thiobraid Árann, Phort Láirge agus Loch Garman i ndáil le Mór-Éigeandálaí a bhainistiú. Cuimsíonn Grúpa trasfheidhme ionadaithe ó na hÚdaráis Áitiúla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón nGarda Síochána. Is í Cáit Mhic Coilín de Faoite, as Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cathaoirleach an Ghrúpa agus is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-údarás ceannais i leith éigeandálaí sláinte poiblí.

Ó thús na paindéime, reáchtáil na gníomhaireachtaí go léir cruinnithe seachtainiúla lena chinntiú go mbeadh cur chuige comhsheasmhach ann sa réigiún i ndáil lena chinntiú go raibh treoirlínte náisiúnta sláinte poiblí á gcomhlíonadh. Ba í Colette Uí Bhroinn, Príomhfheidhmeannach, cathaoirleach an ghrúpa le linn chéimeanna tosaigh na Paindéime.

**Bhí na nithe seo a leanas i measc na saincheisteanna a pléadh agus a cuireadh agus a ndearnadh beart ina leith:**

- An líon cásanna COVID
- Daoine san ospidéal, daoine in Aonaid Dianchúraim agus básanna
- Bearta i ndáil le Scaradh Sóisialta
- Cumarsáid agus úsáid a bhaint as Meáin Shóisialta
- Forfheidhmiú ag an nGarda Síochána
- Tacaíocht d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le rianú teagmhála agus ionaid vacsaíniúcháin
- Ollbhásanna

# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2021

- An séú Féile Nollag Rathúil ar reáchtáladh cuid mhóir imeachtaí allamuigh lena linn.
- Rinneadh dul chun cinn le hathfhorbairt fhoirgneamh na Grúdlainne agus na Páirce Líní, ach sin faoi réir shrianta COVID. Fuarrthas maoiniúchán faoin gCiste Athghiniúna & Forbartha Uirbí.
- Oscailt oifigiúil bóthair nua a maoiníodh faoin gCiste Gníomhachtaithe Bonneagair Áitiúil Tithíochta (LIHAF) sa Cheantar Thiar, Cathair Chill Chainnigh, i Meán Fómhair, 2021.
- Chríochnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhlachtaí Deonacha 151 aonad tithíochta nua.
- Fuarthas 5,974 ghlao sa bhliain 2021 ó dhaoine a raibh deisiúcháin tithíochta uathu.
- Íocadh 21 iasacht tithíochta arbh fhiú €2,696,352 iad.
- Íocadh 234 dheontas tithíochta ina raibh luach
- €1,509,081 chun tithe a oiriúnú.
- Rinneadh 437 nIniúchadh Sábháilteachta Dóiteáin.
- Caitheadh €28m ar fheabhsú agus ar chothabháil ár ngréasáin bóithre ina iomláine.
- Cuireadh obair dhearthóireachta ar aghaidh i ndáil le 2 Scéim Faoisimh Tuile, i ngráig na Manach agus i mBaile Héil.
- Soláthraíodh 9.59 billiún lítear uisce trí scéimeanna poiblí uisce.
- Baineadh amach comhlíontacht 100% maidir le paraiméadair mhicribhitheolaíocha, agus comhlíontacht 99.65% maidir le paraiméadair cheimiceacha, i dtaca le soláthar uisce de.
- Glacadh Plean Forbartha na Cathrach & an Chontae 2020-2027.
- Fuarthas 1,054 iarratas pleanála i rith na bliana 2021.
- Bhí 29 láithreán ann i gClár na Láithreán Folamh ar an 31/12/2021.
- Bronnadh maoiniúchán deontais caomhantais ina raibh suim €310,825 ar 16 thionscadal sa bhliain 2021.
- Glacadh 10 bhForbairt Tithíochta faoi chúram.
- Tá 31 clós súgartha ar oscailt anois agus iad á gcothabháil ag an gComhairle.
- Dhéileáil Briogáidí Dóiteáin le 759 dteagmhas sa bhliain 2021.
- Chaith an Chosaint Shibhialta 421 uair an chloig agus iad i mbun cúnamh a chur ar fáil mar fhreagairt ar Ghlao Pobail COVID, reáchtáil siad 12 Imeacht Pobail agus thug siad cúnamh i ndáil le 5 Chuardach.
- Rinneadh os cionn 1,576 thona ábhair in-athchúrsáilte agus os cionn 2,999 dtona dramhaíola iarmharaí a bhailiú ar fud an Chontae.
- Bailíodh 2,259 dtona gloine, alúmanaim agus cruach sna 46 Ionad Fágála Dramhaíola.
- Fuarthas 1,255 ghearán maidir le cúrsaí comhshaoil.
- Eisíodh 5,333 cheadúnas madra.
- Glacadh Straitéis Lánpháirtithe Imirceach 2021-2023.
- Caitheadh €191,861 ar thionscadail phobail trí bhíthin maoiniúcháin ó Éire Ildánach.
- Soláthraíodh maoiniúchán €574,326 do 5 bhaile faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.
- Soláthraíodh maoiniúchán €291,311 do Phobail faoi Éire Shláintiúil.
- Leithroinneadh €57,300 le haghaidh 2 thionscadal faoi Chlár CLAR 2021.
- Leithroinneadh €130,414 do 61 áitreabh faoi Scéim na Sráid-Dreach Baile.
- Leithroinneadh €272,638 faoi Chláir Feabhsaithe Pobail tríd an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail.
- Leithroinneadh €2,562,291 le haghaidh saoráidí Leabharlainne/Pobail i mBaile Mhic Andáin faoin gCiste Athghiniúna & Forbartha Tuaithe.


- Fuarthas maoiniúchán €100,000 chun Máistirphlean a ullmhú le haghaidh lár an bhaile in Áth na nUrlainn.
- Forbraíodh 6 Phlean Baile i gcomhairle le pobail áitiúla agus bunaíodh meithleacha baile.
- D'fhorbair Seirbhísí Leabharlainne cuid mhór Clár Pobail agus Folláine le linn srianta COVID a bheith i bhfeidhm, agus thacaigh siad leis na cláir sin.
- Méadú 32% ar bhallraíocht.
- Fuarthas 16,576 r-Leabhar ar iasacht.
- Seachadadh 6,968 Leabhar ar 1,377 gCocúnóir.
- Forbraíodh 32 thionscadal le haghaidh sheachtain na hOidhreachta Náisiúnta.
- Fuair 13 thionscadal maoiniúchán ina raibh suim iomlán
- €50,000 faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2021.
- Fuair 13 thionscadal maoiniúchán ina raibh suim iomlán
- €50,000 faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2021.
- Dáileadh 13,000 cóip de "Bookville , Festival in a Book" ar gach bunscoil.
- Dámhadh 32 sparánacht, agus tugadh deiseanna meantóireachta, d'Ealaíontóirí.
- Fuarthas maoiniúchán €286,000 Scéim um Chlárú Léirithe Beo Áitiúla.
- Béim leanúnach ar fheabhas a chur ar an ráta bailithe maidir lenár bhfoinsí ioncaim go léir agus ar laghdú riaráistí.
- Bailíodh luach €2.94m de thobhaigh forbartha.
- Bhí barrachas €50,638 ann sa Bhuiséad Ioncaim sa bhliain 2021..


**Cuimsíonn comhaltas Chomhairle Chontae Chill Chainnigh**






# IONADAITHE
# TOFA

**ceithre chomhalta is fiche a thoghtar ar feadh théarma oifige cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i mí Bhealtaine 2019 agus is mar a leanas a bhí an comhaltas ar an 31 Nollaig 2021:**


| CALLAN – THOMASTOWN | |
|---|---|
|  | *Peadar de Cléir (FF) Achadh Choillteáin, Sceach an Mhaistín, Co. Chill Chainnigh* |
|  | *Deirdre Ní Chuilinn (FF)<br>Cill Rí,<br>Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Mait Ó Deoráin (FF) Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Chill Chainnigh* |
|  | *Micheál Ó Dúill (FG) Baile na Bearna, An Robhar, Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Seosamh Ó Laighin (FG) Na Bánta Buí,<br>Callainn,<br>Co. Chill Chainnigh* |
|  | *Pádraig Ó Néill (FG) Baile Thréidín, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.* |

| CAISLEÁN AN CHOMAIR | |
|---|---|
|  | *Seán Ó Braonáin (FG)<br>An Chruit,<br>An Chloch, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh* |
|  | *Máire Hilde Uí Chaomhánaigh (FG)<br>Balla an Fhaoitigh, Crois Phádraig, Via Duras,<br>Co. Chill Chainnigh* |
|  | *Micheál Ó Dubhshláine (FF)<br>Siopa an tSráidbhaile,<br>Tulach Ruáin,<br>Co. Chill Chainnigh* |
|  | *Páid Mac Giolla Pádraig (FF)<br>Cloch an Phúcaigh,<br>Baile an Phoill,<br>Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Donncha Ó hEidhin (SF)<br>Ballyellen,<br>An Droichead Nua,<br>Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Micheál Mac Cárthaigh (FF)<br>Sráid Buncrusha,<br>Achadh Úr,<br>Co. Chill Chainnigh.* |

## CATHAIR CHILL CHAINNIGH THIAR

| | |
|---|---|
|  | *Máirtín de Breit (FF)*<br>*Bóthar Challainn,*<br>*Cathair Chill Chainnigh* |
|  | *Seán Ó Cuanáin (FF)*<br>*17 Clós na Sailí,*<br>*Ardnore,*<br>*Cill Chainnigh* |
|  | *Máire Dollard (CG)*<br>*Vianore,*<br>*An Cnoc Glas,*<br>*Cill Chainnigh* |
|  | *Daithí Mac Gearailt (FG)*<br>*24 Sráid Phádraig,*<br>*Cill Chainnigh.* |
|  | *Seosamh Ó Maoileoin (FF) 11*<br>*Cnoc Mhairidin,*<br>*Bóthar Cheanannais,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Aindriú Mac Aonghusa (FF)*<br>*Oifig an Dáilcheantair,*<br>*Bóthar Uí Lachnáin,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Eoin Mac Aonghusa (NP)*<br>*40 Plás an Easpaig Birch,*<br>*Cill Chainnigh* |

## BAILE AN PHOILL

| | |
|---|---|
|  | *Éamann Aighleart (FF),*<br>*Ballynooney,*<br>*Muileann an Bhata,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Tomás Breathnach (Lucht Oibre),*<br>*Bóthar na Ceárta,*<br>*Narabane,*<br>*Cill Mhic Bhúith,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Fidelis Uí Dhochartaigh (FG),*<br>*Ballyfacey,*<br>*An Gleann Mór,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | *Páid Mac Donnchaidh (FG),*<br>*Baile Uí Ghuara,*<br>*Móin Choinn,*<br>*Co. Chill Chainnigh* |
|  | *Gearóid Mac Firbhisigh (FF)*<br>*Trian an Fhraoigh,*<br>*Sliabh Rua,*<br>*Co. Chill Chainnigh* |

# COISTÍ
# & FOCHOMHLACHTAÍ

### *An Grúpa Beartais Chorparáidigh*

Is é atá sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) ná coiste de chuid na Comhairle ina gcuimsítear Cathaoirleach na Comhairle agus Cathaoirleach gach ceann de na cúig Choiste Beartais Straitéisigh (CBS-anna).

Feidhmíonn an GBC mar ghrúpa a sholáthraíonn nasc idir réimsí oibre na CBS-anna éagsúla agus soláthraíonn sé fóram ina ndéantar plé faoi ítimí atá molta le haghaidh Cláir Oibre Chruinnithe na Comhairle agus faoi nithe a bhaineann le cúrsaí beartais.Ina theannta sin, déanann an GBC faireachán ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus tá ról tábhachtach aige maidir le próiseas an bhuiséid.

Tháinig an GBC le chéile 12 uair i rith na bliana 2021.

### *COISTÍ & FOCHOMHLACHTAÍ*

Tá dualgas dlíthiúil ar Údaráis Áitiúla Coistí áirithe a bhunú, amhail Coistí Beartais Straitéisigh. Tá údarás lánroghnach ag Údaráis Áitiúla Coistí eile a bhunú chun cabhrú leo le linn dóibh a róil mar Chomhaltaí Tofa a chur i bhfeidhm.

### *COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH*

Ghlac Comhairle Chontae Chill Chainnigh Scéim Coistí Beartais Straitéisigh ar an 16 Meán Fómhair 2019 le haghaidh na Comhairle nua-thofa don tréimhse ó 2019 go 2024.

Is é ról na gCoistí Beartais Straitéisigh (CBS-anna) cabhrú leis an gComhairle beartas a fhoirmliú, a fhorbairt agus a athbhreithniú.

Léiríonn comhdhéanamh na gcoistí príomhfheidhmeanna na Comhairle laistigh de chomhthéacs níos fairsinge, déantar iad a cheapadh i gcomhréir le méid, comhaltas agus acmhainní riaracháin na Comhairle agus bíonn an tríú cuid dá gcomhaltaí ionadaitheach d'earnálacha a bhaineann le hobair na gcoistí. Tugann na CBS-anna Comhaltaí Tofa agus daoine atá ag obair go gníomhach le comhlachtaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus comhshaoil le chéile chun beartais a bhaineann le seirbhísí na Comhairle a fhorbairt agus a athbhreithniú. Cuireann na CBS-anna tuairimí seachtracha ar fáil do na Comhaltaí Tofa nuair a bhíonn a ról straitéiseach á chur i bhfeidhm acu maidir le forbairt an údaráis áitiúil, lena n- áirítear a róil maidir le forbairt beartais agus formhaoirseacht laistigh den údarás áitiúil.

Is mar a leanas a bhí comhdhéanamh agus comhaltas foriomlán Choistí Beartais Straitéisigh Chomhairle Chontae Chill Chainnigh amhail ar an 31 Nollaig, 2021:

Is mar a leanas a bhí comhdhéanamh agus comhaltas foriomlán Choistí Beartais Straitéisigh Chomhairle Chontae Chill Chainnigh amhail ar an 31 Nollaig, 2020:

| CBS 1: Forbairt Eacnamaíochta, Tacaíocht Fiontraíochta & Forbairt Turasóireachta & Pleanála | |
|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [8]**<br><br>Seán Ó Cuanáin<br>Micheál Ó Dúill<br><br>Páid Mac Giolla Phádraig Gearóid Mac Firbhisigh Micheál Mac Cárthaigh Eoin Mac Aonghusa Máire Dollard<br>Pádraig Ó Néill | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [7]**<br><br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht: Liam Ó Caoimh [AFÉ]<br>Forbairt/Tógáil:Muireann Acreman [Comhlachas Tráchtála Éireann]<br>Gnó/Tráchtáil: Ceardchumann: Deirdre Uí Sheighin [Comhlachas Tráchtála Éireann]<br>UilechuimsitheachtShóisialta: Eibhlín Ní Maolmhuire [CCÉ]<br>Comhshaol/Caomhantas:Fióna Ní Néill [LCP]<br>Pobal/Deonach:Brian Hamaltún [LCP]<br>Pól Ó Bróithe [LCP] |

| CBS 2: Beartas Iompair/Bainistiú Soghluaisteachta & Seirbhísí Uisce | |
|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [8]**<br><br>Tomás Breathnach Peadar de Cléir<br>Deirdre Ní Chuilinn Micheál Ó Dubhshláine Fidelis Uí Dhochartaigh<br>Mait Ó Deoráin<br>Páid Mac Donnchaidh<br>Pádraig Ó Néill | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [7]**<br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht:Séamus Ó Maolchathail [AFÉ]<br>Gnó/Tráchtáil:Gary Ó Gréacháin [Comhlachas Tráchtála Éireann]<br>Forbairt/Tógáil:Barra Ó Loingsigh<br>[Comhlachas Tráchtála Éireann]<br>Ceardchumann:Gearóid Ó Maonaigh [CCÉ]<br>Pobal/Deonach:Gearóid Mac Fhearghusa [LCP] Uilechuimsitheacht Shóisialta: Eibhlín Uí Riain [LCP]<br>Comhshaol/Caomhantas:Ailín Ó Súilleabháin [LCP] |

| CBS 3: Tithíocht | |
|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [8]**<br><br>Éamann Aighleart<br><br>Máirín de Breit<br>Páid Mac Giolla Phádraig Donncha Ó hEidhin Seosamh Ó Laighin Aindriú Mac Aonghusa Eoin Mac Aonghusa<br>Seosamh Ó Maoileoir | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [6]**<br><br>Forbairt/Tógáil:Brian Mac Doinnléibhe<br>[Comhlachas Tráchtála Éireann]<br>Comhshaol/Caomhantas:Mags Morrissey [LRP] Pobal/Deonach:Seán de Búrca [LRP]<br>Uilechuimsitheacht Shóisialta:Lisa Uí Mhuiris [LRP]<br>Ceardchumann:Aoibheann Ní Mhuircheartaigh [CCÉ] |

| CBS 4: Cosaint an Chomhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide & Fuinneamh | |
|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [6]**<br><br>Máire Hilde Uí Chaomhánaigh<br>Deirdre Ní Chuilinn<br><br>Daithí Mac Gearailt<br><br>Donncha Ó hEidhin Seosamh Ó Laighin<br>Máire Dollard | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]**<br><br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht: Séamus Ó Murchú [AFÉ]<br>Forbairt/Tógáil:Seán Ó hUrthuile<br>[Comhlachas Tráchtála na hÉireann]<br>Gnó/Tráchtáil:Labhrás Ó Conraoi<br>[Comhlachas Tráchtála na hÉireann]<br>Pobal/Deonach:Nollaig Ó Donnchú [LRP]<br>Comhshaol/Caomhantas:Séam Mac Cathmhaoil [LRP] |

| CBS 5: Seirbhísí Pobail, Cultúir & Dóiteáin | |
|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [6]**<br><br>Tomás Breathnach<br>Seán Ó Braonáin<br>Máirtín de Breit<br>Peadar de Cléir<br>Seán Ó Cuanáin<br>Páid Mac Donnchaidh | **Members from External Sectors [5]**<br><br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht:Micheál de Rís [AFÉ]<br>Gnó/Tráchtáil:Cáit Puirséil<br>[Comhlachas Tráchtála Éireann]<br>Pobal/Deonach:Donncha Ó Bróithe [LRP] Uilechuimsitheacht Shóisialta:Máirtín Ó Braonáin [LRP] Ceardchumann:Fearghal de Chantún [CCÉ] |

# CRUINNITHE
# NA COMHAIRLE

Seolann an Chomhairle Gnáthchruinnithe ar bhonn míosúil. Seolann sí Cruinnithe Speisialta freisin chun a Buiséad Bliantúil a bhreithniú agus a ghlacadh. Is féidir leis an gComhairle an oiread cruinnithe a thionól agus a mheasann sí a bheith riachtanach chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh. De bharr shrianta COVID, seoladh roinnt cruinnithe reachtúla ar bhonn cianda nuair a bhí an reachtaíocht riachtanach i bhfeidhm chun a chumasú do na Comhaltaí cinntí a dhéanamh.

## CRUINNITHE IOMLÁNACHA CHOMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH

**An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021: 28 Gnáthchruinnithe Míosúla - 11, Ceardlanna - 8 & Cruinnithe Speisialta - 9**

- An Buiséad a Ghlacadh
- Ceathrú na Mainistreach agus Páirc Mhainistir San Proinsias
- Deontais Taitneamhachta 2021
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021
- Tuarascáil Bhliantúil 2021
- Deontais Frithbhruscair/Frithghraifítí 2021
- Cathaoirligh CBS-anna a cheapadh
- Deontais Ealaíon 2021
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchta 2021
- Saoráid Rótharraingthe Bainc don bhliain 2021
- Fodhlíthe – Rialú Capall & Corrthrádála
- Clár Caipitiúil 2021 – 2023 & Faisnéis uasdátaithe faoi Thionscadal i ngach Roinn
- Tuarascálacha Míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh
- Deontas Dreasachta i leith Íoc Rátaí Tráchtála 2021
- Deontais le haghaidh Imeachtaí Pobail
- Scéim Deontas Éire Ildánach 2021
- Dréacht-Phlean Forbartha don Chathair & don Chontae 2021
- Dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí
- Deais Eacnamaíochta
- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh
- An Scéim Deontais le haghaidh Imeachtaí
- Deontais le haghaidh Féilte 2021
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Chúrsaí Airgeadais
- An Scéim Deontais le haghaidh Reiligí 2021
- Beartas maidir le Gearradh Fálta
- Beartais Tithíochta
- Faisnéis Uasdátaithe faoi LAWPRO
- Plean Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach/Thigh na hInse
- Tuarascáil Bhliantúil an CFPÁ 2021
- An Plean Bainistíochta Bruscair
- Cáin Mhaoine Áitiúil
- An Beartas maidir le Lánpháirtiú Imirceach
- Séadchomharthaí & Leachtanna Cuimhneacháin
- Tuarascálacha Chuid 8 maidir le Tionscadail Éagsúla
- Iarratais Chuid 10
- Táscairí Feidhme 2019 & 2020
- Cur i Láthair ó Eirgid & ó Leathanbhanda Náisiúnta
- Beartas Bainistíochta na nEalaíon Poiblí
- Tionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí
- Clár na nOibreacha Bóthair 2021
- Comhaontuithe Alt 85 le hÚdaráis Áitiúla eile
- Diúscairtí Alt 183
- An Plean maidir le Soláthar Seirbhísí 2021
- Plean Freagartha i leith Drochaimsire & Tuilithe
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha
- Tuarascáil ar Iniúchadh Reachtúil
- Forbairtí maidir le Bonneagar Straitéiseach
- Glacadh faoi Chúram
- Ollscoil Teicneolaíochta Oirdheisceart na hÉireann
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Phaindéim Covid
- Tuarascáil maidir le Cáilíocht Uisce - GCC
- Plean Cothabhála Seirbhísí Geimhridh 2021-2022

# CRUINNITHE NA gCOISTÍ

## CRUINNITHE DE CHUID CHEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN CHOMAIR

**An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021:1 13 An líon Comhchruinnithe: 1 An Líon Toscaireachtaí a bhí ann: 0**

- Bearta maidir le Taisteal Gníomhach
- Pointí Ceangail Leathanbhanda (PCL-anna) agus Moil Cheangailte
- Droichead Coisithe Chaisleán an Chomair
- Fodhlíthe Corrthrádála 2021
- Athruithe ar an bpróiseas iarratais le haghaidh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta
- CLÁR
- Oibreacha Oiriúnúcháin agus Athléimneachta i leith Athrú Aeráide
- Cibear-Shábháilteacht
- Dath Glas ar Chill Chainnigh - #KILKENNYINGREEN
- An Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair 2021-2023
- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh
- Cosaint an Chomhshaoil
- Cosáin
- Leithroinnt Ginearálta Bardasach - Leithroinnt &
- Glacadh an Phlean Buiséid Bhardasaigh
- Eaglaisí agus Tailte Ghráinseach na Fearta & na Cloiche Mantaí
- Seiceálacha Sláinte – Baile Sheáin & Áth na nUrlainn
- Clár HD15
- Gearradh Fálta
- Soláthar Leathanbhanda Ardluais do Chaisleán an Chomair & d'Áth na nUrlainn & an Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- An Clár Caipitiúil Tithíochta
- Dumpáil Neamhdhleathach – Ionaid 'Fág Anseo, Salú ag Madraí &
- Ciontóirí a Ainmniú & a Náiriú
- Sábháilteacht Acomhail
- An Scéim Feabhsaithe Áitiúil & An Scéim Rannpháirtíochta Pobail
- Scéimeanna Ísealchostais Feabhsaithe Sábháilteachta
- Maoiniúchán do Choistí Forbartha Pobal Áitiúil (CFPÁ-anna)
- Scéim Deontais le haghaidh suíocháin allamuigh & gabhálas
- do Ghnóthaí Turasóireachta & Aíochta
- Soilsiúchán Poiblí
- Plean an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) don bhliain 2021
- Clár na nOibreacha Bóthair & Saincheisteanna a bhaineann le
- Bóithre
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha
- Saincheisteanna a bhaineann le Tiomáint Róthapa i mBailte & i
- Sráidbhailte
- Glanadh Sráideanna
- Stadanna Sár-Bhus
- Glacadh faoi Chúram
- Scéim na mBailte & na Sráidbhailte
- Cuir i Láthair maidir Croí-Thrácht
- Cáblaí Lastuas a Chur faoi Thalamh – Áth na nUrlainn
- Faisnéis uasdátaithe faoi Thionchair agus faoi Thacaíochtaí
- Phaindéim COVID
- Rialú Fiailí
- An Plean Cothabhála Seirbhísí Geimhridh 2021–2022
- & Oibreacha Leata Salainn

## CEANTAR BARDASACH CHALLAINN – BHAILE MHIC ANDÁIN

**An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021: 13 An Líon Toscaireachtaí a bhí ann: 0**

- Clár na nOibreacha Bóthair 2021 a Ghlacadh
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Chláir Oibreacha Bóthair & Saincheisteanna a bhaineann le Bóithre
- Srianta Covid Leibhéal 5: tionscadail neamhriachtanacha tógála agus innealtóireachta sibhialta a chur ar fionraí
- Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte - Bearta Luathaithe mar gheall ar Covid
- Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte
- Faisnéis Uasdátaithe maidir le Forbairt Tuaithe
- Maoiniúchán le haghaidh Forbairt Tuaithe i leith Bóithre
- Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta
- An Ciste Forbartha i leith Athghiniúint na Tuaithe & tionscadail a maoiníodh faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh
- An Scéim Deontas Caipitiúil i leith Saoráidí Pobail agus Cultúir
- Seiceálacha Sláinte i mbailte agus i sráidbhailte
- Scéim Deontas Éire Ildánach
- Plean oibre an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí 2021
- Cur i láthair tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach faoi aighneachtaí a fuarthas maidir le Plean Comhpháirteach Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach -Thigh na hInse agus faoi Leasuithe Ábhartha ar an bplean sin
- Tionscadail maidir le Turasóireacht Áineasa & Ceangailteacht
- Scéim Deontas le haghaidh Suíocháin Allamuigh & Gabhálas i leith réimse na Turasóireachta & Aíochta
- An Scéim Feabhsaithe Sráid-dreach
- Scéim Deontas le haghaidh Imeachtaí Beaga
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha
- An Cathaoirleach & an Leas-Chathaoirleach a thoghadh
- Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta/ Plean Buiséid Bhardasaigh a Ghlacadh
- Plean Cothabhála Geimhridh/Oibreacha Leata Salainn
- Srianta Covid Leibhéal 5 ar thionscadail tógála agus innealtóireachta sibhialta
- An Clár Trí Bliana Ilbhliantúil maidir le hAthbhunú/ Feabhsú a Ghlacadh
- Forbairtí tithíochta a Ghlacadh faoi Chúram
- Taisteal gníomhach & athrú aeráide
- Dumpáil neamhdhleathach & caitheamh bruscair, An Plean Bainistíochta Bruscair 2021-2023
- Gearradh fálta
- Rianta siúil oifigiúla, idir láithreach agus ionchasach
- Glasbhealach an Oirdheiscirt & naisc ionchasacha leis
- Saoráidí páirceála
- Acmhainneacht na turasóireachta áitiúla
- Forbairt sráidbhailte beaga
- Feirm ghaoithe Chaisleán an Bhainne
- Scéimeanna Faoisimh Tuile
- Pointí Ceangail Leathanbhanda
- Maoiniúchán faoin nglao i leith Moil Cheangailte
- Sruthanna maoiniúcháin atá ar fáil
- Córas Aon Treo Challainn/An Fearann Poiblí agus Lána na Leac
- Seachród Challainn
- Athbhreithniú na bliana 2021 ar Luasteorainneacha
- Abhainn Rí, Callainn
- Saincheisteanna a bhaineann le Tiomáint Róthapa
- Araidí dlúthúcháin agus Araidí painéil gréine
- Sceideal na gCruinnithe Ceantair Bhardasaigh
- Plean Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach -Thigh na hInse
- Láthair na Mainistreach, Callainn
- Cur i Láthair maidir le Glasbhealach an Oirdheiscirt
- Oibreacha siltin
- Oibreacha Feabhsaithe ar Obair Athbhunaithe
- Oibreacha Cothabhála ar Obair Athbhunaithe
- Oibreacha Glanta Droichead
- Reiligí
- Scáthláin Bhus Fíorama i gCallainn & i gCill Lamraí
- Ciste Thionscnamh na mBailte Stairiúla - Eaglais Mhuire, Callainn
- Cosáin
- Tionscadail CLÁR
- Scéimeanna Ísealchostais Feabhsaithe Sábháilteachta
- Soilsiúchán Poiblí
- Comharthaíocht treo agus bóthair
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair
- Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil
- Seirbhísí baincéireachta i mbailte Contae
- Saincheisteanna a bhaineann le Sábháilteacht ar Bhóithre

## CEANTAR BARDASACH CHALLAINN – BHAILE MHIC ANDÁIN

**An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021: 13 An Líon Toscaireachtaí a bhí ann: 0**

- Dréacht-Sceideal na nOibreacha Bardasacha, lena n-áirítear Dréacht-Scéim na nOibreacha Bóthair, a Ghlacadh
- Glacadh plean an Bhuiséid Bhardasaigh don bhliain 2022
- Fodhlíthe Corrthrádála
- Plean Forbartha na Cathrach agus an Chontae 2021 - 2027
- Méara agus Leas-Mhéara a thoghadh
- Cosáin - clár maoiniúcháin 5 bliana
- Críochnú agus uasghrádú cosán ar fud na Cathrach
- Faisnéis uasdátaithe faoi chúrsaí Tithíochta agus Pleanála
- Córas Aon Treo i gCathair Cathair Chill Chainnigh - Scaradh sóisialta
- Bóithre - Faisnéis Uasdátaithe Mhíosúil
- Sábháilteacht Bhóthair ag Mór-Acomhail
- Scéim na nOibreacha Bóthair 2021
- Tuarascáil faoin Trácht ar Shráid Phádraig Uachtarach
- Soilsiú na Cathrach
- Comóradh Chothrom 100 Bliain Luíochán Shráid na Mainistreach
- Staidéar ar Rothaíocht i gCill Chainnigh
- Fodhlíthe Corrthrádála
- An Plean Bainistíochta Bruscair 2021-2023
- Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair Cheantar Bhardasach Chathair Chill Chainnigh 2021
- Balla Colmlainne Beartaithe i Reilig Naomh Ciarán (Réamh-Chuid 8)
- Taisteal Cliste ÚNI/CAFU
- Cur i Láthair - Cois na Feoire
- Forléargas ar Phointí Ceangail Leathanbhanda Breise
- Forbairt Tithíochta Straitéisí i mBaile Mháiréide (115 Aonad)
- Maoiniúchán le haghaidh Oiriúnú/Athléimneachta i leith Athrú Aeráide (DTAS)
- Ciste an Bhonneagair Bhreise Allamuigh (ÚNI)
- Limistéar Beartaithe Chuid 8 le haghaidh Taibhiúcháin Allamuigh
- Máistirphlean Champas Naomh Cainneach - Cur i Láthair
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha
- Clár 3 Bliana le haghaidh Bóithre
- Línte Teorann & Geataí Chathair Chill Chainnigh
- Iarratas maidir le Forbairt Tithíochta i leith Ghleann na Bréagaí

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH BHAILE AN PHOILL

**(lena n-áirítear Comhchruinniú le CCCPL) An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021: 15**

- Cathaoirleach & Leas-Chathaoirleach a thoghadh
- Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta/ Plean Buiséid Bhardasaigh a Ghlacadh
- Scéim na nOibreacha Bóthair a Ghlacadh
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Chláir Oibreacha Bóthair & Saincheisteanna Gaolmhara
- Clár Cothabhála Geimhridh/Oibreacha Leata Salainn
- Forbairtí a Ghlacadh faoi Chúram
- Eastáit Neamhchríochnaithe
- Glasbhealach an Oirdheiscirt, lena n-áirítear Glasbhealach Chill Chainnigh
- Stad Bus & Droichead Meáite an Ghleanna Mhóir
- Scéim an N25 ón nGleann Mór go Port Láirge
- Scéim an N24 ó Phort Láirge go dtí an Chathair
- Scéim an N24 ar Bhóthar na Carraige
- Scéim Feabhsaithe an N24 ar Bhóthar an Túir
- Crios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh
- Cruinnithe le BIÉ – Saincheisteanna a bhaineann le Sábháilteacht ar Bhóithre
- An Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair 2021-2023
- An Glasbhealach ó Ros Láir go Port Láirge
- Forbairt Fheirm Ghaoithe Chaisleán an Bhainne
- Plean Oibre LRP don bhliain 2021
- Buachalán / Feabhrán a chóireáil
- Athbhreithniú ar Theorainneacha
- Ollscoil Teicneolaíochta Oirdheisceart na hÉireann
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Ionad Siopadóireachta Phort an Chalaidh
- Uisce Éireann – Cur Isteach ar Sholáthar CB Bhaile an Phoill
- Láithreáin Thréigthe – Tionscnamh na dTithe Folmha
- Eas Pholl an Easa
- Scéim Feabhsaithe Áitiúil
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair
- Saincheisteanna a bhaineann le Tiomáint Róthapa i CB Bhaile an Phoill
- Eirgrid – Todhchaí ár Leictreachais a Mhúnlú
- Alt 70 d'Acht na mBóithre – Gearradh Fálta /Crainn Tharchrochta
- Criosanna Dícharbónúcháin – An Plean maidir le hAthrú Aeráide – Oiliúint Cheannaireachta
- An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte agus Moil Cheangailte 2021
- Tionscnamh Frithdhumpála
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha 2021
- Fodhlíthe Corrthrádála
- Faisnéis Uasdátaithe faoin gClár Tithíochta
- Rochtain ar Chaisleán na Greanaí
- Athbhreithniú ar Scéim Sábháilteachta Scoileanna an Chontae
- Plean Straitéiseach an Limistéir Bhardasaigh
- Togra maidir le Liathbhealach – an R723 sa Ghleann Mór
- Timpeallán ar an mbóthar go Ros Mhic Thriúin
- Bearta maidir le Taisteal Gníomhach
- Páirc Abhainn an Phoill i mBaile an Phoill
- Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta
- Cumarsáid - faisnéis a chomhroinnt ar ardáin Mheáin Shóisialta
- Athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh - Belview

# COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA
# CHILL CHAINNIGH

**Tá Comhchoiste Póilíneachta bunaithe ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh de réir Acht an Gharda Síochána, 2005**

## *COMHALTAÍ CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHILL CHAINNIGH*

| |
|---|
| An Clr. Máirtín de Breit, Bóthar Challainn, Cill Chainnigh. |
| An Clr. Deirdre Cullen, Cill Rí, Droichead Binéid, Co. Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Páid Mac Donnchaidh, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Micheál Ó Dubhshláine, Tulach Ruáin, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Tomas Breathnach, Bóthar na Ceárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Donncha Ó hAodha, Ballyellen, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Seosamh Ó Laighin, na Bánta Buí, Callainn, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Pádraig Ó Néill, Hillview, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Micheál Ó Dúill, Baile na Bearna, an Robhar, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Maidhc Ó Cárthaigh, Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Seosamh Ó Maoileoin, 11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheanannais, Co. Chill Chainnigh. |
| An Clr. Aindriú Mac Aonghusa, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh. |
| An Príomh-Cheannfort Pádraig Ó Doinn, Stáisiún Garda Phort Láirge. |
| An Príomh-Cheannfort Deiric Ó hAodha, Stáisiún Garda Chill Chainnigh. |
| An Príomh-Cheannfort Colin Furlong, Stáisiún Garda Bhaile Mhic Andáin, Chill Chainnigh. |
| An Bleachtaire Cigire Seán Ó Meára, Stáisiún Garda Bhaile Chill Chainnigh. |
| An Teachta Sinéad Ní Mhurnáin Uí Chonchúir, An Ghráig Co. Cheatharlach. |
| An Teachta Caitlín Funchion, An 3ú hUrlár, An tSráid Nua Íochtarach, Cill Chainnigh. |
| An Teachta Seán Mac Aonghusa, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh. |
| An Teachta Seán Ó Faoláin, 25 Sráid an Mhargaidh, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh. |
| An Teachta Maolcholaim Ó Nuanáin, Céide Choill an Chéadrais, An Loch Buí, Cill Chainnigh. |
| Somhairle Ó Muireagáin, LRP, Cill Chainnigh. |
| Helena de Paor, LRP, Cill Chainnigh. |
| Gearóid Ó Fearghuis, LRP, Cill Chainnigh. |
| Muireann Acremon, Comhlachais Tráchtála Chill Chainnigh. |
| Antóin Ó Muireasáin, Cumann na bhFíoncheannaithe. |



**An Cathaoirleach:**
Clr. Pádraig Mac Giolla Pádraig, Cloch an Phúcaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.

***AN LÍON CRUINNITHE:***
4 CHRUINNIÚ COISTE
(A SEOLADH GO CIANDA)

***CRUINNIÚ POIBLÍ:***
CEANN AR BITH MAR GHEALL AR SHRIANTA COVID

**Achoimre ar na saincheisteanna a pléadh sa bhliain 2021:**

- Cruinniú Bliantúil 2020
- An Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta 2020 - 2025
- Staitisticí Coireachta, Maoirseacht ag na Gardaí, Trácht agus Sábháilteacht ar Bhóithre
- Dréacht-Chlár Oibreacha 2021
- Faisnéis Uasdátaithe maidir le CCTV i gCathair Chinn Chainnigh
- Gradaim Náisiúnta do Dhaoine Óga 2021
- Calaois Ar Líne & Cibear-Shlándáil
- Cur i Láthair ó Chroí-Thrácht
- Téacs-Fholáireamh Tacsaí
- Faisnéis Uasdátaithe faoin Athbhreithniú ar Luasteorainneacha

# OILIÚINT & CAITEACHAIS NA GCHOMHALTAÍ 2021

## OILIÚINT CHOMHALTAÍ 2021

| DÁTA | COMHDHÁIL | SUÍOMH | COMHAIRLEOIR | TÁILLÍ | CAITEACHAIS | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12-13 Lúnasa | ARÁÉ – Tuarascáil Moorhead | Corcaigh | Deirdre Ní Chuillinn | | €263.27 | €263.27 |
| 16 Meán Fómhair | ARÁÉ – Trá Lí | Ciarraí | Peadar de Cléir, Micheál Ó Dubhshláine, Micheál Ó Cárthaigh, Mait Ó Deoráin, Aindriú Mac Aonghusa, Seosamh Ó Maoileoin, Seán Ó Braonáin,Pádraig Ó Néill | €520.00 | €2,177.22 | €2,697.22 |
| 18 Meán Fómhair | Clár Oiliúna ARÁÉ - Modúl 1 | Port Láirge | Páid Mac Donnchaidh | €65.00 | €9.57 | €74.57 |
| 24 -26 Meán Fómhair | Comhdháil Ceilteach – Sláinte agus Sábháilteacht san Áit Oibre | Corcaigh | Peadar de Cléir | €100.00 | | €100.00 |
| 1- 3 Deireadh Fómhair | Comhdháil Ceilteach – Scéim an Mhargaidh Chóir | Lú | Seosamh Ó Maoileoin, Máire Hilde Mhic Caomhánaigh, Micheál Ó Dubhshláine, Aindriú Mac Aonghusa | €400.00 | €1,996.06 | €2,396.06 |
| 2 Deireadh Fómhair | Clár Oiliúna ARÁÉ – Modúl 1 | Sligeach | Páid Mac Giolla Phádraig, Seán Ó Cuanáin | €130.00 | €818.31 | €948.31 |
| 5 Deireadh Fómhair | Clár Oiliúna ARÁÉ – Modúl 1 | Tiobraid Árann | Éamann Aighleart, Máire Dollard | €130.00 | €110.17 | €240.17 |
| 8 -10 Deireadh Fómhair | Comhdháil Cheilteach – Meabhairshláinte & Folláine | Corcaigh | Deirdre Ní Chuillinn, Máire Hilde Mhic Caomhánaigh, Donncha Ó hEidhin, Seán Ó Braonáin, Aindriú Mac Aonghusa, Micheál Ó Dubhshláine | €600.00 | €2,120.35 | €2,720.35 |
| 15 - 17 Deireadh Fómhair | Comhdháil Cheilteach – Treoir Phraiticiúil don Bhuiséad | Corcaigh | Éamann Aighleart, Deirdre Ní Chuilinn | €200.00 | €881.39 | €1,081.39 |
| 29 -31 Deireadh Fómhair | Comhdháil Cheilteach – Tithíocht do Chách | Lú | Máire Hilde Mhic Caomhánaigh, Micheál Ó Dúill | €200.00 | €696.30 | €896.30 |
| 3 - 4 Samhain | Oiliúint Fómhair CCÚÁ | Sligeach | Deirdre Ní Chuilinn, Donncha Ó hEidhin, Eoin Mac Aonghusa, Éamann Aighleart, Gearóid Mac Firbhisigh, Aindriú Mac Aonghusa, Micheál Ó Dubhshláine, Peadar de Cléir, Mait Ó Deoráin, Micheál Ó Dúill, Pádraig Ó Néill, Páid Mac Giolla Phádraig, Micheál Ó Cárthaigh, Seosamh Ó Maoileoin, Seán Ó Cuanáin, Páid Mac Donnchaidh, Máirtín de Breit | €2,550.00 | €7,688.70 | €10,238.70 |
| 6 Samhain | ARÁÉ - Meabhairshláinte | Gaillimh | Mait Ó Deoráin, Peadar de Cléir, Micheál Ó Cárthaigh | €195.00 | €993.40 | €1,188.40 |
| 10 Samhain | ARÁÉ - Meabhairshláinte | Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh | Páid Mac Donnchaidh, Seán Ó Cuanáin, Máire Dollard, Fidelis Uí Dhochartaigh, Tomás Breathnach, Éamann Aighleart, Gearóid Mac Firbhisigh, Aindriú Mac Aonghusa, Páid Mac Giolla Phádraig, Seosamh Ó Maoileoin, Seán Ó Braonáin | €715.00 | €330.16 | €1,045.16 |
| 3 -5 Nollaig | Comhdháil Cheilteach - Meabhairshláinte agus Folláine | Lú | Gearóid Mac Firbhisigh, Micheál Ó Cárthaigh, Mait Ó Deoráin | €300.00 | €1,027.06 | €1,327.06 |
| | | | IOMLÁN | €6,105.00 | €19,111.96 | €25,216.96 |

# OILIÚINT & LE COMHALTAÍ TOFA SA BHLIAIN 2021 2021

## ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ TOFA SA BHLIAIN 2021

| An Comhairleoir | An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | Tuarastail (Inchánach) | Liúntas | Caiteachais Dearbhaithe | Cathaoirleach | Leas-Chathaoirleach | Cathaoirleach Ceantair Bhardasaigh | Liúntas Cathaoirligh CBS | Fón Póca | IOMLÁN | Caiteachais a d'íoc Comhlachtaí Seachtracha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Clr. Seán Ó Braonáin | 40 as 41 | €21,994.19 | €4,461.72 | | | | | €3,000.00 | €254.87 | €29,710.78 | € 2,388.16 |
| An Clr. Máire Hilda Mhic Caomhánaigh | 43 as 46 | €22,362.00 | €5,318.17 | | | | | €3,000.00 | €114.10 | €30,794.27 | € 395.02 |
| An Clr. Páid Mac Giolla Phádraig | 39 as 43 | €22,335.17 | €3,554.47 | | | | €3,180.30 | | €244.50 | €29,314.44 | € 4,434.41 |
| An Clr. Micheál Ó Cártaigh | 40 as 42 | €21,673.38 | €4,089.28 | | | €2,135.53 | €2,897.75 | | €116.08 | €30,912.02 | € - |
| An Clr. Micheál Ó Dubhshláine | 32 as 37 | €22,362.00 | €4,045.31 | | | | | | €110.58 | €26,517.89 | € - |
| An Clr. Donncha Ó hEidhin | 35 as 43 | €22,362.00 | €4,198.53 | | | | | | €63.46 | €26,623.99 | € - |
| An Clr. Peadar 'Chap' de Cléir | 32 as 38 | €21,673.38 | €4,359.73 | €2,714.00 | | | €2,713.76 | | €0.00 | €31,460.87 | € 1,030.02 |
| An Clr. Mait Ó Deoráin | 43 as 45 | €22,362.00 | €4,964.58 | | | | | €6,049.28 | €0.00 | €33,375.86 | € - |
| An Clr. Micheál Ó Dúill | 35 as 38 | €21,964.03 | €5,184.21 | | | | €3,364.29 | | €124.42 | €30,636.95 | € - |
| An Clr. Pádraig Ó Néill | 31 as 41 | €22,017.69 | €4,035.23 | | | | | | €220.75 | €26,273.67 | € 1,552.63 |
| An Clr. Deirdre Ní Chuilinn | 40 as 41 | €22,362.00 | €4,046.79 | | | | | | €56.53 | €26,465.32 | € - |
| An Clr. Seosamh Ó Laighin | 43 as 47 | €22,362.00 | €3,962.90 | | | | | | €78.86 | €26,403.76 | € - |
| An Clr. Daithí Mac Gearailt | 36 as 40 | €22,362.00 | €4,270.97 | | | | | €3,049.28 | €0.00 | €29,682.25 | € - |
| An Clr. Seosamh Ó Maoileoin | 48 as 51 | €22,362.00 | €3,827.44 | | | | | €6,049.28 | €74.83 | €32,313.55 | € 2,797.96 |
| An Clr. Aindriú Mac Aonghusa | 49 as 51 | €22,312.17 | €3,014.71 | | €9,582.50 | | €5,366.20 | | €0.00 | €40,275.58 | € 4,802.20 |
| An Clr. Máirtín de Breit | 50 as 51 | €22,017.69 | €4,228.76 | | | €1,916.50 | | | €222.07 | €28,385.02 | € - |
| An Clr. Seán Ó Cuanáin | 35 as 42 | €22,017.69 | €3,897.66 | | | | €4,599.60 | | €55.04 | €30,569.99 | € - |
| An Clr. Eoghan Mac Aonghusa | 38 as 39 | €22,362.00 | €3,853.11 | | | | | | €71.76 | €26,286.87 | € - |
| An Clr. Éamann Aighleart | 30 as 35 | €21,673.38 | €5,455.57 | | | | €2,598.78 | | €0.00 | €29,727.73 | € 1,089.54 |
| An Clr. Tomás Breathnach | 57 as 58 | €22,362.00 | €5,747.69 | | | | | | €109.38 | €28,219.07 | € - |
| An Clr. Fidelis Uí Dhochartaigh | 41 as 43 | €22,017.69 | €5,675.73 | | €10,677.64 | | | | €148.81 | €38,519.87 | € 7,441.74 |
| An Clr. Páid Mac Donnchaidh | 47 as 48 | €22,289.17 | €6,387.98 | | | | €3,479.27 | €3,049.28 | €134.97 | €35,340.67 | € - |
| An Clr. Gearóid Mac Firbhisigh | 41 as 46 | €21,362.02 | €6,358.78 | | | | | €6,049.28 | €144.04 | €33,914.12 | € 5,604.22 |
| An Clr. Máire Dollard | 38 as 41 | €22,362.00 | €4,093.31 | | | | | | €109.38 | €26,564.69 | € - |
| IOMLÁIN | | €531,329.65 | €109,032.63 | €2,714.00 | €20,260.14 | €4,052.03 | €28,199.95 | €30,246.40 | €2,454.43 | €728,289.23 | |

# ÓCÁIDÍ
# & IMEACHTAÍ CATHARTHA 2020

## *FÉILE NAOMH PADRAIG I GCILL CHAINNIGH*



Mainistir San Proinsias, Ceathrú na Mainistreach agus Ardeaglais Naomh Cainneach.

Sa bhliain 2021, b'éigean dúinn déileáil le Féile Naomh Pádraig ar bhealach beagáinín difriúil agus cheapamar clár imeachtaí a bhféadfadh daoine taitneamh a bhaint astu le linn fanacht sa bhaile ar mhaithe lenár bpobal a choimeád slán. Reáchtáladh Féile Naomh Pádraig ar bhonn cianda i gCill Chainnigh den chéad uair agus ba í Evanne Ní Chuilinn, duine de bhunadh Chill Chainnigh agus Láithreoir Spóirt agus Nuachta RTÉ, a d'óstáil an t-imeacht.

Le linn imeachtaí roimh Lá Fhéile Pádraig, spreagadh do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus i ngach cearn den phobal a bheith páirteach sa cheiliúradh.

Chuir tionscnaimh amhail "An Mhór-Chniotáil" agus "Paráid na hEagna" dóthain deiseanna ar fáil do theaghlaigh chun iad a choimeád gnóthach agus, ag an am céanna bhí sceitimíní ar dhaoine mar gheall ar fheachtas "#kilkennyingreen" a mhéid a bhain leis na príomhimeachtaí ar Lá Fhéile Pádraig.
Choimeádamar gach duine ar an eolas faoi imeachtaí a bhí le bheith ann trí bhíthin ár láithreáin gréasáin, trí bhíthin ár n-ardán meán sóisialta, trí bhíthin haischlib "#kilkennyingreen" agus trí bhíthin na meán áitiúil.

Cuireadh tús le gníomhaíochtaí Fhéile Pádraig "go cianda" ar láithreán gréasáin/chainéil YouTube Fhéile Naomh Pádraig Dé Máirt, an 16 Márta, nuair a bhí ceolchoirm speisialta ann ar lena linn a chualathas Ceol Traidisiúnta na hÉireann a chuir ceoltóirí as ceithre chúige na hÉireann, as an Ríocht Aontaithe agus as Stáit Aontaithe Mheiriceá i láthair. Le linn Lá Fhéile Pádraig, bhí uair an chloig d'ábhar ar fáil i rith na maidine chun na leanaí a choimeád gnóthach agus, ina dhiaidh sin, bhí paráid fhíorúil a mhair 105 nóiméad ann agus saoránaigh agus diaspóra Chill Chainnigh le feiceáil lena linn agus, chomh maith leis sin, bhí réaltaí reatha na beochana le feiceáil lena linn, is é sin le rá, Cartoon Saloon ainnmíodh le haghaidh Ghradaim Oscar agus Golden Globe, mar aon lena gcomhghleacaithe, Kila, agus iad go léir i mbun




Lainseáil 'Lá Chill Chainnigh' ag Cathaoirleach Chomhaire Chontae Chill Chainnigh, an Comhairleoir Fidelis Uí Dhochartaigh.

ceiliúradh bríomhar ar tháipéis ealaíonta agus stairiúil Chill Chainnigh - idir ghnéithe ársa agus ghnéithe na táipéise sin. Chun an fhéile a dhúnadh, bhí tráthnóna ceoil thraidisiúnta ann.

## *LÁ CHILL CHAINNIGH*

'Is é atá i 'Lá Chill Chainnigh' ná deis a bheith ann don ghnáthphobal a bheith páirteach i gceiliúradh nua iontach ar gach ní a bhaineann le Cill Chainnigh - éagsúlacht ár bpobail áitiúil agus ár bpobail nua, saibhreas ár n-oidhreachta cultúir agus, chomh maith leis sin, ár gcruthaitheacht ilchineálach agus ár sármhaitheas spóirt. Is é sin, gach ní a fhágann gurb ionann Cill Chainnigh agus áit an-speisialta le bheith ann. Ba é seo an dara huair a bhí Lá Chill Chainnigh ann ar fud an Chontae, agus imeachtaí ar siúl lena linn a d'oir go gach aoisghrúpa agus do gach ábhar spéise. Bhí ceol beo, margadh bia agus ceardaíochta, ceardlannna leanaí, gan trácht ar chuid mhór rudaí eile, ar siúl lena linn.

Bhí an ceiliúradh oscailte do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí agus spreagadh do gach uile dhuine scrúdú a dhéanamh, agus taithí a fháil, ar gach ní atá á thairiscint i gCill Chainnigh. Chun tús a chur le gníomhaíochtaí 'Lá Chill Chainnigh' sa bhliain 2021, bhí cuireadh dhá thaispeáint an-speisialta de 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre' ar siúl i dtailte Chaisleán Chill Chainnigh. Ainmníodh 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre' le haghaidh an Mhórscannáin Is Fearr le linn na nGradam Oscar 2021 agus ba iad na Stiúrthóirí Pól Ó hÓgáin agus Ros Stíobhard.

Ainmníodh 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre' le haghaidh an Mhórscannáin Is Fearr le linn na nGradam Oscar 2021 agus ba iad na Stiúrthóirí Pól Ó hÓgáin agus Ros Stíobhard.

Ar 'Lá Chill Chainnigh', bhí dhá Cheolchoirm Bheo Áitiúla ann freisin chun ceoltóirí gairmiúla áitiúla de chuid Chill Chainnigh

agus ar cheoltóirí de chuid Chill Chainnigh a bhí ag teacht chun cinn cheiliúradh i bPáirc an Chaisleáin. Ba iad sin na himeachtaí deiridh de chuid an lae agus, i measc na n- imeachtaí sin, i gclár shraith an chláir 'taibhiúcháin bheo' ina raibh sraith 'Fuaimeanna Mheán Fómhair ar maoinigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán í.

Gné speisialta de'fhéile 2021 ab ea imeacht 'Pobal S'Agatsa Comhairle S'Agatsa' ar lena linn a bhí deis ag daoine den phobal bualadh le clubanna agus eagraíochtaí áitiúla agus foghlaim faoi thionscnaimh de chuid na Comhairle.




Stainníní Pobail Ambasadóirí Fáiltithe Thurasóireacht Chill Chainnigh

Ar Lá Chill Chainnigh bhí limistéar 'bualadh isteach agus fáiltiú' ann in aice leis an margadh ar an bParáid chomh maith le ceardlanna agus taispeántais ar Chearnóg na Canálach agus seisiúin de chineál níos oscailte ar fud an Chontae. D'iarramar ar dhaoine a gcuid sainéadaí Chill Chainnigh a chaitheamh go bródúil.

## YULEFEST KILKENNY

Bhunaigh Comhairle Chill Chainnigh Féile Nollag Chill Chainnigh den chéad uair sa bhliain 2016 chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar cheann scríbe i rith thréimhse na Nollag do mhuintir na háite agus do chuairteoirí agus mar imeacht a mbeadh daoine in ann taitneamh a bhaint as.






Príomhghné de chuid Fhéile Nollag Chill Chainnigh is ea an idircheangailte phobail a léirítear lena linn. Bhí tréimhse na Nollag 2020 an-éagsúil le cinn eile roimhe sin i gcás gach uile dhuine agus níorbh aon eisceacht é Féile Nollag Chill Chainnigh sa mhéid gur reáchtáladh cuid mhór dá bhFéile ar bhonn fíorúil. Ach ní féile fhíorúil a bhí i gcéis le Féile 2021 agus bhaineamar go léir taitneamh as gach rud a bhí ann lena linn ach sinn ag cuimhneamh ar an ngá le gach duine a choimeád slán i rith thréimhse na Nollag..

Tháinig Daidí na Nollag go Cathair Chill Chainnigh ar bord báid ar an bhFeoir Dé Sathairn, an 27 Samhain, 2021, chun Féile na Nollag 2021 - An Nollaig i gCill Chainnigh - a lainseáil. D'iompair an lucht Cosanta Sibhialta go sábháilte é agus bád lán de Dhrágún-Chéaslóirí ar gach taobh dá bhád mar aon le líne fhada canúálaithe agus cadhcóirí ina diaidh. Nuair a tháinig sé go dtí Cearnóg na Canálach chuir an lucht féachana a bhí ag tnúth go mór lena fheiceáil. Tar éis dó teacht i dtír go sábháilte chuaigh sé ar thuras tríd an gCathair ar rothar in éineacht lena chuid lucharachán agus leis na leanaí. Ghlac os cionn 300 duine páirt in éiceathuras Dhaidí na Nollag tríd an gCathair agus bhí rothair, scútair, agus bréagtharracóir fiú, le feiceáil le linn an turais!







Oscailt Oifigiúil an Ghairdín Cois Abhann agus na Páirce Scátála – 9 Meitheamh, 2021





Toghadh Chathaoireach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh don bhliain 2021-2022 An Clr. Fidelis Uí Dhochartaigh

Comóradh ar Luíochán Shráid na Mainistreach sa bhliain 1921



Toghadh an Clr. Aindriú Mac Aonghusa mar Mhéara CHeantar Bardasach Chill Chainnigh don tréimhse 2021/2022



Athlainseáil na Seomraí Tae i gCoill Chluain Dúin



Searmanas Réigiúnach an Lae Náisiúnta Comórtha a seoladh i mí Iúil 2021



Athlainseáil na Seomraí Tae i gCoill Chluain Dúin



Ainmíodh Cill Chainnigh mar Chathair agus Réigiún Ceardaíochta de chuid na Comhairle Ceardaíochta Domhanda agus tá sí I measc na gceithre Réigiún san Eoraip a bhfuil an t-aitheantas sin faighte acu.



Oscailt Oifigiúil an Ghairdín Cois Abhann agus na Páirce Scátála – 9 Meitheamh, 2021




Lainseáil Chlos-Treoir Ghráig na Manach




Lainseáil Lá Chill Chainnigh agus shraith Fhuaimeanna Mheán Fómhair




D'oscail an tAire Dara Ó Briain Tionscadail Chaipitil Tithíochta & LIHAF i gCill Chainnigh



An tAire Ó Briain agus é ar cuairt ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach, i gCathair Chill Chainnigh



Eastát Tithíochta na Gléibe, Caisleán an Chomair



An tAire Ó Briain ag oscailt Chéim 1 de Scéim Bonneagair Iarthar Chill Chainnigh (LIHAF)






RESPOND Housing Estate at Margaretsfield, Kilkenny








Maoiniúchán á fhógairt le haghaidh leabharlann nua ar láithreán Halla Damhsa i Mayfair i gCathair Chill Chainnigh

Scéim Feabhsaithe Shiúláin Victeoireacha Chluain Dúin




Limistéar Áineasa Pobail Bhaile Mhic Andáin

# **STRUCHTÚR** BAINISTÍOCHTA

| SEO A LEANAS STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA CHOMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH: | |
|---|---|
|  | ***Colette Uí Bhroinn***<br>***Príomhfheidhmeannach*** |
|  | ***Tadhg de Buitléir***<br>***Stiúrthóir Seirbhísí***<br>Cúrsaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Bóithre & Iompar, Seirbhísí Uisce, Cumarsáid, Sláinte & Sábháilteacht<br>Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh |
|  | ***Seán Mac Eoghain***<br>***Stiúrthóir Seirbhísí***<br>Pleanáil, Comhshaol, Rialú Foirgníochta, Páirceanna, OFÁ/ Forbairt Eacnamaíochta, Margú Turasóireachta & Seirbhísí Tréidliachta ***Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill*** |
|  | ***Máire S. Uí Mhaolchallann***<br>***Stiúrthóir Seirbhísí***<br>Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Leabharlainne, Ealaíon, Oidhreachta, Dóiteáin<br>Ceantar Bardasach Challainn - Bhaile Mhic Andái***n*** |
|  | ***Máirtín Prionnbhíol***<br>***Ceann Airgeadais***<br>Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Bainistiú Saoráidí, Earraí & Seirbhísí a Fháil & Tionscadail Speisialta Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair |

# **DIRECTORATE OF** CORPORATE & INFRASTRUCTURE


**Stiúrthóir Seirbhísí: Mr. Tadhg de Buitléir**



# **SEIRBHÍSÍ** CORPARÁIDEACHA

## *CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ*

Déantar Clár Bliantúil na dToghthóirí a fhoilsiú ar an 15 Feabhra gach bliain. Is liosta é sin de gach duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn, a bhfuil cónaí orthu sa Stát agus atá i dteideal vótáil sna toghcháin seo a leanas:
Toghcháin Áitiúla (Comhairle Chontae),
Olltoghcháin (Dáil Éireann),
Toghcháin Eorpacha (Parlaimint AE),
Toghcháin Uachtaráin,
Reifrinn.




**Ba é a bhí sa líon iomlán daoine ar an gClár ar an 31 Nollaig 2021 ná 72,987.**

Is féidir le haon duine den phobal seiceáil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo a leanas lena fháil amach an bhfuil siad luaite sa chlár: www.checktheregister.ie, nó is féidir leo teagmháil a dhéanamh le Roinn Seirbhísí Corparáideacha na Comhairle.

Bíonn an Clár ar fáil i Leabharlanna i bPostoifigí, agus i Stáisiúin an Gharda Síochána.

## *CÚRAM CUSTAIMÉARA*

Tá an Chomhairle tiomanta i leith seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí go léir. Tá an tslí ina bhféachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le déileáil lena custaiméirí leagtha amach i gCairt Chustaiméara Chomhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Tá an doiciméad sin ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.kilkennycoco.ie.

Tá gealltanas ann sa Chairt sin i leith comhionannais le linn seirbhísí a sholáthar agus tugtar aitheantas inti d'éagsúlacht an phobail a bhfónaimid dó. Tá Nós Imeachta Gearáin leagtha amach sa Chairt agus is féidir le haon duine nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse a fuarthas leas a bhaint as.

Déanann Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin na Seirbhísí Corparáideacha imscrúdú faoi gach gearán/tuairim a fhaightear.

I gcás nach bhfuil duine sásta leis an bhfreagra a thugann an tOifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin a iarraidh go ndéanfaidh Stiúrthóir Seirbhísí na Seirbhísí Corparáideacha an cás a bhreithniú arís.

Sa bhliain 2021, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 16 ghearán fhoirmiúla ó chustaiméirí.

## *AN TOMBUDSMAN*

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoin Acht Ombudsman, 1980. Is é ról an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh faoi ghearáin i dtaobh gníomhartha, moilleanna nó neamhghníomh riaracháin a dhéanann difear dochrach do dhaoine nó do chomhlachtaí le linn dóibh a bheith ag plé le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 14 ghearán custaiméara sa bhliain 2021. Thug Comhairle Chontae Chill Chainnigh tuairiscí faoi gach gearán ar leith díobh sin d'Oifig an Ombudsman.

## *AN TOMBUDSMAN DO LEANAÍ*

Ní dhearnadh aon ghearán chuig an Ombudsman do Leanaí sa bhliain 2021.

## *AN SCÉIM TEANGA*

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim Teanga Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2019-2022 agus tháinig an scéim i bhfeidhm ar an 8 Aibreán 2019. Tá an scéim ar fáil lena léamh ar ár láithreán gréasáin - www.kilkennycoco.ie.

Aithníonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí rogha dhéanamh chun gnó a dhéanamh linn sa teanga is fearr leo agus éascaítear sin a mhéid is indéanta, cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, nuair a bhíonn siad ag plé leis an gComhairle.

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle i nGaeilge, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig gaeilge@kilkennycoco.ie. Sa bhliain 2020, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 7 ngearán fhoirmiúla i nGaeilge.

## NOCHTADH COSANTA

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i ngníomh ar an 15 Iúil 2014.

Leis an Acht sin, soláthraíodh creat reachtúil ar laistigh de is féidir le hoibrithe ábhair imní a ardú maidir le heagóiritheoireacht ionchasach atá tugtha faoi deara acu san áit oibre agus a fhios acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus as cosaintí eile má dhéanann a bhfostóir iad a phionósú nó má fhulaingíonn siad aon dochar mar thoradh ar nochtadh a dhéanamh.

De réir alt 22 den Acht sin, tá oibleagáid ar Chomhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh tuairisc a thabhairt faoin líon na nochtaí a rinneadh chuig an gComhairle sa bhliain roimhe sin.

Suas go dtí an 30 Meitheamh, 2021, ní bhfuair aon nochtadh faighte ag an Oifigeach Ainmnithe i leith Nochtadh Cosanta.

## COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Déanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh faisnéis phearsanta a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ó bhí an 25 Bealtaine 2018 ann. Baineann sé le próiseáil sonraí pearsanta i gcoitinne san Aontas Eorpach agus leagann sé amach oibleagáidí forleathana do rialaitheoirí sonraí agus do phróiseálaithe sonraí agus soláthraíonn sé cosaintí agus cearta neartaithe d'ábhair sonraí.

## RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh tiomanta i leith do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Tugann an Ráiteas Príobháideachais faisnéis duit i dtaobh conas a thugaimid cúram do do chuid sonraí pearsanta. Ina theannta sin, cuireann sé in iúl duit cad iad na hoibleagáidí atá orainne, agus cad iad na cearta atá agatsa, faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí. Is féidir teacht ar ráiteas príobháideachais Comhairle Chontae Chill Chainnigh ag: www.kilkennycoco.ie/privacy-statement.

Sa bhliain 2021, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 14 n-iarraidh ar rochtain ó ábhair shonraí. Sa bhliain 2021, chuir an Coimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) bailchríoch ar iarraidh amháin a ndearnadh achomharc ina leith sa bhliain trí chinneadh a thabhairt i bhfabhar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh.

Fuair an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) fógra faoi 12 shárú i leith sonraí agus cuireadh 2 cheann acu sin in iúl don CCS. Iarradh ar Comhairle Chontae Chill Chainnigh páirt a ghlacadh i Suirbhé maidir le Fianáin a bhí á dhéanamh ag an CCS agus tá athbhreithniú á dhéanamh air sin faoi láthair.

Tá teagmháil ghníomhach déanta ag an OCS le Ranna Seirbhísí le linn Measúnachtaí Tionchair a dhéanamh ar Phríobháideachas Sonraí agus le linn aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí a sainaithníodh.

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

In Alt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, leagtar amach feidhmeanna an Coimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (CNFI) ina gcuimsítear scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i gcomhthéacs dhá tháscaire is tríocha.

D'fhoilsigh CNFI an tuarascáil maidir leis an mbliain 2020 i mí Mheán Fómhair 2021.

Tá feidhmíocht Comhairle Chontae Chill Chainnigh maidir le gach réimse sa bhliain 2020, i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile, ar fáil lena léamh ag www.noac.ie

# SAORÁIL FAISNÉISE

## IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Leis an Acht sin, tugadh isteach athruithe suntasacha ar an gcóras Saorála Faisnéise trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, a aisghairm agus trí scóip Saorála Faisnéise a leathnú chuig roinnt comhlachtaí breise. Ina theannta sin, rinneadh an reachtaíocht i gcoitinne a chomhdhlúthú, a nuachóiriú agus a uasdátú leis an Acht nua.

Is é atá i mbeartas Chomhairle Chontae Chill Chainnigh ná rochtain a thabhairt do dhaoine den phobal ar fhaisnéis a shealbhaíonn an tÚdarás agus sin a dhéanamh de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.kilkennycoco.ie.

Déileálann an tAonad Saorála Faisnéise le hiarrataí ó dhaoine den phobal, ó iriseoirí agus ó eagraíochtaí ar thaifid a shealbhaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh.

Is comhlacht poiblí é Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus tagann sí faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena ndéantar socrú maidir le rochtain a thabhairt ar thaifid áirithe a shealbhaíonn an t-údarás áitiúil, ach sin faoi réir roinnt díolúintí.

**Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 115 iarraidh Saorála Faisnésie sa bhliain 2021.**

| 2021 | Journalists | Business/Interest Groups | Oireachtas/Public Reps | Staff | Clients | Others | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TOTAL** | **20** | **3** | **0** | **0** | **5** | **84** | **112** |

**Rinne an tOifigeach Saorála Faisnéise 121 chinneadh san iomlán sa bhliain 2020.**
Fuarthas trí iarratas ar Athbhreithnithe Inmheánacha tar éis chinntí an Oifigigh Saorála Faisnéise a fháil agus rinneadh iarratas amháin ar Achomharc.

| | FOI DECISIONS MADE 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Requests Granted | Requests Part-Granted | Requests Refused | Requests Withdrawn | TOTAL |
| **TOTAL** | **40** | **17** | **41** | **13** | **111** |

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL

Tá tú i dteideal rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, ar faisnéis í a shealbhaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh, a iarraidh. Tá an ceart sin ann mar thoradh ar Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2014 (dá ngairtear Rialacháin RFC anseo ina dhiaidh seo).

Faoi na rialacháin sin, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol agus a shealbhaíonn údarás poiblí, nó a shealbhaítear thar ceann údarás poiblí, a chur ar fáil ar í a iarraidh, ach sin faoi réir díolúintí áirithe. Ina theannta sin, leagann rialacháin RFC oibleagáid ar údaráis phoiblí a bheith réamhghníomhach i dtaca le faisnéis faoin gcomhshaol a scaipeadh i measc an phobail.

Sa bhliain 2021, fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 15 iarraidh. Géilleadh do 12 iarraidh, rinneadh 1 athbhreithniú inmheánach agus tarraingíodh 2 iarraidh siar.

Níl aon táille thosaigh ann i leith iarratas a dhéanamh faoi na Rialacháin RFC. Ach ceadaíonn na Rialacháin d'údarás poiblí táille réasúnach a mhuirearú maidir leis an gcostas a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a sholáthar agus tá na muirir seo a leanas socraithe ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh:-

- Cuardach, aisghabháil agus cóipeáil taifead: in aghaidh an uair an chloig
- Fótachóipeáil: €0.04 in aghaidh an leatháin
- CD Rom: €10.00
- Radagraf: €6.00

# CUMARSÁID
# & MEÁIN SHÓISIALTA 2021


Déanann an Mheitheal Chumarsáide formhaoirseacht ar chúrsaí cumarsáide thar ceann na Comhairle, idir chumarsáid chorparáideach agus cumarsáid inmheánach. Tá freagracht ar an Meitheal i ndáil le gach cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, i ndáil le caidreamh poiblí, i ndáil le bainistíocht ghéarchéime agus i ndáil le margaíocht thar ceann na Comhairle agus baineann an fhreagracht sin le gach seirbhís a sholáthraíonn an Chomhairle.

**Soláthraíonn an Mheitheal tacaíocht iomlán don Chathaoirleach agus do na Comhaltaí Tofa maidir leis na nithe seo a leanas:**


- Comhairle faoi Bhainistiú Imeachtaí.
- Imeachtaí Cathartha a Eagrú.
- Comhairle a thabhairt maidir le Cúrsaí Prótacail
- agus Bainistiú Imeachtaí.
- Scaipeadh Preaseisiúintí tar éis imeachtaí.
- Seisiúin Ghrianghrafadóireachta agus físeáin
- a bhaineann le bolscaireacht..

**Gnóthachtálacha sa bhliain 2021:**


- Eisíodh 106 Phreasráiteas sa bhliain 2021.
- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid na Comhairle a chur chun cinn agus a bhainistiú.
- An dara nuachtlitir de chuid na Comhairle a fhoilsiú is é sin "Kilkenny Connects".
- Tuarascáil Bhliantúil 2020 a fhoilsiú.
- Cuntais mheán sóisialta na Comhairle a bhainistiú.
- Láithreáin ghréasáin na Comhairle a bhainistiú.




## *LEANTÓIRÍ FACEBOOK*





## *CUAIRTEOIRÍ FACEBOOK (AN PRÍOMHLEATHANACH AMHÁIN)*




## *LEANTÓIRÍ TWITTER*



## 106 PREAS-EISIÚINTÍ 2021: EANÁIR GO NOLLAIG 2021




## 106 PREAS-EISIÚINTÍ 2021; DE RÉIR RÉIMSE SEIRBHÍSE



# ACMHAINNÍ DAONNA

Is é is cuspóir don Roinn Acmhainní Daonna ná "a chinntiú go bhfuil fórsa saothair ann a gcuirtear acmhainní, scileanna agus spreagadh cuí ar fáil dó chun freastal ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí na hEagraíochta agus sábháilteacht, leas agus folláine gach duine dár bhfoireann a áirithiú a mhéid is indéanta".

Is é atá i bhfís na Roinne Acmhainní Daonna ná tacaíocht éifeachtach, de chineál straitéiseach agus oibríochtúil, a chur ar fáil, mar chomhpháirtí gnó, do na haonaid de chuid na Comhairle a sholáthraíonn seirbhísí..

**Déileálann an Roinn Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:**

- An Straitéis Acmhainní Daonna
- Pleanáil Fórsa Saothair
- Earcaíocht agus Roghnúchán
- Párolla agus Aoisliúntas
- Oiliúint agus Forbairt Fostaithe
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Forbairt Ceannaireachta
- Comhionannas
- Bainistíocht Éagsúlachta
- Cothromaíocht idir an Obair agus an Saol
- Caidreamh Tionscail
- Anailísíocht Sonraí
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na bhFostaithe

Sa bhliain 2021, bhí tionchar mór á imirt fós ag paindéim Covid 19, agus na srianta sláinte poiblí a forchuireadh i rith na bliana, ar an tSeirbhís Acmhainní Daonna. Bhain an tionchar sin le nithe éagsúla amhail deireadh a chur go sealadach le seirbhís agus le hathruithe móra a dhéanamh ar an múnla soláthair seirbhíse - agus rinne sé sin difear do scóip agus do chineál an tsoláthair seirbhíse. Mar thoradh ar na srianta, bhí ar sheirbhísí oiriúnú a dhéanamh go tapa chun leanúnachas gnó a choimeád ar bun agus, ag an am céanna, chun prótacail sláinte poiblí a urramú. Rinne ár Seirbhís Earcaíochta athrú go tapa go físfhormáid agallóireachta agus, ina theannta sin, méadaíodh go mór an líon modúl oiliúna a bhí á soláthar ar líne. Leagadh béim mhéadaithe ar leas na bhfostaithe chun tacú le baill foirne a raibh aghaidh le tabhairt acu ar dhúshláin na paindéime i dtaca le cúrsaí oibre agus i dtaca lena saol sa bhaile araon.

## *LEIBHÉIL FOIRNE*

Ba é a bhí sa líon ball foirne a bhí ar fostú ar an 31 Nollaig 2021 ná 604 (an líon daoine iarbhír) nó 569.30 (an líon coibhéiseach post lánaimseartha). Comhordaíonn an Roinn Acmhainní Daonna bainistíocht leanúnach ar phleananna fórsa saothair agus, i gcomhar le comhghleacaithe atá ina mbainisteoirí líne, déantar bainistíocht ar fhostaithe nua, ar aistriú foirne agus ar imeacht ball foirne.

## *EARCAÍOCHT*

Tá an Roinn Acmhainní Daonna tar éis aistriú go próiseas r-earcaíochta agus tá comórtais á riaradh ar líne anois trí úsáid a bhaint as córas ar a dtugtar submit.com.

Déantar riaradh na gcomórtas ar líne anois agus is féidir iarratas a dhéanamh ar líne agus tá céimeanna áirithe den chéim roghnúcháin á n-eagrú ar líne, lena n-áirítear seirbhís agallaimh nua hibrideach ar tríd a thairgtear agallamh i bpearsa nó fís-agallamh a thairiscint d'iarrthóirí.

Seoladh 24 chomórtas san iomlán i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 925 iarratas. Rinneadh 92 thairiscint i rith na bliana agus d'fhostaigh an eagraíocht 50 ball foirne nua (istigh & amuigh) sa bhliain 2021..

## *CLÁR AN TSAMHRAIDH I LEITH MIC LÉINN & GARDAÍ TARRTHÁLA*

D'fhostaigh an Chomhairle 25 mhac léinn i rith mhíonna an tsamhraidh sa bhliain 2021 chun déileáil le Glanadh Bruscair, Garraíodóireacht agus obair shéasúrach eile faoin gclár seo. B'ionann an líon sin agus méadú 18 i gcomparáid leis an líon daoine a fostaíodh sa bhliain 2020.

## *AN TSEIRBHÍS CHOMHROINNTE PÁROLLA & AOISLIÚNTAIS*

Tá an tseirbhís seo á soláthar ag Pá S'Agamsa (My Pay), is é sin, Soláthróir Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil, rud a dhéantar óna gcuid oifigí i bPort Laoise, Co Laoise, le tacaíocht ó Roinn Acmhainní Daonna Chill Chainnigh.

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh bailchríoch a chur ar fheidhm aoisliúntais na Comhairle chuig Ionad na Seirbhísí Comhroinnte i mí Eanáir 2019.

## *BAINISTÍOCHT FREASTAIL*

Athbhreithníodh Beartas Bainistíochta Freastail na nEarnálacha Rialtais Áitiúil sa bhliain 2013 agus tugadh isteach scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil.

Tá leibhéil asláithreachta á mbainistiú de réir na mbeartas sin i gcónaí agus aird ar leith á tabhairt ar asláithreachtaí a bhain le Covid 19.

Tá leibhéal laghdaithe asláithreachta tugtha dá haire ag an Údarás i gcomparáid le hasláithreachtaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

## OILIÚINT & FORBAIRT

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta a áirithiú do gach fostaí. Tá sé mar aidhm ag Oiliúint agus Forbairt cabhrú le fostaithe teacht chun bheith níos éifeachtaí ina gcuid post agus forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus, ag an am céanna, cabhrú le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna i bhfeidhm sa bhliain 2021 agus, mar chuid den chlár sin, bhí oiliúint éigeantach ann mar aon le cláir a bhain le cúrsaí oibre agus cláir forbartha pearsanta.

**Seo a leanas sampla de na cláir oiliúna a soláthraíodh sa bhliain 2021:-**

- Láimhsiú Ualaí Troma
- Pas Sábháilte
- Roithleáin Scríobacha
- Spásanna Cúnga
- Bruachaire
- Oiliúint d'Ionadaithe Sábháilteachta
- Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí
- Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe
- Suíomh Seirbhísí faoi Thalamh
- Scéim Deimhniúcháin Scileanna Tógála le haghaidh Oiliúint i leith Comharthaí, Soilsiúcháin & Gardáil
- Oiliúint maidir le hArdán Soghluaiste Oibre os cionn na Talún
- Déileáil le Teagmhais Dheacra Foréigin & Ionsaitheachta
- Cúrsa Athnuachana do Chéadfhreagróirí Garchabhrach
- Oiliúint maidir le Cúram Custaiméara
- Oiliúint maidir le Ceannaireacht
- Oiliúint maidir le Bainistíocht Mhaoirseachta
- Oiliúint maidir le Seirbhísí Leabharlainne
- Staidéir Rialtais Áitiúil
- Oiliúint ón bhForas Riaracháin maidir le hAgallaimh ar bhonn Inniúlachta

Faoi réir na n-acmhainní a bhíonn ar fáil, féachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le tacú le forbairt phearsanta ball foirne ar mian leo Cúrsaí Triú Leibhéal a dhéanamh atá bainteach, agus a rannchuidíonn, lena ról sa Chomhairle agus le riachtanais ghnó na Comhairle agus leis an oiliúint sin a éascú. Ina theannta sin, tá an Chomhairle tiomanta i leith leabharlann cúrsaí/faisnéise a sholáthar ar bailiúchán é a bhfuil rochtain ag baill foirne air go héasca ar líne agus i leith cúrsaí ar líne agus cúrsaí intí a sholáthar ar mhodh hibrideach
- san iomlán, reáchtáladh 64 chúrsa sa bhliain 2021 agus ba é a bhí sa líon iomlán daoine a fuair oiliúint sa bhliain 2021 ná 918.

## GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Rinneadh grinnfhiosrúchán nó ath-ghrinnfhiosrúchán i leith 59 mball foirne san iomlán sa bhliain 2021. B'ionann an líon sin agus méadú 8 i gcomparáid leis an mbliain 2020.

## AN CLÁR VACSAÍNIÚCHÁIN

Mar thoradh ar an bPaindéim, bhí an Clár Vacsaíniúcháin teoranta i rith na bliana 2021. Vacsaíníodh 21 bhall foirne san iomlán sa bhliain 2021.

## COMHIONANNAS AGUS AG TACÚ LE HÉAGSÚLACHT

Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus tá sí tiomanta i leith raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta arb é is aidhm leo ná aitheantas a thabhairt do rannchuidiú agus d'fheidhmíocht gach duine ar leith, acmhainneacht gach duine ar leith a fhorbairt agus agus deis chomhionann a thabhairt do gach duine chun a bhuanna/buanna a úsáid agus barr a chumais/ cumais a bhaint amach.
Tacaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh le fostú daoine faoi mhíchumas agus tá an sprioc atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil á baint amach aici i.e. 3.66%.

## ANAILÍSÍOCHT SONRAÍ

Sa bhliain 2020, chuir Acmhainní Daonna Chomhairle Chontae Chill Chainnigh tús le fochlár nua anailísíochta sonraí acmhainní daonna. Is é is cuspóir don chlár ná úsáid a bhaint as daonsonraí chun fadhbanna gnó a réiteach agus chun léargas a thabhairt ar ár gcuid cleachtas maidir le nithe a bhaineann leis an bhfórsa saothair agus maidir le beartais agus cleachtais AD. Sa deireadh, tacóidh an clár le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe ó thaobh bainistiú straitéiseach acmhainní daonna agus bainistiú oibríochta de. Sa bhliain 2021, chuir an clár tús le tuarascálacha ráithiúla anailísíochta sonraí maidir le gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna.

## CAIDREAMH TIONSCAIL

Déileálann Comhairle Chontae Chill Chainnigh go dearfach le hionadaithe ceardchumainn na foirne chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar mhodh réamhghníomhach dearfach.

# INIÚCHADH INMHEÁNACH

Cuimsíonn an Coiste Iniúchta triúr comhaltaí seachtracha agus beirt Chomhaltaí Tofa.

Bunaíodh an coiste iniúchta reatha le rún ón gComhairle tar éis ainmniúcháin a fháil ón nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach.

Is ionann téarma oifige an choiste agus téarma oifige na Comhairle reatha ar cuireadh tús leis ar an 1 Meitheamh 2019 agus críochnóidh an téarma sin ar an 31 Bealtaine 2024.

**Seo a leanas an ról atá ag an gCoiste:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta na Comhairle sa réimse tuairiscithe airgeadais
- Forbairt dea-chleachtas a chothú maidir le feidhm iniúchta inmheánaigh an údaráis áitiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na Comhairle agus tuairisciú a dhéanamh maidir le torthaí a cuid oibre
- Measúnú a dhéanamh éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus na nithe sin a chur chun cinn
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun rioscaí a bhanistiú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t- údarás áitiúil chun rioscaí a bhanistiú.

Bhí ceithre chruinniú den Choiste Iniúchta ann sa bhliain 2021. Seoladh na ceithre chruinniú sin ar mhodh cianda de bharr shrianta COVID-9. I rith na bliana, bhuail an Coiste leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil agus le Bainisteoirí Líne éagsúla chun raon saincheisteanna a phlé.

**I measc na réimsí tosaíochta a bhí ann, áiríodh na nithe seo a leanas:**

Buiséad Bliantúil 2022

- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2020
- Impleachtaí airgeadais Covid -19
- Tionchar COVID -19 ar Sheirbhísí Chomhairle Chontae Chill Chainnigh
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh
- Tionscadail Chaipitiúla Thábhachtacha
- Tuarascáil Reachtúil Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil 2020
- Tuarascálacha an Coimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (CNFI)
- Turasóireacht agus Forbairt Eacnamaíochta

Déantar plean nua oibre i leith Iniúchadh Inmheánach a cheapadh agus a ullmhú gach bliain agus é bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar chomhairliúchán le luch bainistíochta na Comhairle agus leis an gCoiste Iniúchta.

D'imir Covid-19 tionchar ar chur i gcrích an Phlean Iniúchta Inmheánaigh sa bhliain 2021.

**Bhí na Tascanna Iniúchta Inmheánaigh seo a leanas i measc na dtascanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2021:**

Cód Caiteachais Phoiblí - Athbhreithniú Forleathan ar Thionscadail Chaipitiúla agus Ioncaim.
Comhlíontacht i leith Iarratais ar Iasacht Tithíochta.
Seirbhísí Agus Earraí a Fháil.
Stocáireamh Deireach Bliana maidir le Mótarcháin.
An Próiseas Párolla.

# **BÓITHRE**
# & IOMPAR

### *COTHABHÁIL BÓITHRE*

Ghlac na Comhaltaí Tofa Scéim na nOibreacha Bóthair 2021 do Chontae Chill Chainnigh i mí Aibreáin 2021. Ba é a bhí i luach iomlán na Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsaithe ná €28 milliún.

D'éirigh le Comhairle Contae Chill Chainnigh maoiniúchán €458,826 (Cothabháil BB12, Oibreacha Friotaíochta in aghaidh Sciorradh HD28 agus Oibreacha Cothabhála Caipitiúla) a áirithiú mar mhaoiniúchán breise ó Bhonneagar Iompair Éireann [BIÉ] i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, bhíothas in ann oibreacha breise dearthóireachta, feabhsaithe agus cothabhála a dhéanamh ar an Líonra Bóithre Náisiúnta.

### *TIONSCADAIL CHAIPITIÚLA BÓTHAIR & FEABHSUITHE BÓTHAIR*

Le deich mbliana anuas, táthar tar éis leanúint de chaiteachas suntasach caipitiúil a infheistiú i scéimeanna bóthair i gContae Chill Chainnigh.

### *BONNEAGAR AN CHEANTAIR THIAR*

Cuireadh Céim 1 de Scéim Cheantar Thiar Chill Chainnigh i gcrích agus osclaíodh í i mí Lúnasa 2021. Ba é an tAlre Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, Dara Ó Briain TD, a d'oscail an bóthar go hoifigiúil ar an 23 Meán Fómhair 2021. Tá an bóthar seo ainmnithe mar Bhealach Liam Mhic Roibín.







### *MÓRTHIONSCADAIL*

**Mórscéim an N25 ón nGleann Mór go Port Láirge..**
Soláthraíodh leithroinnt tosaigh €1,000,000 sa bhliain 2021 chun an Scéim seo a chur ar aghaidh. Tá deireadh Chéim 2 (Roghnú na Rogha is fearr) de phleanáil agus dearadh na scéime bainte amach. Fógraíodh gurbh é an Chonair Dhúghorm an Rogha is fearr i Meitheamh 2021.Níl aon leithroinnt mhaoiniúcháin ann don scéim seo sa bhliain 2022 agus tá soiléiriú á lorg ar BIÉ ina leith sin.

Mórscéim an N24 ó Phort Láirge go dtí an Chathair Soláthraíodh leithroinnt tosaigh €1,700,000 sa bhliain 2021 chun an Scéim seo a chur ar aghaidh. I rith na bliana 2021, chuaigh pleanáil agus dearadh na scéime seo ar aghaidh ó Chéim 1 (Coincheap & Féidearthacht) go dtí Céim 2 (Roghnú na Rogha is fearr). Níl aon leithroinnt mhaoiniúcháin ann don scéim seo sa bhliain 2022 agus tá soiléiriú á lorg ar BIÉ ina leith sin.

### *AN CLÁR MIONOIBREACHA*

Faoin gClár Mionoibreacha a maoiníonn BIÉ é, rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:

**N24 - Scéim Mionfheabhsuithe i leith Bhóthar na Carraige:**
Soláthraíodh leithroinnt €500,000 sa bhliain 2021 chun céim dheartha na Scéime seo a chur ar aghaidh agus chun doiciméid a ullmhú le haghaidh chéim na gceaduithe reachtúla. Táthar ag ceapadh go ndéanfar an t-iarratas maidir le Pleanáil agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh chuig an mBord Pleanála le linn Ráithe 1 den bhliain 2022.

**N24 - Scéim Feabhsaithe Acomhal Bhóthar an Túir**
Soláthraíodh leithroinnt €1,500,000 sa bhliain 2021 chun an Scéim seo a chur ar aghaidh.

I rith na bliana 2021, seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta ar úinéirí talún a ndéanfadh na hoibreacha dóibh agus tá nósanna imeachta fála talún ar siúl i gcónaí.I rith na bliana 2021, seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta ar úinéirí talún a ndéanfadh na hoibreacha dóibh agus tá nósanna imeachta fála talún ar siúl i gcónaí. Cuireadh ard-imscrúdú seandálaíochta i gcrích i rith na bliana 2021.

Táthar ag ceapadh gur gcuirfear tús le tógáil na scéime i R3 2022 tar éis an próiseas tairisceana a chríochnú.

### N77 - Scéim Feabhsaithe Bóthair ó Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí

Soláthraíodh leithroinnt tosaigh €500,000 sa bhliain 2021 chun an scéim seo a chur ar aghaidh. Ní dhearnadh aon agóidí chuig an mBord Pleanála i leith na scéime seo agus dhaingnigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh i mBealtaine 2021. Fuarthas Ceadú Pleanála ón mBord Pleanála ag deireadh mhí Lúnasa 2021. Meastar go seirbheálfar an Fógra Gnóthaíochta ar úinéirí talún a ndéanfaidh na hoibreacha difear dóibh i R2 2022 le go mbeifear in ann tús a chur leis na próisis chaibidlíochta agus fála. Ina theannta sin, ceaptar go gcuirfear ard-imscrúdú seandálaíochta i gcrích i rith na bliana 2022 freisin.

Mar thoradh ar Chomhaontú Alt 85, bhainistigh Comhairle Chontae Chill Dara (An Oifig Bainistíochta Droichead) tógáil an droichid coisithe i gCaisleán an Chomair thar ceann Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Tá deontais 100% faighte ó Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) chun an tionscadal a mhaoiniú. Ceapadh RPS Consulting Engineers Ltd ina sainchomhairleoirí le haghaidh an tionscadail agus bhí siad i gceannas ar an tionscadal ó thús go deireadh. D'fhostaigh RPS Powell Williams Architects (as an Ríocht Aontaithe) chun comhairle speisialtóireachta ailtireachta droichid a fháil ag tús an tionscadail agus breithníodh roinnt



Ardú Droichid thart ar mheán oíche ar an 23 Samhain



Radharc ón Aer ar an Droichead Coisithe nua i gCaisleán an Chomair agus é ina ionad (díreach tar éis ardú an droichid)

roghanna maidir le dearadh an droichid ag an gcéim sin. Ceapadh Kenny Civils & Plant Ltd (Gaillimh) mar chonraitheoirí i leith an tionscadail. Cuireadh tús leis na hoibreacha i Meitheamh 2021. Ceaptar go n-osclófar an droichead i mí Eanáir 2022. Beidh costas iomlán an tionscadail os cionn €1.85m.

### An Clár Náisiúnta Feabhsaithe Pábhála

Faoin gClár Feabhsaithe Pábhála agus faoin gClár Mionoibreacha, a maoiníonn BIÉ iad, rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:
N76 - Bóthar Chill Chainnigh – Chluain Meala (Garraí na hAbhann go hÁth an Iúir Thuaidh)



N76 - Garraí na hAbhann go hÁth an Iúir Thuaidh - Pábháil Chríochnaithe

Críochnaíodh an tionscadal seo i rith na bliana 2021 chuimsigh sé tuairim is 2.55km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Chríochnaigh Kilkenny Block Company Ltd an tionscadal i rith na bliana 2020 ar luach conartha €819,758, gan CBL a áireamh.



N77 - Bóthar Chill Chainnigh – Bhéal Átha Ragad (An Seanbhaile go Béal Átha Ragad)

## *OIBREACHA COTHABHÁLA I LEITH FRIOTAÍOCHTA IN AGHAIDH SCIORRADH AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA (HD28)*

Rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh oibreacha meicniúla scríobchaithimh agus athsholáthair dromchla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhain le pábháil dromchla ar fud an ghréasáin bóithre náisiúnta, lena n-áirítear oibreacha sna háiteanna seo a leanas:

### N77 - An Bán go Hennebrys Cross

Críochnaíodh an tionscadal seo i rith na bliana 2021 chuimsigh sé tuairim is 3.2km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Chríochnaigh Lagan Kilkenny Asphalt Ltd an tionscadal i rith na bliana 2021 ar luach conartha €740,000,gan CBL a áireamh.



N77 - An Bán go Hennebrys Cross - Pábháil Chríochnaithe sa Dún Mór

### N24 - Bóthar Phort Láirge - na Cathrach (Siar ó Mhóin Choinn)

Críochnaíodh an tionscadal seo i rith na bliana 2021 agus chuimsigh sé tuairim is 0.75km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile.

Chríochnaigh Roadstone Ltc tionscadal ar luach conartha tuairim is €200,000 (gan CBL a áireamh).

### N10/N76 - Timpeallháin Chuarbhóthar Chill Chainnigh

Seoladh próiseas tairisceana agus bronnadh conradh ar Lagan Asphalt Ltd i rith ráithe dheiridh 2021 chun feabhas a chur ar na sonraíochtaí frithsciorrtha ar thimpeallháin (8 gcinn) ar an N10/76 agus b'fhiú €1,598,780 (gan CBL a áireamh) an conradh sin. Ceaptar go dtosófar na hoibreacha i dtrátha dheireadh Ráithe 1 den bhliain 2022.



N24 - Siar ó Mhóin Choinn. Pábháil, marcálacha agus comharthaíochta athnuaite.

### Scríobchaitheamh Meicniúil

Seoladh próiseas tairisceana agus bronnadh conradh ar Tracblast i rith ráithe dheiridh 2021 chun dul i mbun oibreacha teicniúla scríobchaithimh i suíomhanna éagsúla ar an N10, N24 & N78 agus b'fhiú €41,614. an conradh sin. Ceaptar go dtosófar, agus go gcríochnófar, na hoibreacha i Ráithe 1 den bhliain 2022.

### Local Improvement Scheme

An amount of €778,682 was allocated under the Local Improvement Scheme (LIS) scheme for works on private roads and lanes throughout the County.



N77 - Béal Átha Rágad - Oibreacha ar siúl ar atógáil na pábhála lochtaí

### Oibreacha Cothabhála Caipitiúla Bóithre Náisiúnta

I rith na bliana 2021, chríochnaigh Priority oibreacha a bhain le hatógáil pábhála ar an N77 i Sráidbhaile Bhéal Átha Ragad agus b'fhiú €126,270 (gan CBL a áireamh) an conradh sin.

## *SCÉIM FEABHSAITHE ÁITIÚIL*

Faoin Scéim Feabhsaithe Áitiúil (SFÁ), leithroinneadh suim €778,682 le haghaidh oibreacha ar bhóithre agus lánaí príobháideacha ar fud an Chontae.



Gnáth-Oibreacha Athfheistithe Fálta a cuireadh i gcrích ar an N76

### Athfheitiú Fáita ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta

Chaith Comhairle Chontae Chill Chainnigh corradh le €100,000 (lena n-áirítear CBL) i rith na bliana 2021 tar éis leithroinnt tosaigh €50,000 a fháil ag tús na bliana 2021. Leis an maoiniúchán sin, bhíothas in ann fálú sábháilteachta éighníomhaí a chur in ionad seanchuaille coincréite agus an fhálaithe ráillí a bhí ann roimhe sin. Mar thoradh ar an maoiniúchán, críochnaíodh oibreacha ar an N25, ar an N76 agus ar an N78.

### Uasghrádú an Choráis Srianta Feithiclí (CSF)The Non-National



CSF nua ar an R723 (Sean-N25)

Bronnadh conradh ar Lagan Operations & Maintenance i rith na bliana 2021 chun codanna lochtacha damáistithe de Chórais

Srianta Feithiclí a athsholáthar ar an gcóras bóithre náisiúnta. Cuireadh tús leis an obair sin i Ráithe 3 den bhliain 2021 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích í i rith Ráithe 1 den bhliain 2022. Bhí luach an chonartha sin os cionn
€600,000.

## LÍONRA NA MBÓITHRE NACH BÓITHRE NÁISIÚNTA IAD

### Clár Athbhunaithe/Feabhsaithe agus Athbhunaithe/ Cothabhála 2021

Déantar na príomhfheabhsuithe bóthair sa líonra bóithre Nach Bóithre Náisiúnta Iad a mhaoiniú tríd an Scéim Deontas maidir le hAthbhunú/Feabhsú agus Athbhunú/Cothabháil Bóithre. Fuair an Chomhairle leithroinnt deontais €10.7m sa bhliain 2021. Tugtar tús áite d'oibreacha faoin Scéim seo ar an mbonn go ndéantar foráil maidir le feabhsuithe ar rátáil an riochta ina bhfuil an bóthar, ar fhriotaíocht in aghaidh sciorradh agus ar neamh-thréscaoilteacht. Sa bhliain 2021, feabhsaíodh 85 Km faoin Scéim seo agus feabhsaíodh 105km faoin gClár Cothabhála/ Athbhunaithe (Cóiriú dromchla). Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an ngréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad thar na blianta ón tráth a tugadh isteach an Deontas maidir le hAthbhunú agus tá an rátáil i leith riocht na mbóithre i gCill Chainnigh chomh maith le haon Chontae eile.

### An Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad

Tá an Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad dírithe ar shuíomhanna ar leith sa líonra bóithre nach bóithre náisiúnta iad, ar suíomhanna iad atá sainaitheanta mar chriosanna ina dtarlaíonn líon mór imbhuailte. I measc na n-oibreacha atá déanta faoin gclár seo áirítear marcálacha acomhail agus spréanna léargais, moilliú tráchta, marcálacha feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe bóthair do choisithe laistigh de limistéir uirbeacha. Sa bhliain 2021, críochnaíodh 15 scéim faoin gclár seo ar chostas €373,000.

## PRÍOMHSCÉIMEANNA FEABHSAITHE BONNEAGAIR

### Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá an Chomhairle ag leanúint den fheidhm thábhachtach seo dá cuid a mhaoiniú trí fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, trí chóras na maor scoile agus trí thacú le feachtais maidir le sábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar phobail.

Ghlac na Comhaltaí Tofa Plean Sábháilteachta Bóthair Chill Chainnigh 2015 go 2020 i mí Iúil 2015. Sa Phlean sin, leagtar amach treoir shoiléir maidir le dul chun cinn a dhéanamh i réimse na sábháilteachta bóthair suas go deireadh na bliana 2021. Mar bhuntaca leis an bPlean, tá sraith tionscadal agus gníomhartha sainithe ann a bhaineann leis na príomhréimsí idirghabhála, is é sin le rá, Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú agus Rannpháirtíocht. Tá 45 thionscadal ar leithligh ann sa phlean, mar aon le 54 Ghníomh/Sprioc don tréimhse suas go 2021 agus tá na gníomhaireachtaí ceannais iomchuí ag obair chun an méid sin a chur i gcrích. Leanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Garda Síochána de bheith ag comhoibriú lena chéile chun feabhsuithe i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre de a áirithiú sa chontae. Lainseáladh straitéis nua dar teideal Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021–2030 (Fís an Nialais) ag deireadh na bliana 2021. Déanfar plean comhfhreagrach a ullmhú do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh in am trátha.

### Soilsiúchán Poiblí

Cothabhálann Comhairle Contae Chill Chainnigh tuairim is 11,000 solas poiblí ar fud an Chontae.

Is é SSE Airtricity (ar a dtugtar Enervo anois) a chothabhálann an stoc soilsiúcháin phoiblí trí bhíthin comhaontú cothabhála le Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Sa bhliain 2021, rinneadh dul chun cinn i leith próiseas nua tairisceana maidir le cothabháil agus tá an comhaontú nua cothabhála le tosú i Ráithe 1 den bhliain 2022. Ba phróiseas tairisceana comhpháirteach é sin idir Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Laoise. Tríd an gconradh nua cothabhála sin a thabhairt isteach beidh sábháil airgid ann don dá Údarás Áitiúla lena mbaineann.

De bhreis air sin, táthar ag súil go ndéanfar an t-aisfheistiú faoin Tionscadal nua maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Soilsiúcháin Phoiblí (TÉFSP) ar an láthair i Ráithe 3 den Bhliain 2022.

Is é Energia an soláthraí fuinnimh i leith an stoic soilsiúcháin phoiblí ach d'fhéadfadh sé go dtionscnófar próiseas nua tairisceana le haghaidh an réimse seo go luath i Ráithe 1 den bhliain 2022.

### Clár Athsholáthair Soilse LED ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad i gCill Chainnigh

Déanfar laindéir nua LED nua a chur in ionad na laindéar atá ann anois mar chuid den Tionscadal foriomlán maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Soilsiúcháin Phoiblí (TÉFSP). Tá céim na tairisceana ar siúl faoi láthair maidir le tionscadal TÉFSP agus ceaptar go gcuirfear tús leis na hoibreacha i gContae Chill Chainnigh i Ráithe 2 den bhliain 2022 agus go gcríochnófar na hoibreacha sin i Ráithe 4 den bhliain 2022. Is gá uasghrádú a dhéanamh ar thuairim is 5,200 solas (i.e. 50% de na soilse) i gCill Chainnigh.

### Tionscadail Faoisimh Tuile

D'infheistigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh €29.6 milliún i mbearta Bainistíochta Riosca Tuilithe a bhí beartaithe i gcás 6 scéim sa Chontae, agus bhí maoiniúchán le fáil ina leith sin ó Chlár Infheistíochta 'Ten Ten' an Rialtais (2018-2028) atá á riaradh ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Sa bhliain 2021, tá dhá mhór-Thionscadal Chaipitiúla Faoisimh Tuile ag leanúint ar aghaidh trí Chéim Dheartha na scéimeanna a bhaineann le pobail Ghráig na Manach agus Bhaile Héil. Rachaidh an dá scéim ar aghaidh chuig Céim 2 sa bhliain 2022, is é sin le rá, an Chéim Phleanála. Soláthróidh na dá scéim sin caighdeán cosanta do thuairim is 92 mhaoin agus rachaidh siad chun tairbhe, ó thaobh cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta de, do na pobail atá i gceist, mar atá, Gráig na Manach agus Baile Héil.

# SEIRBHÍSÍ UISCE

## OIBRIÚ & COTHABHÁIL

**Faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, bainistíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh an méid seo a leanas:**

- 19 soláthar uisce óil phoiblí
- 35 scéim cóireála dramhuisce phoiblí
- 9.59 billiún lítear uisce (26.28 milliún lítear, ar an meán, in aghaidh an lae) a sholáthar do thuairim is 67,500 custaiméir.
- Sa bhliain 2020, bhain Scéimeanna Uisce Phoiblí Chill Chainnigh an méid seo a leanas amach:
- 100% i ndáil le comhlíontacht mhicri-bhitheolaíochta.
- 99.65 % i ndáil le comhlíontacht i leith paraiméadair cheimiceacha



Stáisiún Faireacháin i leith Cáilíocht Uisce

*Nóta: Is í an bhliain 2020 an bhliain is déanaí ar ina leith atá Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Óil foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Foilseofar tuarascáil na bliana 2021 sa bhliain 2022.*

## KILKENNY CITY DRAINAGE AREA PLANS

adh ar an obair seo, déanfar an gréasán bréanuisce agus an gréasán cumaisc a mhapáil & a thaifeadadh go cruinn rud a cheadóidh measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht, ar riocht agus ar leibhéal feidhmíochta an ghréasáin séarach.

Cuireadh suirbhéireachtaí sreabhaidh agus tógáil múnla i gcrích i rith na bliana 2021 agus cuireadh tús le fíorú múnla i Ráithe 4 den bhliain 2021 agus táthar ag súil an méid sin a chríochnú i Ráithe 3 den bhliain 2022. Cuimsíonn Céim 3 de na hOibreacha faoin bPlean maidir le Limistéar Siltin sainaithint oibreacha cothabhála, saincheisteanna maidir le hacmhainneacht an ghréasáin aon uasghráduithe ar gá iad a dhéanamh ar an ngréasán.

Tar éis an plean seo a chur i gcrích, beidh sé ina chabhair i ndáil le cothabháil ghréasáin agus sainaithint saincheisteanna a bhaineann le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta i gCill Chainnigh a éascú sna blianta atá romhainn.

## SCÉIM SOLÁTHAIR UISCE RÉIGIÚNAIGH (SSUR) CHATHAIR CHILL CHAINNIGH

Cuireadh tús le tógáil SSUR Chathair Chill Chainnigh i Ráithe 4 den bhliain 2021 agus samhlaítear go mairfidh an clár tógála 26 mí. Is é atá i gceist le Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Chathair



Leagan amach na mórláithreach, lena n-áirítear saoráidí sábháilteachta, sláinte agus leasa, oifigí, stóráil ábhar agus carrchlós

Chill Chainnigh ná uasghrádú Ghléasra láithreach Cóireála Dramhuisce Choill an reoigh chun méadú a dhéanamh ar an acmhainn laethúil táirgeachta ó 8MLL (meigilítear sa lá) go 19MLL, na hoibreacha foghabhálacha go léir chun díchoimisiúnú an ghléasra cóireála uisce láithrigh i mBaile Rád a éascú agus aghaidh a thabhairt ar easnamh i leith cháilíocht an uisce sa ghléasra láithreach.

**Beidh an méid seo a leanas san áireamh na n-oibreacha uasghrádúcháin:**

- Príomhfhoirgneamh nua ina gcuimseofar stóráil agus dáileadh ceimiceán, stáisiún caidéalaithe ardbhrú, seomra rialaithe, fostáisiún BSL.
- Umair nua gléghlanta & scagtha.
- Cóireáil nua UV.
- Saoráidí nua cóireála uisce níocháin, lena n-áirítear foirgneamh dí-uiscithe sloda, umair shloda, umair síothlaithe.
- Pointe astarraingthe uisce na Feoire a athlonnú suas an
- sruth óna shuíomh reatha.
- Oibreacha nua iontógála ina gcuimsítear déanmhas iontógála lena ngabhann sciatha garbha, sumpa síothlaithe dríodair, seomra mín-sciatha, sumpa caidéalaithe, foirgneamh rialaithe & príomhphíobán aníos chuig láithreán an ghléasra uasghrádaithe cóireála uisce.
- Príomhphíobán aníos 2.8km a thógáil chun uisce
- cóireáilte ó Ghléasra Cóireála Uisce Choill an Treoigh a sholáthar do na taiscumair láithreacha ag Gléasra Cóireála Uisce Bhaile Rád.

- Trasnóidh an príomhphíobán aníos nua an Fheoir ag Loch Meadhráin agus déanfar an obair trí theicníochtaí 'gan tochailt' a úsáid faoi bhun ghrinneall an chainéil.
- Díchoimisiúnú na hiontógála láithrí ag Coill an Treoigh.
- Díchoimisiúnú Ghléasra reatha Cóireála Uisce Bhaile Rád agus oibreacha gaolmhara astarraingthe amh-uisce ar an Dúghlais agus ar an Deighean.

## BAINISTIÚ BRÚ

Suiteáladh dá chomhla laghdaithe brú (CLB-anna) i mí na Samhna 2020 ar an bpríomhchraobh lena gcuirtear soláthar ar fáil do Chathair Chill Chainnigh ó ghléasraí cóireála Choill an reoigh agus Bhaile Rád. Cuireadh na CLB-anna sin, a rialaítear go cianda agus a ghníomhachtaítear go hiodrálach, in ionad comhlaí scóigthe, rud a laghdaigh brúnna sa ghréasán i gcomhréir leis an sreabhadh trí na comhlaí, agus ba é a lean as sin ná ardbhrú san oíche agus brúnna laghdaithe le linn tréimhsí buaicéilimh. Mar thoradh ar brúnna níos cobhsaí a ghiniúint laistigh de ghréasán Chathair



Suiteáil CLB-anna ag GCU Bhaile Rád

Chill Chainnigh, bhíothas in ann úsáid a bhaint as feidhmchlár bainistithe brú mhéadaithe agus bhí éifeacht dhíreach aige sin ar leibhéal na sceití. Ba é a bhí sna sábhálacha a baineadh amach de bharr CLB-anna go deireadh na bliana ná 1.065ML/L agus bhí laghdú 15% ann maidir le minicíocht i dtaca le píobáin réabtha de. Mar thoradh ar na hoibreacha, cuireadh feabhas ar an soláthar i gcás chuir mhóir áitreabh sa Chathair, go háirithe i gceantar Ráth an tSiollámaigh.

## OIBREACHA ATHSHLÁNÚCHÁIN PRÍOMHPHÍOBÁN



Seireapún an Fhásaigh, Baile Mhic Andáin - críochnaíodh suiteáil i leith 450m de Phríomhphíobán Aispeiste uisce 100mm ar cuireadh 125 mm de phríomhphíobán HDPE ina ionad ar an R448 feadh láithreán Mhainistir Sheireapúin.

Tá bailchríoch curtha ar dhearthaí mionsonraithe le haghaidh scéimeanna athshlánúcháin príomhphíobán i gCnoc an Tóchair agus ar Bhóthar Fhearann na Feoire faoi seach agus tá an obair ina leith sin le tosú i Ráithe 1 den Bhliain 2022.

## SEIRBHÍSÍ CÚLCHLÓIS

- Cuireadh tionscadal athshlánaithe príomhphíobán agus cúlchlóis Plás Fatima i gcrích i Ráithe 3 den bhliain 2021.
- Mar thoradh ar dhíchoimisiúnú sean-phríomhphíobáin, tháinig laghdú ar sceitheadh agus feabhsaíodh an brú i gcás chónaitheoirí Phlás Fatima, Shráid Emmet agus Ardán San Treasa.
- Críochnaíodh oibreacha luaidhe i bPlás an Athar Uí Dhulchaointigh agus ar Shráid Bhailcín, Cill Chainnigh, i Ráithe 3 den bhliain 2021.
- Sráid Mhichíl, Cill Chainnigh - Tíolacadh réamh-dhearadh le haghaidh athshlánúchán príomhphíobán (196m) agus seirbhísí cúlchlóis (9) – agus tá na hoibreacha tógála le déanamh sa bhliain 2022
- Plás Fhiachra Cill Chainnigh - Tíolacadh réamh-dhearadh le haghaidh athshlánúchán príomhphíobán (697m) agus seirbhísí cúlchlóis (909) - agus tá na hoibreacha tógála le déanamh sa bhliain 2022

## AIMSIGH & DEISIGH

Leanadh den phróiseas 'Aimsigh agus Deisigh' sa bhliain 2021 agus laghdaíodh na sceití i gcriosanna soláthair uisce Dhroichead Binéid, Chaisleán an Chomair, Bhaile Mhic Andáin, Inis Tíog, Chill Chainnigh Theas, Bhaile an Phoill agus Chathair Chill Chainnigh.

## FIRST FIX

Athchromadh ar mhangaireacht fóin i Ráithe 2 den bhliain 2021 tar éis deireadh a chur le srianta Covid-19.Chuir conraitheoir nua le hoibreacha 'First Fix' i Ráithe 3 den bhliain 2021 a mhéid a bhain le Sceití ar thaobh Custaiméirí i gCill Chainnigh i gcás ina raibh tarscaoileadh faighte ag úinéirí maoine. Cabhraíonn na hoibreacha sin le feabhas a chur ar sholáthairtí i gcás na gcustaiméirí go léir atá páirteach sa scéim agus le laghdú a dhéanamh ar dhiomailt uisce.

## FEIDHMÍOCHT CHOMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH MAIDIR LE LAGHDÚ SCEITÍ

Eisíodh plean maidir le laghdú sceití i bhFeabhra 2021 agus, sa phlean sin, leagadh amach plean Uisce Éireann agus Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i leith laghdú sceití agus éilimh d'fhonn glanlaghdú 0.75ML/L a bhaint amach ó thaobh sceitheadh de sa bhliain 2021. Is ionann an laghdú sin agus an t-éileamh a

bhaineann le soláthar do circa 2,100 aonad tithíochta.

| Bunlíne i leith Sceití MLL | Sprioc 2021 i leith Sceití MLL | Sceití 2021 Iarbhír MLL | An bhfuil Sceití Tuairiscithe deréirnaSprice? |
|---|---|---|---|
| 11.80 | 11.05 | 10.24 | YES |

Ar bhonn na sonraí thuas, tá sábhálacha 1.56MLL bainte amach i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2021, agus tá sé sin os cionn an sprioc a bhí beartaithe, mar atá, 0.75MLL..

## AN CLÁR DÍGHALRÚCHÁIN AGUS CEARTÚCHÁIN PH

Cuireadh an Clár Díghalrúcháin agus PH i gcrích sa bhliain 2021. Mar thoradh ar an uasghrádú seo ar oibreacha ag Gléasraí Cóireála Uisce agus ag taiscumair tá caighdeánú déanta ar an réimse díghalrúcháin ar fud an Chontae. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht uisce óil mar gheall ar fheabhsú an chórais agus na gcaighdeán díghalrúcháin agus, ag an am céanna, mar gheall ar dheimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfar na rialacháin go léir. Leanadh ar aghaidh le tograí i leith dhearadh na cosanta foinse i nGléasraí Cóireála Uisce sa Ghoirtín agus i mBaile Shéamais



Ardán Rochtana Nua, agus tacaíocht Lámhráille ann, in GCDU Bhaile Phóil

agus tá tús le cur leis na hoibreacha i Ráithe 2 den bhliain 2022.

## ROCHTAIN AR IONAID ARDA AGUS COSAINT CIUMHAISE

design proposals continuing at Gorteen and Jamestown Water Treatment Plants with works scheduled for Q2 2022.

## SCÉIM RIOCC

Chuathas i mbun na scéime seo i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann. Ceapadh conraitheoirí chun oibreacha a dhéanamh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le titim ó ionaid arda agus d'fhonn sábháilteacht an phearsanra i Láithreáin ainmnithe Dramhuisce agus Uisce i gCill Chainnigh a áirithiú. Oibreacha ar dhréimirí, ar ardáin agus ar chlúdaigh, lámhráillí, fálú, slándáil etc. Táthar tar éis measúnachta riosca a thíolacadh i leith 19 láithreán agus cuirfear tús leis na hoibreacha i Ráithe 4 den bhliain 2021.

## AN CLÁR LEASA

I gcomhar le hUisce Éireann, tá Saoráidí Leasa le soláthar sna Láithreáin Chóireála Uisce seo a leanas i gCill Chainnigh:

- GCU na Leamhán
- GCU Bhaile Rágad
- GCU Ghabhráin
- GCU Dhroichead Binéid
- GCU Challainn

Cuireadh tús leis na hoibreacha sa bhliain 2021 agus tá siad le cur i gcrích sa bhliain 2022.

## AN CLÁR UISCE TUAITHE

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an tÚdarás Maoirseachta i leith soláthairtí uisce poiblí. Is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseachta i leith soláthairtí uisce príobháideacha i gContae Chill Chainnigh a thagann faoi réim na Rialachán maidir le hUisce Óil. Tá 144 Sholáthar Phríobháideacha bheaga (SPB-anna) ann, ina gcuimsítear scoileanna, áitribh bhia agus eastáit tithíochta tuaithe de ghnáth.

Déanann an Chomhairle bainistíocht ar Dheontais Rialtais a cheadaítear faoin gClár Uisce Tuaithe le haghaidh grúpscéimeanna uisce agus dramhuisce, agus leithroinneann an Chomhairle na deontais sin, agus, chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle an bhainistíocht agus an leithroinnt sin i ndáil le deontais i leith toibreacha príobháideacha.

- 195 nGrúpscéim Uisce i gContae Chill Chainnigh.
- Freastalaítear ar 125 cinn as foinsí dílse.
- Freastalaítear ar 70 ceann as príomhphíobáin phoiblí.
- Íocadh suim €439,528.26 le 51 Ghrúpscéim i bhfoirm Fóirdheontais Ghrúpa i gcomhair na gcostas a ghabhann le Scéimeanna Uisce.
- Ceadaíodh 194 iarratas ar dheontas chun toibreacha a sholáthar do thithe príobháideacha.
- Íocadh €504,977.51 i bhfoirm deontais do thoibreacha.

I rith na bliana dúshlánaí faoi thrácht (de bharr shrianta Covid 19), níor cuireadh tús le roinnt tionscadal a bhí beartaithe don bhliain 2021 faoin gClár Uisce Tuaithe ach d'íoc an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil €680,422 le Comhairle Chontae Chill Chainnigh le haghaidh oibreacha ar leith.

**Áirítear na nithe seo a leanas i measc na n-oibreacha sin:**

- €15,375 le haghaidh Cosaint Foinsí
- €324,306 le haghaidh Uasghráduithe Cóireála agus Tionscadail Chuíchóiriúcháin/Chónascacháin
- €336,491 le haghaidh athsholáthar príomhphíobán, caomhnú uisce agus méadrúcháin
- €4,250 le haghaidh GSU a ghlacadh faoi chúram ag Uisce Éireann.

# AN STIÚRTHÓIREACHT
## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, SÓISIALTA, POBAIL & CULTÚIR

**Stiúrthóir Seirbhísí: Máire S. Uí Mhaolchallann**



# TITHÍOCHT

## *TITHÍOCHT & CÓIRÍOCHT*

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Tithíochta raon leathan seirbhísí d'iarratasóirí agus do thionóntaí chun soláthar cóiríochta de chineál neamhspleách agus faoi thacaíocht a éascú agus chun tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Baintear an méid sin amach trí thacaíochtaí éagsúla tithíochta sóisialta a bhíonn á dtairiscint ag an Údarás Tithíochta, agus ag Grúpaí Deonacha agus ag an Earnáil Phríobháideach. Is seirbhís chliant-bhunaithe í soláthar tacaíochta tithíochta agus bíonn gá le dlúth-theagmháil le teaghlaigh agus le daoine aonair ina leith. I rith na bliana 2021, bhí dúshláin mhóra ann maidir le soláthar seirbhísí mar gheall ar Phaindéim Covid 19. Le tacaíocht ón bpobal, agus mar thoradh ar dhíograis na foirne tithíochta, coimeádadh na seirbhísí riachtanacha go léir ar bun ar fud na bliana 2021.

## *AN CLÁR CAIPITIÚIL TITHÍOCHTA 2021*

Cuireadh 143 theach cónaithe nua-thógtha agus 8 n-aonad athfheistithe ar fáil i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2021 faoi chlár soláthair tithíochta 'Atógáil Éireann'.
Ba é sin an soláthar ba shuntasaí le tamall de bhlianta i dtaca le thithíocht shóisialta nua-thógtha de.

- Glebeside, Donaguile, Caisleán an Chomair - críochnaíodh 33 aonad i Meitheamh 2021 – Tógáil Dhíreach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh (CCCC). Deartha ag McGarry NíEanaigh, Ailtirí, Conraitheoir:- Cleary Doyle Construction Ltd
- An Pháirc Nua [Cnoc an Ghréasaí], Bóthar Chaisleán an Chomair, Cathair Chill Chainnigh, críochnaíodh 18 n-aonad i Meitheamh 2021 – Tógáil Dhíreach CCCC, Deartha ag CJ Falconer
- agus a Chomhlaigh, Conraitheoir: - Nevin Construction
- Ascaill an Stáisiúin, Céim 2, Baile Rágad, Co. Chill Chainnigh, críochnaíodh 22 aonad i Meitheamh 2021 – Tógáil Dhíreach CCCC, Deartha ag CJ Falconer agus a Chomhlaigh, Conraitheoir:- Thos. Kelly & Sons
- Garrán hAbhann Móire, Cill Mhic Bhúith Íochtarach, Co. Chill Chainnigh, críochnaíodh16 aonad i mí Aibreáin 2021 – Tionscadal Lándéanta CCCC, David Flynn Construction
- Ard Seville, Baile Mháiréide, Bóthar Challainn, Cathair Chill Chainnigh, críochnaíodh 40 aonad i mí Eanáir 2021 – Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (CTC), Lándéanta – Tithíocht Respond
- Cois na Bearú, Gráig na Manach, críochnaíodh 14 aonad i mí Eanáir 2021 – CTC, Lándéanta - Tithíocht Comharchumainn
- Ayrfield, Cathair Chill Chainnigh, soláthraíodh 8 n-aonad trí athfheistiú agus athchumrú a dhéanamh ar seanbhloc árasán chun 4 aonad a chruthú atá lánoiriúnach d'úsáideoirí cathaoireach rothaí.

### *Tionscadail atá ar siúl - Le críochnú sa bhliain 2022*

| |
|---|
| 17 nAonad ann ag Limegrove, Baile na Gráige, Port an Chalaidh (Lándéanta) |
| 8 n-aonad ag Cúirt Pennefeather, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh (Lándéanta) |
| 58 n-aonad ag Faiche Pennefeather, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh (Lándéanta) |
| 2 aonad i Seangánach, Baile Sheinicín (Tógáil Dhíreach CCCC) |
| 23 aonad ag an Abhallord Nua, Cathair Chill Chainnigh (CTC, SLAC, Lándéanta - An Chlúid) |
| 12 aonad i bPlás an Bhráthar Tomás, Lána an Teampaill (CTC, SRCL, Tógáil Dhíreach – CTDCC) |
| 7 Cúirt Fiennes, Sráid Liam, Cathair Chill Chainnigh (TTC, Athfheistiú SRCL – CTDCC) |
| 2 aonad ag Abhainn Rí, Inis Snag (CTC, Athfheistiú SRCL) |
| 5 aonad ag Grennan Villa, Baile Mhic Andáin (CTC – SRCL) |

### *Aonaid atá á n-ullmhú ar an láithreán nó le tosú ar an láithreáin sa bhliain 2022*

| |
|---|
| 25 aonad i dTobar Mhuire, Baile Mhic Andáin (Tógáil Dhíreach CCCC) |
| 6 aonad ar Bhóthar an Mhachaire Ghailf, (Siopa Uí Mhaolchathail) Cill Chainnigh (tógáil dhíreach CCCC) |
| 22 aonad ag Inse an Chairn, Muileann an Bhata (tógáil dhíreach CCCC) |
| 2 aonad ag an sean-Stáisiún Dóiteáin, Gráig na Manach, (tógáil dhíreach CCCC) |
| 88 n-aonad (tithe/árasáin) agus saoráid phobail ag Cnoc an Chrócaraigh, Bóthar Thobar Chainnigh, Cill Chainnigh (tógáil dhíreach CCCC) |
| 1 bhungaló sorochtana, An Cuarbhóthar, Cill Chainnigh (tógáil dhíreach (CCCC) |
| 1 bhungaló sorochtana, Gort na Faiche, Callainn (tógáil dhíreach (CCCC) |



Glebeside, Donaguile, Caisleán an Chomair - críochnaíodh 33 aonad i Meitheamh 2021 – Tógáil Dhíreach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh (CCCC). Deartha ag McGarry NíEanaigh, Ailtirí, Conraitheoir:- Cleary Doyle Construction Ltd



Garrán hAbhann Móire, Cill Mhic Bhúith Íochtarach, Co. Chill Chainnigh, críochnaíodh 16 aonad i mí Aibreáin 2021 – Tionscadal Lándéanta CCCC, David Flynn Construction



Ard Seville, Baile Mháiréide, Bóthar Challainn, Cathair Chill Chainnigh, críochnaíodh 40 aonad i mí Eanáir 2021 – Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (CTC), Lándéanta – Tithíocht Respond



An Pháirc Nua [Cnoc an Ghréasaí], Bóthar Chaisleán an Chomair, Cathair Chill Chainnigh, críochnaíodh 18 n-aonad i Meitheamh 2021 – Tógáil Dhíreach CCCC, Deartha ag CJ Falconer agus a Chomhlaigh, Conraitheoir:- Nevin Construction



Ascaill an Stáisiúin, Céim 2, Baile Rágad, Co. Chill Chainnigh, críochnaíodh 22 aonad i Meitheamh 2021 – Tógáil Dhíreach CCCC, Deartha ag CJ Falconer agus a Chomhlaigh, Conraitheoir:- Thos. Kelly & Sons

## *AN ÍOCAÍOCHT CHÚNAIMH TITHÍOCHTA (ÍCT) & AN SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (SCC)*

- Bhí 774 thionóntacht ghníomhacha ÍCT ann ar an 31 Nollaig 2021
- Cuireadh 151 tionóntacht nua ÍCT ar bun sa bhliain 2021~
- Fuair 138 dtionónta ÍCT Tithíocht Shóisialta sa bhliain 2021
- Dúnadh 87 dTionóntacht ÍCT sa bhliain 2021
- Caitheadh €5.8m ar chóiríocht SCC
- Soláthraíodh 405 aonad SCC le haghaidh iarratasóirí ar thithíocht shóisialta

## *SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN SA BHLIAIN 2021*

Bíonn ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh dúshláin shuntasacha a shárú le linn di déileáil le daoine agus le teaghlaigh a fhágtar gan dídean. Tá easpa soláthair tithíochta ann, mar aon le cíosanna méadaitheacha, agus, dá bharr sin, tá daoine á bhfágáil gan dídean.

| ACHOIMRE AR SHEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN SA BHLIAIN 2021 | |
|---|---|
| An líon daoine a tháinig chun cinn mar dhaoine gan dídean | **370** |
| Torthaí Measúnachtaí i leith Daoine Gan Dídean | |
| Cosc & Idirghabhálacha | **193** |
| Seirbhís Éigeandála | **84** |
| Gan bheith cáilithe/Níor baineadh leas as an tseirbhís | **96** |
| Seirbhís Aimsitheora Áite ÍCT | |
| An líon tionóntachtaí ÍCT i leith Daoine Gan Dídean ar an 1 Eanáir 2021 | **70** |
| An líon tionóntachtaí ÍCT i leith Daoine Gan Dídean a cruthaíodh i rith na bliana | **30** |
| An líon tionóntachtaí ÍCT i leith Daoine Gan Dídean a bhí ann ar an 31 Nollaig 2021 | **100** |
| An líon clistí i gás tionóntachtaí ÍCT i leith Daoine Gan Dídean | **1** |

## *MEASÚNACHT AR AN RIACHTANAS TITHÍOCHTA 2021*

Athbhreithníodh 532 iarratas ar thithíocht shóisialta mar chuid den Achoimre ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta 2021.

Ba é a bhí san Oll-Éileamh ar Thithíocht ar an 31 Nollaig 2021 ná 1,619 agus tá anailís chomparáideach i leith blianta roimhe seo leagtha amach anseo thíos:

| BLIAIN | |
|---|---|
| Nollaig 2021 | **1,619** |
| Nollaig 2020 | **1,899** |
| Nollaig 2019 | **1,988** |
| Nollaig 2018 | **2,070** |
| Nollaig 2017 | **2,180** |
| Nollaig 2016 | **2,059** |
| Nollaig 2015 | **2,744** |
| Nollaig 2014 | **2,456** |
| Nollaig 2013 | **2,144** |
| Nollaig 2012 | **3,688** |
| Nollaig 2011 | **3,118** |
| Nollaig 2010 | **2,876** |

## LEITHROINNTÍ TITHÍOCHTA

Sa bhliain 2021, tairgeadh 406 thionóntacht d'Iarratasóirí ceadaithe ar Thithíocht Shóisialta.

| Comhairle Chontae Chill Chainnigh | % | Comhlacht Tithíochta Ceadaithe | % | |
|---|---|---|---|---|
| Leithroinntí a Tairgeadh | **284** | | **122** | |
| Tairiscintí ar glacadh leo | **214** | **75%** | **91** | **75%** |
| Tairiscintí ar diúltaíodh dóibh | **64** | **3%** | **27** | **22%** |
| Cinntí Ar Feitheamh | **6** | **2%** | **4** | **3%** |

## AN STOC TITHÍOCHTA A CHOTHABHÁIL

Fuarthas 5,974 ghlao chun 7,251 ítim deisiúcháin a iarraidh. De bharr shrianta Covid 19, bhí oibreacha cothabhála tithíochta teoranta do dheisiúcháin riachtanacha. Bhí sábháilteacht tionóntaí agus ball foirne thar a bheith tábhachtach i rith na bliana agus más rud é gur cuireadh saincheisteanna cothabhála siar déanfar iad a athbhreithniú nuair atá deireadh le srianta Covid 19.

Oiriúnaíodh 26 mhír maoine agus méadaíodh mír amháin maoine mar chuid de Scéim na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta ar chostas iomlán €175,934 agus fuarthas leithroinnt €144,340 ón Roinn ina leith sin.

## MAOIN FHOLAMH

| |
|---|
| Athfheistíodh 61 mhír maoine faoi chlár na maoine foilmhe chun oibreacha a dhéanamh ar mhaoin fholamh chun iad a chur á n-úsáid arís chomh tapa agus ab fhéidir. |
| Fuair Chomhairle Chontae Chill Chainnigh deontas €718,186 lena aghaidh sin. |

## AN CLÁR AISFHEISTITHE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Uasghrádaíodh 31 aonad sa bhliain 2021 ar chostas €917,191 don Chlár Aisfheistithe Fuinnimh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2021.

Fuair Chomhairle Chontae Chill Chainnigh deontas €814,538 lena aghaidh sin.

## IASACHTAÍ TITHÍOCHTA & AN SCÉIM CEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

I rith na bliana 2021, díoladh 5 Theach Inacmhainne faoin Scéim Ceannaigh Incrimintigh i bPáirc Hoban, Callainn agus díoladh dhá mhír maoine déag eile faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí.

| | |
|---|---|
| **61** | An Líon Iarratas a Fuarthas |
| **22** | An Líon Deontas a Ceadaíodh [Luach €2.841,652m] |
| **21** | An líon Deontas a Íocadh [Luach €2.696,3352m] |
| **€128,000** | Meánmhéid na nDeontas a Íocadh |

## *DEONTAIS DO THITHÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH*

Sa bhliain 2021, tháinig dúshláin chun cinn i réimse na nDeontas Tithíochta mar gheall ar Covid-19. D'imir na srianta a cuireadh i bhfeidhm tionchar ar mheasúnú iarratas ag Teiripeoirí Ceirde. Bhain baill foirne teicniúla sa réimse Tithíochta úsáid as cigireachtaí deisce. D'fhulaing iarratasóirí moilleanna i dtaca le conraitheoirí a bheith in ann oibreacha a dhéanamh agus meastacháin a chur ar fáil.

| Deontais a Íocadh suas go dtí an 31 Nollaig 2021 | | |
|---|---|---|
| **Uimh. na Scéime** | **Méid** | **€** |
| DOT - Deontas Oiriúnaithe Tithíochta | 85 | €697,073 |
| DCS - Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta | 25 | €106,548 |
| CTDS - Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 124 | €705,460 |
| Iomlán | 234 | €1,509,081 |
| | | |

## *CÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS*

D'imir Covid-19 tionchar ar an líon cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2021.

| CIGIREACHTAÍ AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS 2021 | | |
|---|---|---|
| An Sprioc i leith Cigireachtaí don bhliain 2021 | 1,163 | |
| An Líon Iomlán Cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2021 | 437 | |
| An líon Cigireachtaí Céaduaire | 162 | |
| An líon Dara Cigireachtaí | 275 | |
| An líon Cigireachtaí Deiridh Comhlíontacha | 219 | |
| An líon Fógraí Feabhsúcháin a eisíodh | 6 | |
| An líon Fógraí Toirmisc a eisíodh | 1 | |

# AOISBHÁ

Is é atá i gComhghuaillíocht Aoisbhá Chill Chainnigh ná comhpháirtíocht dheonach ilghníomhaireachta a oibríonn go dlúth le daoine scothaosta i gCill Chainnigh. Tagann an Chomhghuaillíocht le chéile go tráthrialta ar fud na bliana agus tá freagracht uirthi i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis Aoisbhá Chill Chainnigh 2017-2022.

Is í Colette Uí Bhroin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chill Chainnigh, cathaoirleach na Comhghuaillíochta faoi láthair. Tá ionadaithe de chuid roinnt eagraíochtaí ina mbaill den Chomhghuaillíocht amhail FSS, an Garda Síochána, Aoisbhá Éireann, Comhpháirtíocht Leader, an Comhlachas Tráchtála, Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh agus Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh.

## COMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH

- Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil ar Chúrsaí Aoisbhá 2020 ar líne.
- Thíolaic an Chomhairle iarratais ar dheontais faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte le haghaidh tionscnaimh aoisbháúla.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le Stáisiún Traenach Aoisbháúil a dhéanamh de Stáisiún Mhic Donncha.
- Reáchtáladh 50 ceolchoirm allamuigh ag Tithe Altranais ar fud an Chontae.
- Faoin bhFeachtas 'Go dTé Tú Slán eagraíodh gníomhaíochtaí comhoibríocha aoisbháúla, lena
- n-áirítear cláir raidió dar teideal "The Tonic" agus "My Home Place", tacaíocht dhigiteach do dhaoine scothaosta i dTithe Altranais agus ábhar bolcsaireachta aoisbháúil.
- Faoin Tionscnamh Náisiúnta Cruthaitheachta, chuir an Chomhairle Dhearaidh agus Ceardaíochta clár náisiúnta i bhfeidhm chun deis a thabhairt do gach duine páirt a ghlacadh i dtionscadail éagsúla ceardaíochta.
- Suíocháin bhreise allamuigh ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- Páirc Nua Chois Abhann i Gcathair Chill Chainnigh inar áiríodh suíocháin aoisbháúla.
- Soláthraíodh tithíocht aoisbháúil faoin gClár Tithíochta.

## SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHONTAE CHILL CHAINNIGH

- Leathnaíodh an tseirbhís rathúil leabharlainne 'Ó Dhoras go Doras' chuig daoine os cionn 65 bliana d'aois.
- Tugadh tacaíocht don fheachtas 'Go dTé tú Slán' trí raon tionscnamh inar áiríodh ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí agus filíochta, Sraith Léitheoireachtaí ag Údair Éireannacha agus 'Diailigh Scéal'.
- Lainsseáladh clár Ambasadóirí na Leabharlann
- Aoisbháúil tar éis baill foirne leabharlainne a oiliúint chun bheith ina meantóirí digiteacha do dhaoine scothaosta.
- Méadaíodh na stoic leabhar leabharlainne chun freagairt ar an éileamh.
- I measc na dtionscnamh nua a tugadh isteach áiríodh an feachtas ar a dtugtar 'Grow it Forward', ranganna gharraíodóireachta ar líne agus an clár 'Eating Well'.
- Tairgeadh Boird Draíochta Leabharlanna Chaisleán an Chomair agus Ghráig na Manach do Thithe Altranais le haghaidh úsáid gearrthéarma.
- Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta, tugadh pacaí 250 bleibín hiasainte d'iasachtóirí 'Ó Dhoras go Doras'.
- Forbraíodh Clár Imeachtaí Geimhridh na Leabharlainne le cabhair ón BOO.

## COMHPHÁIRTÍOCHT ÁINEASA AGUS SPÓIRT CHILL CHAINNIGH

- Cuireadh siúlóid fhíorúil/rith fíorúil 5k chun cinn.
- Áiríonn an feachtas 'Go dTé Tú Slán' cláir 6 seachtaine cathaoir-bhunaithe a sheoltar trí ZOOM.
- 250 Mála Gníomhaíochta Fisiciúla d'aosaigh scothaosta, agus trealamh agus bileoga faisnéise iontu chun cabhrú le daoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gníomhacha. Bhailigh an Chosaint Shibhialta na málaí agus scaip siad ar fud an Chontae iad.
- Fuair baill foirne agus teagascóirí oiliúint Mhaide Gníomhaíochta agus tairgeadh an ghníomhaíocht sin d'aon ghrúpa pobail a léirigh spéis ann.
- I measc na gclár a reáchtáladh i rith na bliana áiríodh Bímis ag Gluaiseacht, a Mhnáibh, Ón Tolg go 3k, Fir ag Gluaiseacht, Ióga d'Fhir, Siúlóid Thrathnóna Luain agus 1,000 duine a spreagadh chun bheith aclaí, agus scoileanna san áireamh (Strava).
- Seoladh sheisiún 'Fir ag Gluaiseacht' (fir os cionn 45 bliana d'aois) ar an raon reatha.
- Fuarthas tacair boccia agus eagraíodh cláir foghlama saor in aisce faoi cheannas teagascóra d'eagraíochtaí nó do ghrúpaí nó i suíomhanna ar leith.

## AN GARDA SÍOCHÁNA

- Lean na Gardaí den teagmháil le Grúpaí Deonacha agus de chabhrú le daoine maidir le seachadadh earraí grósaeireachta, bailiú oideas agus cúnamh a thabhairt má bhí gá leis sin de bharr Covid.
- Bunaíodh Tionscadal Connect i gceantair ar fud an Chontae, lena n-áirítear Caisleán an Chomair, Tobar Eoin, Baile an Phoill agus Baile Sheinicín. Bhí an clár sin dírithe ar dhaoine a bhfuil seirbhísí tacaíochta baile acu ach a bhíonn ina n-aonar thairis sin.
- Thacaigh na Gardaí leis an Lions Club maidir le "Teachtaireacht i mBuidéal" a chur chun cinn. Is gnáthamh simplí é sin trína spreagtar do dhaoine a gcuid mionsonraí pearsanta agus sláinte le chéile agus in áit a bhfuil teacht orthu ar eagla go dtarlaíonn éigeandáil.
- Reáchtáladh Seachtain na Feasachta ar Chalaois ón 15 Márta go dtí an 21 Márta chun daoine a chur ar an eolas faoi chamscéimeanna a bhí coitianta an tráth sin.
- Bronnadh rothair a bhí in ann i stórais na nGardaí ar Men's Shed i gCallainn.

## COMHAIRLE SHEANÓIRÍ CHILL CHAINNIGH

- D'oibrigh Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh le healaíontóir chun cat a dhearadh mar chuid de Rian Dealbhóireachta Chait Chill Chainnigh.
- Glacadh páirt i bhFeachtas 'Go dTé Tú Slán', bhíothas i
- mbun idirchaidrimh le RÁCC (KCLR ) maidir le clár raidió dar teideal "The Tonic" a craoladh ó Eanáir 2021 ar feadh 12 sheachtain.
- Ullmhaíodh aighneachtaí i leith dhréacht-Phlean
- Forbartha an Chontae agus bhain na haighneachtaí sin le roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta, le spásanna páirceála ar leith do ghluaisteáin agus do bhusanna.
- Tugadh cabhair maidir le soláthar na dtáibléid aoisbháúla
- agus maidir le leithroinnt táibléad do chlár na dtinneas ainsealach.
- Scaipeadh Nuachtlitreacha Ráithiúla ar gach ball i
- mbunachar sonraí na Comhairle Seanóirí.
- Ghlac beirt bhall de chuid na Comhairle Seanóirí sa Choiste Tithíochta a bhí curtha ar bun ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun breithniú a dhéanamh ar dhoiciméid bheartais maidir le "Roghanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta".
- Tá ionadaithe de chuid na Comhairle Seanóirí ar an nGrúpa Oibre i leith Iompar Náisiúnta.
- Bunaíodh fochoiste chun mapáil a dhéanamh ar fhorbairtí maidir leis an gClár Aoisbhá le deich mbliana anuas. Ullmhaíodh leabhrán, mar aon le físeáin agus fuaimthaifeadtaí.
- Rinne an Chomhairle Sheanóirí suirbhéireacht maidir le hinfhaighteacht leithreas poiblí i lár Cathair Chill Chainnigh.
- Bhí Cruinniú Ginearálta Bliantúil na Comhairle Seanóirí le bheith ann i mí na Samhna 2021 ach cuireadh ar ceal é de bharr Covid.

## COMHPHÁIRTÍOCHT LEADER CHILL CHAINNIGH

- Tugadh an tionscadal Cúnaimh Thithíochta chun críche de bharr easpa tarchur, costais mhéadaitheacha, rochtain ar mhaoiniúchán agus chastacht roinnt jabanna.
- Ceadaíodh maoiniúchán don mhéid seop a leanas: rian siúil Bhaile Phóil, siúlán Áth na nUrlainn, halla pobail Chrois Phádraig, garraí pobail Ghleanntán na Rós, Páirc Abhainn an Phoill agus siopa/caifé nua pobail i Maigh Coillí.
- Tugadh tacaíocht do thionscadal píolótach fruilithe rothar i sé áit ar leithligh ar fud an Chontae áit ar féidir rothair agus trealamh a fhruiliú chun a chumasú do dhaoine cuairt a thabhairt ionaid éagsúla i gCill Chainnigh de réir a luais féin.
- Soláthraíodh oiliúint agus tacaíocht do líonra Men's Sheds.
- Oibríodh le grúpa pobail Lifelink chun caifé géarchéime lasmuigh de ghnáthuaireanta (tearmann) a chur ar fáil i gCill Chainnigh. Fuarthas maoiniúchán chun físeáin a ullmhú ina gcuirtear meabhairshláinte dhearfach chun cinn.
- Tugadh tacaíocht do Scoil Bhia Bhaile Mhic Andáin i gcomhair ranganna cócaireachta saor in aisce ar líne.
- Chuathas i mbun idirchaidreamh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh maidir le suiteáil 6 scáthlán nua bus i gceantair thuaithe i gCill Chainnigh.

## FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

- Fógraíodh Plean Seirbhíse Náisiúnta chun tuilleadh maoiniúcháin a sholáthar i gcomhair cúram a chur ar fáil sa phobal nó sa bhaile aon uair is féidir sin a dhéanamh. Is é is aidhm dó sin ná daoine a choimeád ina dtithe cónaithe féin chomh fada agus is féidir trí airgead a infheistiú i gcúram sóisialta agus i gcúram príomhúil agus laghdú a dhéanamh ar an líon daoine a théann isteach san ospidéal agus ar an líon coinní ospidéil. Ba limistéar píolótach é Cill Chainnigh/Ceatharlach le haghaidh an phlean.
- Reáchtáladh feachtas earcaíochta le haghaidh Foireann
- Tacaíochta Baile i rith na bliana 2021 agus ceapadh 20 Ball Foirne Tacaíochta nua.
- Bhí gach duine den Fhoireann Tacaíochta Baile vacsaínithe go hiomlán agus tugadh teanndáileoga dóibh i rith na bliana.
- Seoladh Fóraim na Soláthraithe Seirbhíse i mí Feabhra agus i mí na Samhna.
- Bhí Aifreann ann in Eaglais Chaisleán an Chomair Dé hAoine, an 10 Nollaig, ar 7.30pm, i gcuimhne ar na daoine a fuair bás mar thoradh ar Covid.
- duled to take place in November 2021 was postponed due to Covid.

## COMHLACHAS TRÁCHTÁLA CHILL CHAINNIGH

- Leanadh de bheith páirteach i dTionscnamh Gnó Aoisbháúil Chill Chainnigh i rith na bliana 2021.
- Tá Cill Chainnigh aitheanta ar fud na tíre mar cheann de na suíomhanna is rathúla i dtaca leis an gcoincheap seo a fhorbairt.
- Tugadh tacaíocht agus cabhair maidir le Gradaim Chomhlachais Tráchtála na hÉireann i leith Shármhaitheas an Rialtais Áitiúil 2021 a chur chun cinn ar gradaim iad a raibh catagóir Aoisbhá san áireamh iontu.

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHILL CHAINNIGH/CHEATHARLACH

- Soláthraíodh oiliúint le haghaidh tháibléid Acorn do Theagascóirí a bhí páirteach i ngrúpa oibre a chuir na táibléid ar fáil ar fud an Chontae.
- Tairgeadh cúrsaí do Thithe Altranais.
- Tairgeadh cúrsaí do Thithe Altranais.
- Soláthraíodh cabhair do ghrúpaí beaga/dhaoine aonair maidir le húsáid teicneolaíochta.
- Seoladh cúrsaí ar zoom agus i bpearsa i rith na bliana.
- Thug Iontaobhas Cathartha agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh deis go Ghrúpaí Oideachais Pobail chun a gcuid Bláthfhleasc Nollag a chur ar taispeáint i dTeach na mBuitléarach agus bhí 3 cinn acu sin ina ngrúpaí scoir ghníomhaigh.

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ (LRP) CHILL CHAINNIGH

- Oibríodh i gcomhar le Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Ionad Acmhainní Teaghlaigh, leis an mBord Oideachais agus Oiliúna agus le Comhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le táibléid Acorn a leithroinnt agus oiliúint agus tacaíocht a thabhairt le haghaidh na dtáibléad sin.
- Eagraíodh sraith ceardlann Aireachais gach tráthnóna Dé Máirt i mí Feabhra agus ba é Mindful Ireland a d'éascaigh na ceardlanna sin.
- Forbraíodh agus foilsíodh doiciméad treorach ar "Conas Meáin Shóisialta a Úsáid".
- Roghnaigh an Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide an treoir sin
- mar chuid de chlár píolótach i leith Comhrá ar Ghníomhú ar son na hAeráide a óstáil.

# CÚRSAÍ POBAIL

### GLAO POBAIL & AN FÓRAM POBAIL

Lean an Fóram Pobail de bheith ag teacht le chéile sa bhliain 2021 suas go dtí mí na Samhna mar chuid de fhreagairt an Rialtais ar COVID-19. Tar éis comhairle náisiúnta a fháil, agus tar éis athoscailt an gheilleagair i mí Dheireadh Fómhair, tháinig deireadh leis an bhFóram Pobail agus leis an nGlao Pobail, cé gur leanadh den líne chabhrach a oibriú trína chomhtháthú isteach i ngnáthsheirbhísí na Comhairle.

### FEACHTAS 'GO DTÉ TÚ SLÁN'

Cuireadh feachtas "Go dTé Tú Slán" i bhfeidhm sa chéad leath den bhliain 2021 mar chuid de Phlean Athléimneachta agus Téarnaimh an Rialtais 2020-2021 i leith Maireachtáil le COVID-19. I measc na dtionscnamh a bhí ann áiríodh seó raidió dar teideal "The Tonic" a bhí dírithe ar dhaoine scothaosta sa daonra, ceannach táibléad chun tacaíocht dhigiteach a chur chun cinn i measc daoine scothaosta i dtithe altranais, feachtas "leabhair thairbheacha" a sheol an Leabharlann, ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí agus 'Diailigh Scéal'.

### ÉIRE IIDÁNACH

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán €191,861 faoi chlár Éire Ildánach sa bhliain 2021 chun Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm i gCill Chainnigh. I measc na ngníomhartha a bhí ann sa chlár áiríodh scéim deontais, tionscadail chun tacú le cruthaitheacht i measc daoine scothaosta agus Cruinniú na nÓg.

### IONAD OIBRITHE DEONACHA DO CHILL CHAINNIGH.

Ceapadh bainisteoir nua don Ionad Oibrithe Deonacha i gCill Chainnigh i mí Eanáir 2021. Clúdaíonn an tIonad Oibrithe Deonacha limistéar Cill Chainnigh ar fad. Is carthanas cláraithe é Ionad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh agus is cuid de líonra 29 nIonad Oibrithe Deonacha ar fud na tíre é agus é cleamhnaithe le Comhairle Oibrithe Deonacha na hÉireann.

Seirbhís ionaid ilfheidhme atá ann le haghaidh riachtanais uile na n-oibrithe deonacha sa Chontae.

Maidir le daoine ar mian leo obair dheonach a dhéanamh, nó maidir le heagraíochtaí nó grúpaí ar mian leo oibrithe deonacha a aimsiú, is féidir le hIonad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh cabhrú leo teacht ar dheis le haghaidh obair dheonach oiriúnach ina gcomharsanacht trí sheirbhís meaitseála a sholáthar dóibh saor in aisce.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Chill Chainnigh Leanann an Chomhairle de thacaíocht agus d'acmhainní a thabhairt do LPR Chill Chainnigh trí chistí a chur ar fáil chun baill foirne a fhostú agus trí chóiríocht oifige a sholáthar.

### CISTE ATHGHINIÚNA AGUS FORBARTHA TUAITHE [CAFT]

Fuair an Chomhairle maoiniúchán €2,562,,291 le haghaidh leabharlann phoiblí agus saoráidí pobail i mBaile Mhic Andáin sa bhliain 2021. Maidir le tionscadail a ndeachthas ina mbun faoin gciste seo, cuireadh i gcrích iad ar Fhaiche an Aonaigh agus i bPáirc an Mhóta i gCallainn agus, chomh maith leis sin, ar Shráid Uí Lócháin Íochtarach i mBaile Mhic Andáin.
Rinneadh iarratas le haghaidh chéim deartha Láthair na Mainistreach i gCallainn ar láthair a mbeidh leabharlann nua, mol oibre cianda agus amharclann phobail ann mar chuid di.



Páirc Áineasa/Taitneamhachta Bhaile Mhic Andáin (roimh na hoibreacha & agus ina ndiaidh) – Athnuachan Bailte & Sráidbhailte





## *AN SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE & SRÁIDBHAILTE 2021*

- Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán
- €574,326 i leith 5 iarratas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le haghaidh tionscadail éagsúla in Achadh Úr, i mBaile Mhic Andáin, in Áth Stúin, i mBaile Hugúin agus i gCill Mhic Bhúith.
-
- Rinneadh 7 n-iarratas eile faoin nGnáth Scéim Bailte & Sráidbhailte le haghaidh tionscadail eile i mBaile an Phoill, i nGabhrán, i gCallainn, i mBaile Eoin, in Áth na nUrlainn, i nGráig na Manach agus i gCoill Mannach.
-
- Chuir an Chomhairle tionscadail i gcrích i Sliabh Rua,sa Robhar agus i mBaile Mhic Andáin.
- Rinneadh seiceálacha sláinte i gCaisleán an Chomair, i mBaile Mhic Andáin, in Áth na nUrlainn/i mBaile Eoin, sa Droichead Nua agus i Muileann an Bhata.

## *PLEANANNA FOIRNE BAILE*

- Sa bhliain 2021, i gcomhar le muintir Turley, chuaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh i gcomhairle le pobail áitiúla agus, mar thoradh air sin, forbraíodh Pleananna Baile le haghaidh bailte agus sráidbhailte (sé cinn san
- iomlán) - Caisleán an Chomair, Áth na nUrlainn, Baile Eoin, an Droichead Nua, Baile Mhic Andáin agus Muileann an Bhata. Tá Foirne Baile curtha ar bun i ngach suíomh ar leith chun na pleananna sin a mhúnlú agus a chur ar aghaidh.

## *TIONSCNAMH MÁISTIRPHLEAN LE HAGHAIDH LÁR AN BHAILE IN ÁTH NA BA NURLAINN*

- Fuair Cill Chainnigh maoiniúchán €100,000 chun máistirphlean a ullmhú le haghaidh lár an bhaile in Áth na nUrlainn. Fuarthas an maoiniúchán ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar chuid den bheartas maidir le Tús Áite do Lár an Bhaile.

## *AN SCÉIM FEABHSAITHE SRÁID-DREACH 2021.*

- D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail an scéim aonuaire seo i mí Lúnasa. Fuair an Chomhairle 61 iarratas ar mhaoiniúchán faoin scéim ó na bailte a bhí i gceist - Caisleán an Chomair, An Droichead nua, Muileann an Bhata, Baile Mhic Andáin agus Áth na nUrlainn. Ba é a bhí i méid iomlán na ndeontas a cuireadh ar fáil ná €130,414.

## SCÉIM CHAIPITIÚIL NA SAORÁIDÍ POBAIL AGUS CULTÚIR (SCSPC) (2021)

Bronnadh deontais SCSPC ar sheacht ngrúpa ar fud an Chontae sa bhliain 2021.

- Cumann Forbartha Bhaile an Phoill - €40,000 – Halla Pobail a Uasghrádú
- Ionad Pobail Mhaigh Coillí - €40,000 – Siopa agus caifé pobail
- CLCG na Gráige/Bhaile Uí Challáin - €35,000 – Siúlán pobail
- Highview Athletic - €30,000 – Siúlán pobail
- CLCG Dhroichead Binéid - €40,000 – Forbairt an chlubthí
- CLCG Mhuileann an Bhata - €40,000 – Siúlán pobail
- Club Liathróide Láimhe Cheanannais - €25,000 – Cúirt Liathróide Láimhe a Athfhorbairt
- Maoiniúchán faoin gClár Feabhsaithe Pobail



Forbairt Thaitneamhacht CLCG na Gráige/Bhaile Uí Challáin faoi SCSPC 2021



## STRAITÉIS CHILL CHAINNIGH MAIDIR LE LÁNPHÁIRTÍOCHT IMIRCEACH/FÓRAM LÁNPHÁIRTÍOCHTA CHILL CHAINNIGH

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán a fháil ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) chun tacú le bunú Fóraim Imirceach-Comhairleoirí. Is é atá i gceist leis an gclár ná ceardlanna i leith rannpháirtíochta, oideachais agus cumhachtú arb é is aidhm leo ná méadú a dhéanamh an éagsúlacht agus ar an uilechuimsitheacht le linn cinntí a dhéanamh agus leanfar den chlár sa bhliain 2022.

### Fóram Imirceach-Comhairleoirí Chomhairle Chontae Chill Chainnigh

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán a fháil ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) chun tacú le bunú Fóraim Imirceach-Comhairleoirí.
Is é atá i gceist leis an gclár ná ceardlanna i leith rannpháirtíochta, oideachais agus cumhachtú arb é is aidhm leo ná méadú a dhéanamh an éagsúlacht agus ar an uilechuimsitheacht le linn cinntí a dhéanamh agus leanfar den chlár sa bhliain 2022.

## COISTE FORBARTHA POBAL ÁITIÚIL CHILL CHAINNIGH [CFPÁ]

Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt don CFPÁ. Lean CFPÁ de bheith ag teacht le chéile ar bhonn fíorúil sa bhliain 2021 (6 chruinniú) de bharr srianta sláinte poiblí. D'éirigh le CFPÁ na Deontais faoin gClár Feabhsaithe Pobail, na Deontais i leith Fiontraíocht Shóisialta agus Clár Éire Shláintiúil a riaradh agus choimeád sé a ról formhaoirseachta ar bun i leith Chlár Chill Chainnigh maidir le CGUSP. Déanann an CFPÁ riaradh agus faireachán ar sruthanna éagsúla maoiniúcháin do phobail ina bhfuil eisiamh nó míbhuntáiste sóisialta.

## MAOINIÚCHÁN FAOIN CLÁR FEABHSAITHE POBAIL (CFP)

Fógraíodh dara babhta maoiniúcháin faoi Chiste Éigeandála COVID-19 i mí Eanáir 2021 agus bhí béim ar thacaíocht a chur ar fáil do phobail chun oiriúnú a dhéanamh ar a gcuid saoráidí d'fhonn déileáil le réaltacht nua COVID-19 agus, ina theannta sin, chun páirt níos leithne a ghlacadh i bhfeachtas "Go dTé Tú Slán" an Rialtais. Fuair CFPÁ leithroinnt €46, 621. Chuir CFPÁ 30 deontas ar fáil faoin mbabhta maoiniúcháin sin. I mí Bhealtaine, cuireadh €136,319 ar fáil faoin CFP.

Fógraíodh dara babhta maoiniúcháin faoi Chiste Éigeandála COVID-19 i mí Eanáir 2021 agus bhí béim ar thacaíocht a chur ar fáil do phobail chun oiriúnú a dhéanamh ar a gcuid saoráidí d'fhonn déileáil le réaltacht nua COVID-19 agus, ina theannta sin, chun páirt níos leithne a ghlacadh i bhfeachtas "Go dTé Tú Slán" an Rialtais. Fuair CFPÁ leithroinnt €46, 621. Chuir CFPÁ 30 deontas ar fáil faoin mbabhta maoiniúcháin sin. I mí Bhealtaine, cuireadh €136,319 ar fáil faoin CFP. Bhí an dara babhta maoiniúcháin dírithe ar dheontas a sholáthar i gcomhair tionscadal nó saoráidí feabhsaithe trealaimh (ar aon dul le blianta roimhe seo) agus ar dheontais aonuaire a sholáthar i gcomhair na gcostas a bhaineann le hathoscailt saoráide nó e hinmharthanacht saoráide. Faoin mbabhta seo, bhí deontais bheaga ar fáil arbh fhiú suas le €3,000 iad, mar aon le deontais mheánacha suas le €10,000.San iomlán, tugadh 43 dheontas do ghrúpaí pobail.

I mí na Samhna 2021, d'fhógair an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe Ciste na nGníomhaíochtaí Pobail faoin gClár Feabhsaithe Pobail. Fuair CFPÁ leithroinnt €272,638. Tá an Ciste sin ann chun tacú le grúpaí, go háirithe grúpaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, i dtaca le costais reáchtála/costais oibriúcháin de chineál neamhphá agus ina theannta sin, chun deisiúcháin/ feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ar a gcuid saoráid. Tá an Scéim seo le fógairt agus le próiseáil go luath sa bhliain 2022.

## DEONTAIS FIONTRAÍOCHTA SÓISIALTA

Leithroinn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €26,544 don CFPÁ. Bhí an Scéim teoranta d'Fhiontair Shóisialta agus bhí sí dírithe ar mhaoiniúchán a sholáthar chun trealamh a cheannach nó chun deisiú nó athfheistiú a dhéanamh lena chumasú d'fhiontair shóisialta feabhas a chur ar sholáthar a gcuid seirbhísí. Rinne an CFPÁ measúnú ar iarratais faoin scéim agus cuireadh moladh ar aghaidh chuig an Roinn lena cheadú. Cheadaigh an Roinn ocht ndeontas.

## ÉIRE SHLÁINTIÚIL

Lean an Roinn Sláinte agus Pobal de thacaíocht a thabhairt don tríú babhta maoiniúcháin as Ciste Éire Shláintiúil (CÉS) agus tá an babhta sin fadaithe go Márta 2022 anois. Tá sé mar aidhm ag an maoiniúchán seo tacú le heagraíochtaí áitiúla agus le heagraíochtaí náisiúnta gníomhartha de chineál a chuirfidh feabhas ar shláinte agus ar fholláine i gcomhréir le 'Éire Shláintiúil, Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Feabhsaithe 2013–2025' agus le Plean Pobail Chill Chainnigh Shláintiúil a chur i bhfeidhm. Is é atá i mbuiséad ceadaithe deiridh an CFPÁ faoi 'Éire Shláintiúil' (Iúil 2019 - Márta 2022) ná €291,311 (Ciste 'Éire Shláintiúil - €229,761 agus an Ciste Meabhairshláinte Pobail - €61,550). Leanadh ar aghaidh le gníomhartha Bhabhta 3 de chlár 'Éire Shláintiúil' sa bhliain 2021. Fuair an CFPÁ faisnéis uasdátaithe agus cur i láthair faoin dul chun cinn i leith gníomhartha ó Chomhordaitheoir 'Éire Sláintiúil' i gCill Chainnigh agus ó na comhpháirtithe rannpháirteacha.

## GNÍOMHARTHA DE CHUID CHILL CHAINNIGH SHLÁINTIÚIL 2021

Trí Chlár Rannpháirtíochta Pobail Chill Chainnigh Shláintiúil, tacaíodh le teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh aontuismitheora, le daoine aonair atá faoi chumas, le hÍospartaigh Drochúsáide Baile agus le haosaigh óga & scothaosta atá leithlisithe mar thoradh ar Phaindéim COVID-19. Chuir an clár Rannpháirtíochta Pobail ar cumas an CFPÁ agus Choiste Éire Shláintiúil Chill Chainnigh tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine a mbíonn leo déileáil le héagothroime shláinte.

Mar chuid de Ghníomhaíochtaí Pobal Sláintiúil Uilechuimsitheach, lean Comhpháirtíocht Spórt Áineasa Chill Chainnigh de chláir Gníomhaíochta Fisiciúla a sholáthar, agus iad dírithe ar phobail nach bhfuil teacht orthu go héasca i gCaisleán an Chomair, in Áth na nUrlainn, i gCallainn agus i gCathair Chill Chainnigh. D'oibrigh Aontas Thithe na mBocht i gcomhar leis an CFPÁ chun eolas a chur ar fáil le haghaidh Phlean Iompair Chill Chainnigh agus Phlean Forbartha Chill Chainnigh agus bhain sé sin le tuiscint a fháil ar riachtanais, ar eispéiris agus ar bhacainní ar shoghluaisteacht (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus le spásanna poiblí i gCathair Chill Chainnigh a mhéid a bhaineann le grúpaí tearc- ionadaíochta, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas. Chomh maith leis sin, d'áirigh an gníomh sin comhoibriú le Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus le FSS i ndáil le dul i gcomhairle le daoine óga maidir le fís a chruthú le haghaidh Mháistirphlean na Leacan.

## TEAGHLAIGH AONTUISMITHEORA CHILL CHAINNIGH: RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL

Rinne éascaitheoir gníomhartha de chuid Anailís CFPÁ ar Riachtanais Tuismitheoirí Aonair, dar teideal 'Guth agus Infheictheacht', a chur i bhfeidhm. I measc na ngníomhartha sin, áiríodh an méid seo a leanas: Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh aontuismitheora, agus méadú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht, i dtaca le teaghlaigh ar theastaigh uathu obair dheonach a bheith ann mar chuid den Líonra Piaraí. Bhí an próiseas dírithe ar fhorbairt fhailícaidreamh laistigh den ghrúpa agus rinneadh scrúdú ar mhúnla tacaíochta piaraí lena linn. Ina theannta sin, bhain an obair le gníomhaíochtaí méadaithe feasachta agus le hacmhainní forbartha réamhaisnéise agus mol sóisialta & faisnéise.

## GNÍOMHARTHA RÉIGIÚNACHA

Leanadh ar aghaidh le Gníomhartha Réigiúnacha trí dhá chlár 'Bia Sláintiúil Gan Stró' a reáchtáil i gCill Chainnigh agus trí chúig cinn de chláir ar líne maidir le hOiliúint Athléimneacht Aosach a reáchtáil ar fud an réigiúin.

## CLÁR PÍOLÓTACH I LEITH OIDEASÚ SÓISIALTA

Cuireadh an Clár Píolótach i leith Oideasú Sóisialta ar aghaidh i gCathair & i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2021. Is léir go bhfuil an tSeirbhís seo ina tacaíocht riachtanach do dhaoine atá ag iarraidh feabhas a chur ar a sláinte agus ar a bhfolláine, laghdú a dhéanamh ar uaigneas agus ar leithlisiú, agus cumhachtóidh sé do dhaoine a bheith rannpháirteach ina bpobal agus teacht a bheith acu ar thacaíochtaí áitiúla.

## DEONTAIS BHEAGA I LEITH MEABHAIRSHLÁINTE PHOBAIL

Tá an CFPÁ ag leanúint de bhainistíocht a dhéanamh ar an gconradh maidir leis an gClár Gníomhachtaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta Pobail (CGUSP) lena ngabhann luach €650,090. Thacaigh Plean 2021 le níos mó ná 32 ghrúpa pobail i limistéir faoi mhíbhuntáiste sa Chontae. Ina theannta sin thacaigh clár CGUSP le 482 nduine aonair i leith cúrsaí oideachais a dhéanamh, fostaíocht a fháil nó ionad a aimsiú sa réimse fiontraíochta.


## CLÁR GNÍOMHACHTAITHE

## UILECHUIMSITHEACHTA SÓISIALTA POBAIL (CGUSP)

Tá an CFPÁ ag leanúint de bhainistíocht a dhéanamh ar an gconradh maidir leis an gClár Gníomhachtaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta Pobail (CGUSP) lena ngabhann luach €650,090. Thacaigh Plean 2021 le níos mó ná 32 ghrúpa pobail i limistéir faoi mhíbhuntáiste sa Chontae. Ina theannta sin thacaigh clár CGUSP le 482 nduine aonair i leith cúrsaí oideachais a dhéanamh, fostaíocht a fháil nó ionad a aimsiú sa réimse fiontraíochta.

## GRÚPA IDIRGHNÍOMHAIREACHTA CHILL CHAINNIGH I LEITH AN LUCHT SIÚIL (GICCLS)

D'ullmhaigh baill GICCLS Próifíl Anailíse Riachtanas agus Plean Gníomhaíochta 2 Bhliain i gcomhair le Pobal an Lucht Siúil i gCill Chainnigh. Bronnadh maoiniúchán ar Ghluaiseacht Phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh faoin gClár píolótach trí bliana maidir le Forbairt Pobail a d'fhógair Seosamh Ó Briain T.D., Aire Stáit Forbartha Pobail agus Carthanas.





## PLEAN FEABHSAITHE BHAILE CHALLAINN

Rinneadh 80% de na tionscadail/gníomhartha i bPlean Feabhsaithe Bhaile Challainn a chur i gcrích sa bhliain 2021.

## LEABHRÁN NA NDEONTAS POBAIL

D'ullmhaigh an Chomhairle an ceathrú leabhar faisnéise faoi Dheontais Phobail agus lainseáladh é go luath sa bhliain 2021. Bhí an doiciméad idirghníomhach sin ar fáil ar líne freisin.

## CÉIM 4 - IONAD ILFHEIDHME

Forbraíodh Céim 4 den IONAD ILFHEIDHME Ar Líne i gcomhair maoiniúcháin. Tá an tairseach ar líne sin ceaptha chun rochtain níos fearr a chur ar fáil don phobal i gcoitinne ar Leabhrán Chill Chainnigh maidir le Deontais.

## SCÉIM TEILIFÍSE CIORCAID IATA (TCI) POBAIL

Cuireadh scéim pobail TCI Áth na nUrlainn i bhfeidhm sa bhliain 2021 agus tá an scéim á hoibriú anois.

## COMHPHÁIRTÍOCHT ÁINEASA AGUS SPÓIRT CHILL CHAINNIGH (CÁSCC)

Sa bhliain 2021, cuireadh comhairliúcháin i gcrích leis na príomh-gheallsealbhóirí i leith Straitéis CÁSCC 2022-2025.

## DEONTAIS BHAINISTÍOCHTA EASTÁIT

Tá an deontas bainistíochta eastáit ar fáil do ghrúpaí cónaitheora/choistí pobail atá ionadaitheach d'Eastáit Tithíochta Sóisialta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Sa bhliain 2021, fuarthas 43 iarratas san iomlán faoin scéim seo. Seo an chéad bhliain ina bhfuarthas iarratais ar líne. Moladh suim iomlán tuairim is €38,000 agus íocadh na deontais le Cumainn Chónaitheoirí.

## MÓRTAS ÁITE 2021

Sa bhliain 2021, d'ainmnigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun bheith ina n-ionadaithe thar ceann Chill Chainnigh i dtaca leis na Gradaim Náisiúnta Mórtais Áite, arb é an t-imeacht gradam is mó dá bhfuil ann in Éirinn é. Deirtear gurb ionann é agus 'Gradaim Oscair na hEarnála Pobail' agus is comórtas bliantúil é 'Mórtas Áite' a eagraíonn Comhar Éireann a bhfaightear urraíocht ina leith ó IPB Insurance. Déanann na Gradaim seo an chuid is fear d'fhorbairt pobail a chur chun cinn agus a cheiliúradh agus tugann siad aitheantas d'iarrachtaí neamhleithleacha daoine le linn dóibh a gceantar áitiúil a fheabhsú le go mbeidh sé ina áit níos fearr chun cónaí agus obair ann agus le bualadh le daoine eile ann. I measc na dtionscadal a bhí ann thar ceann Chill Chainnigh áiríodh Tionscnamh Ríomhairí Glúine Chomhairle Sheanóirí Chill Chainnigh, Sráidbhaile Bhearna na Gaoithe agus KCAT i gCallainn. Rinneadh moltóireacht ar iontrálacha Chill Chainnigh i Meán Fómhair 2021 ach cuireadh searmanas gradam 2021 ar ceal de bharr na paindéime.

.

## SCÉIM DEONTAS LE HAGHAIDH IMEACHTA POBAIL

Fuarthas 6 iarratas agus maoiníodh na hiarratais sin ar chostas iomlán €8,100. Athfhógraíodh an scéim i mí na Samhna. Fuarthas ocht n-iarratas agus moladh gach iarratas acu sin a cheadú ar chostas iomlán €8,070.

**Gnóthachtálacha Suntasacha:**

- Seirbhís seachadta ó Dhoras go Doras.
- Seachadadh 4,839 leabhar ar 1,109 gCocúnaóir ar fud an chontae.
- Baineadh níos mó úsáide as ár seirbhísí ar líne:
- Méadú 49% ar úsáid r-Leabhar, méadú 45% ar úsáid r- Chlosleabhar.
- Dáileadh 10,000 Leabhar Gníomhaíochta Bookville ar 90 bunscoil ar fud Chill Chainnigh.
- Fuarthas 47,254 leabhar ar iasacht trí bhíthin Áirithigh agus Brabhsáil & Teagmháil agus Bailigh.
- Tionscnamh Litearthachta 'Ceart chun Léamh': Thaifead an fhoireann 270 Am Scéalaíochta a raibh 66,661 chuairt orthu ar Facebook.


## *RNUACHTLITIR FAISNÉISE POBAIL (FAOIN SPOTSOLAS - RIRISÍ CEANTAIR/BAILE*

Foilsíodh 3 nuachtlitir faisnéise pobail dar teideal 'FAOIN SPOTSOLAS', sa bhliain 2021. Bhí na r- nuachtlitreacha sin dírithe ar thionscadail Athghiniúna Bailte & Sráidbhaile agus Athghiniúna Tuaithe. Trí na r- nuachtlitir sin, tugtar faisnéis phobal-bhunaithe don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear cúrsaí maoiniúcháin, faisnéis uasdátaithe maidir le tionscadail agus faisnéis faoi thionscadail atá le bheith ann sa todhchaí.










## *COMHAIRLE NA NÓG*

Sa bhliain 2021, thug Comhairle na nÓg tús áite do Mheabhairshláinte i measc daoine óga & do Cheartas Aeráide mar phríomh-shaincheisteanna do dhaoine óga i gCill Chainnigh. Mar thoradh ar an obair a rinneadh,

forbraíodh foireann uirlisí piara-rialaithe ar a dtugtar Compass agus rinneadh an obair sin faoin gClár Meabhairshláinte don Óige.

Seoladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) 2021 ar bhonn fíorúil Déardaoin, an 4 Samhain, 2021, agus d'éirigh go han-mhaith leis. D'fhreastail 62 mhac léinn as 12 mheánscoil agus as eagraíochtaí pobal-bhunaithe ar fud Chill Chainnigh ar an gcruinniú sin. D'éascaigh roinnt ball foirne de chuid Foróige, Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus an Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) ceardlanna ar an lá sin maidir le Meabhairshláinte i measc Daoine Óga agus maidir le Ceartas Aeráide. Chuir Bearnairdín Uí Mhaoldomhnaigh, Oifigeach Cosanta Comhshaoil, léargas luachmhar le linn na ceardlainne faoi Cheartas Aeráide. Fuair gach duine óg a bhí i láthair ag an CGB mála bronntanas ina raibh ár modúl Compass, liathróidí struis, buidéal in-athúsáidte uisce agus Pinn na Comhairle.

**An Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ)**

Soláthraíonn CSLDÓ fóram idirghníomhaireachta ae lena linn a thagann soláthraithe seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na seirbhísí is fearr agus is féidir ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga sa Chontae. Sa bhliain 2020, tharraing an coiste idirghníomhaireachta suas a chéad phlean 3 bliana i leith Daoine Óga do Chontae Chill Chainnigh. Tá an straitéis dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga (0 go 24 bliana d'aois) agus tá sí á cur i bhfeidhm trí fhoghrúpaí ball foirne i seirbhísí túslíne amhail meabhairshláinte, gníomhaíocht fhisiciúil, foghlaim agus forbairt, sábháilteacht ó dhíobháil etc.

**Bhí CSLDÓ bainteach le tionscnaimh idirghníomhaíochta ar fud an Chontae amhail na nithe seo a leanas:**

- Póstaer faoi Chonairí Tarchurtha Meabhairshláinte
- Imeacht Sóisialta do Ghrúpa Tuismitheoirí Aonair
- Clár Litearthachta sa tSeirbhís tar éis Am Scoile
- Taighde ar Chláir Athléimneachta do dhaoine óga sa Chontae
- Clár tacaíochta i leith Urlabhra Béil a fhorbairt
- Clár amharclannaíochta do naíonáin

Tá maoiniúchán i leith an mhéid sin faighte ó Éire Shláintiúil agus tá clár cothaiteachta agus gníomhaíochtaí fisiciúla teaghlach-bhunaithe (Sráideanna Sláintiúla) curtha i bhfeidhm i gCaisleán an Chomair, i nGráig na Manach agus i gClós na Páirce Nua, Cathair Chill Chainnigh. Ina theannta sin, tá Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IAT-anna) tugtha le chéile chun forbairt a dhéanamh ar chláir chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna i leith meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an Chontae.

Tá obair déanta in éineacht le Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun Pacaí Súgartha Chéadfaigh a chur ar fáil do leanaí atá faoi mhíchumas ar an Lá Náisiúnta Súgartha.

Rinneadh obair le Chill Chainnigh Shláintiúil chun líonra gníomhaíochta i leith Drochúsáid Bhaile a chur ar bun agus maoiníodh clár caidrimh atá á chur i bhfeidhm ag tearmann Amber agus ag seirbhís géarchéime KASA i leith Éigniú.

## CLÁR

Sa bhliain 2021, fuair Cill Chainnigh €57,300 le haghaidh dhá thionscadal faoin sruth náisiúnta maoiniúcháin seo a leanas: Cill Mogeanna:- €42,300 chun oibreacha feabhsaithe acomhail, cosáin & trasriain do choisithe a chríochnú i Sráidbhaile Chill Mogeanna, mar aon le marcálacha gaolmhara bóthair a chur ar fáil.

Cill Mhanach:- €15,000 chun comharthaí aiseolais tiománaí a sholáthar i sráid Chill Mhanach.

## DEONTAIS CHAIPITIÚLA SÚGARTHA & ÁINEASA

Bhronn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige €15,620 i gcomhair Ziplíne agus Tochaltóirí Gainnimh i gclós súgartha Cheanannais.

## SEACHTAIN NA ROTHAÍOCHTA

Seoladh Seachtain na Rothaíochta sa tréimhse ón 12 go dí an 18 Meán Fómhair, 2021, agus cloíodh le srianta Covid i rith na seachtaine. I measc bhuaicphointí Sheachtain na Rothaíochta 2021, áiríodh Rothaíocht Fóillíochta trí Chathair Chill Chainnigh, tabhairt isteach oiliúint 'Rothaíocht Cheart' d'aosaigh agus ceardlanna Cothabhála Rothair a chur ar fáil do phobail Chill Chainnigh, in Áth Stúin agus i gCill Mhic Bhúith. Tairgeadh deiseanna chun triail a bhaint as rRothair agus, mar chuid de sin, sáraíodh bacainní a mbíonn ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe déileáil leo i dtaca le turais fada a dhéanamh. Mar thoradh ar Rothair Lastais a thriail, bhí daoine a bhfuil leanaí óga acu in ann rothair lastais a úsáid in ionad gluaisteáin. Rinneadh clár forleathan scoileanna a chomhordú le tionscnamh na mBealaí Sábháilte chun na Scoile, ar tríd a thairgtear turais thionlactha do mhic léinn chun triail a bhaint as bealaí agus, ina theannta sin, cuirtear oiliúint 'Rothaíocht Cheart' ar fáil i scoileanna. Mar thoradh ar mhaoiniúchán, bhíothas in ann cláir foghlama rothaíochta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus fisiciúil. Tairgeadh seónna bóthair in ionaid oibre chun spreagadh a thabhairt d'fhostóirí tacú le fostaithe an t-athrú a dhéanamh chuig comaitéireacht ar rothar.

## LÁ NÁISIÚNTA SÚGARTHA

Leithroinneadh maoiniúchán €3,000 le haghaidh Lá Náisiúnta Súgartha. D'eagraigh Ionad Acmhainní Teaghlaigh na Páirce Nua agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Mhuilinn in Átha na nUrlainn. De bharr na srianta, agus i gcomhairle le CSLDÓ, cóimeáladh málaí bronntanas céadfach ina raibh bréagáin oiriúnacha chéadfacha agus dáileadh iad ar 42 theaghlach (ar fud an chontae) lena dtabhairt do leanaí faoi mhíchumas. Tá buíochas ar leith ag dul do CSLDÓ, do Tusla, don FSS agus do Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh a dháil na málaí bronntanas. Cuireadh fáilte mhór roimh an tionscnamh seo i measc na dteaghlach a bhí i gceist. Ní raibh aon seachtain náisiúnta áineasa ann sa bhliain 2021.

# **SEIRBHÍSÍ** LEABHARLAINNE

### *OBAIR AGUS TACAÍOCHT DON ÓIGE GNÓTHACHTÁLACHA SUNTASACHA*

- Méadú 32% ar an mballraíocht i mbliana.
- Fuarthas 177,220 ítim, idir leabhair, r-Leabhair agus r-Chlosleabhair, ar iasacht i rith na bliana.
- Seachadadh 6,968 leabhar ar 1,377 léitheoir ar fud an
- chontae mar chuid dár seirbhís seachadta dar teideal ‘Ó Dhoras go Doras’.
- Dáileadh 13,000 Leabhar Gníomhaíochta Bookville ar
- gach ceann de na 88 mbunscoil ar fud Chill Chainnigh mar chuid dár bhFéile ‘Bookville Chill Chainnigh’.
- Bhí 85,847 gcuairt ar fhíseáin ar fud ár n-ardán meán sóisialta agus YouTube.

### *FEACHTAS ‘GO DTÉ TÚ SLÁN’*

### *TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA*







Ceart chun Léamh: Bhí an-éileamh ar gach sraith de ‘Ceart chun Léamh’ i mbliana - reáchtálamar líon mór seisiún scéalaíochta,

**Éire i mbun Léitheoireachta:**
Seoladh ár lá léitheoireachta náisiúnta nua ar an 25 Feabhra agus reáchtálamar sraith cainteanna agus ceardlann do gach uile aoisghrúpa agus tugadh os cionn 3,999 cuairt ar ár gcuid imeachtaí ar líne.

Mála Beag Leabharlainne: Bhíomar i dteagmháil le 90 Ionad Luathfhoghlama agus Cúramóirí Leanaí mar chuid den tionscadal seo agus bhronnamar 1,380 leabhar orthu chun grá do léitheoireacht agus do leabhair a spreagadh i measc leanaí le linn a luathóige.

**Work Matters: Chomhoibríomar le BOO Chill Chainnigh/** Cheatharlach chun sraith seimineár gréasáin ar líne a bhain le scileanna agallaimh a reáchtáil do chuardaitheoirí post agus






do ghnóthaí agus bhaineamar úsáid as meáin shóisialta agus as ardáin eile chun an réimse gnó a chur chun cinn agus, ag an am céanna rinneamar próifíliú ar ghnóthaí nua áitiúla chun dúshláin agus conairí cuiditheach a chomhroinnt.

**Éire Shláintiúil i do Leabharlann:**
Reáchtálamar sraith cainteanna ar líne ar fud na bliana, ar cainteanna iad a bhain le raon ábhar amhail na cinn seo a leanas: Leanaí Athléimneacha a Thógáil leis an Dr. Mary O’Kane, Ag déileáil le Fáthmheas i leith Néara-Éagsúlachta le Fiona Hall agus bhíothas i gcomhpháirtíocht le comhordaitheoir Chill Chainnigh

Shláintiúil i ndáil le cúrsa cócaireachta dar teideal 'Bia Sláintiúil Gan Stró'. Ina theannta sin, d'fhorbraíomar taifeadadh ceoil dar teideal "Those were the days" chun ceiliúradh a dhéanamh ar amhráin chlasaiceacha agus na rannpháirtithe go léir ag canadh in éineacht lena chéile, gan trácht ar ábhar grinn a bheith ann chomh maith! Réachtáladh an t-imeacht sin ar líne agus cuireadh chuig gach teach altranais i gCill Chainnigh i mí na Nollag.

## An Clár Gníomhaíochtaí Aoisbhháúla:




Trí Chlár na nAmbasadóirí Digiteacha Aoisbhháúla tairgeadh oiliúint chianda 'duine-le-duine' maidir le húsáid ardán ár leabharlainne ar líne. Cheiliúramar Bealtaine le sraith ar líne cóirithe bláthanna, plandála agus glanta amach ceardlann i do theach, mar aon le seimineár gréasáin maidir le déileáil le hábhar bróin. Tá ár gcuid táblaí draíochta soghluaiste á dtabhairt ar iasacht lena n-úsáid i dtithe altranais i gCill Chainnigh agus tá an-éileamh orthu.

## Deich mBliana na gCuimhneachán:



Mic léinn Ghaelscoil Osraí agus iad ag baint sult as Bookville



Mic léinn agus iad ag baint sult as Seomra Éalaithe Sheachtain na hEolaíochta/pacaí ASD a seachadadh ar aonaid ar fud Chill Chainnigh



D'fhostaíomar staraí áitiúil agus údar áitiúil chun sraith 13 phodchraoladh a fhorbairt faoi théamaí 1921 agus choimisiúnaíomar dhá fhoilseachán maidir le himeachtaí suntasacha áitiúla faoin Éalú ó Phríosún Chill Chainnigh agus faoi Imtheorannú i mBaile Coinnleora.

## Éire Ildánach:

Bookville Chill Chainnigh: D'fhorbraíomar 13,000 leabhar agus sheachadamar na leabhair sin ar bhunscoileanna i gCill Chainnigh agus reáchtálamar 15 cheardlann ar líne do theaghlaigh agus do leanaí. Fuair gach leanbh i mbunscoileanna i gCill Chainnigh leabhar rud a d'fhág go raibh rochtain iomlán le fáil ar an bhféile.

## Slí na Scéalta:



Fuaireamar maoiniúchán chun forbairt a dhéanamh ar rian Scéalaíochta allamuigh a osclófar go luath sa bhliain 2022 i gCluain Dúin, Inis Tíog.inequalities.

## *CLÁIR AGUS IMEACHTAÍ*

**Acmhainní Céadfacha:**

Leathnaíodh ár mbailiúchán ábhar céadfach chun 150 bréagán agus 300 leabhar a chur san áireamh ann, mar aon



le scéalta sóisialta do gach leabharlann agus boscaí ábhar céadfach lena n-úsáid sna brainsí éagsúla. Tá an bailiúchán nua á chur ar fáil go lárnach, rud a fhágfaidh go mbeadh rochtain níos éasca orthu. Mar chuid dár dTionscadal Litearthachta dar teideal Spreagadh Intinne, fuair baill foirne agus mic léinn in 18 aonad ASD agus urlabhra ar fud Chill Chainnigh acmhainní speisialtóireachta scileanna luaile agus leabhair chéadfacha i mí an Mhárta.

**Club Leabhar Fíorúil:**

Lean ár gClub Leabhar Fíorúil de bheith ag bisiú i mbliana agus spás 24/7 á thairiscint aige le go mbeadh deis ag os cionn 100 ball plé a dhéanamh faoi leabhair a bhí molta lena léamh. Bhí ár gclár litearthachta 'Teanga Bhéil' dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar scileanna teanga leanaí san aoisghrúpa 0 - 3

OWL
The Oral, Words and Language Programme

trí chabhair agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, do chleachtóirí cúraim leanaí agus do mhúinteoirí lena chinntiú go mbeadh bonn maith teanga béil acu ó luathaois. Ba é Niall Ó Gríofa, ar Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, Speisialtóir Iompraíochta agus Scéalaí é, a d'fhorbair na ceardlanna gearra ar líne sin. Bhí an-tóir ar na ceardlanna sin i measc tuismitheoirí agus oibrithe cúraim leanaí.

Chomhoibríomar go gníomhach, agus chuamar i mbun comhpháirtíochta, le raon eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus grúpaí pobail, amhail BOO Chill Chainnigh/Cheatharlach, Ionad Oideachais Chill Chainnigh, Coiste Cúraim Leanaí Chill Chainnigh, Cill Chainnigh Shláintiúil, Music Generation, FSS agus Calmast, i dtaca leis an ábhar seo. Ghlacamar páirt i bhféilte náisiúnta agus i bhféilte áitiúla amhail Lá Chill Chainnigh, Seachtain na Gaeilge, an Lá Náisiúnta Filíochta, Deich mBliana na gCuimhneachán, Bealtaine, an tSeachtain Oidhreachta agus Seachtain na hEolaíochta.









## *FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID*

Bhíomar gníomhach ar ardáin agus ar mheáin éagsúla chun daoine a chur ar an eolas faoinár gcuid seirbhísí, saoráidí agus imeachtaí. Bhí 85,847 gcuairt ar fhíseáin ann ar fud ár n-ardán meán sóisialta agus YouTube.


Is é atá in Ederoam (fánaíocht oideachais) ná seirbhís WIFI trína gcumasaítear do mhic léinn 3ú leibhéal, do thaighdeoirí agus do bhaill foirne institiúidí rannpháirteacha rochtain chianda dhaingean a fháil ar an idirlíon ina gcoláiste/ollscoil. Táthar tar éis an tsaoráid sin a shuiteáil i Leabharlanna Challainn, Bhaile Mhic Andáin agus Phort an Chalaidh.

Suiteáladh Córais Bainistíochta Acmhainneachta chun bainistiú sábháilte a dhéanamh a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí a thugann cuairt ar ár leabharlanna. Ceannaíodh C-Phinn do gach leabharlann agus ceannaíodh 4 cinn de scáileáin shorochtana PC trí úsáid a bhaint as maoiniúchán deontais.

Ceannaíodh Ceadúnais Chódúcháin do leanaí san aoisghrúpa 6 - 14+ chun feabhas a chur ar litearthacht dhigiteach i measc daoine óga i gCill Chainnigh.

.

## *TACAÍOCHTAÍ LÉITHEOIREACHTA*




Seirbhísí Scoile: Leathnaíodh ár seirbhísí scoile tuilleadh i mbliana trí roinn shainiúil a chur lenár láithreán gréasáin agus, tríd an roinn nua sin, tairgeadh deis chun rochtain a fháil ar acmhainní lena ngabhann ábharthacht fhairsing. Rinneamar infheistíocht i mbróisiúir, agus d'fhorbraíomar bróisiúir, le haghaidh ár mbailiúcháin úrscéalta ranga, ár mbailiúcháin leabhar céadfach agus bréagán céadfach agus ár mbailiúcháin 'Aistear'. Forbraíodh paca acmhainní múinteora agus dáilfear sa bhliain 2022 é. Cuireadh ábhar idirghníomhach chuig scoileanna ar bhonn míosúil agus ba é a bhí i gceist leis an ábhar sin ná scéalta agus ceardaíocht do leanaí i ngach aoisghrúpa.

## *IONCAM*



Bhí lúcháir ar SN N Aodhán, Cill Manach, roinnt leabhar nua a fháil ón leabharlann shoghluaiste



Clochar na Toirbhearta ar cuairt sa leabharlann

D'éirigh le hiarratas a rinneamar ar mhaoiniúchán agus fuaireamar €91,335.49 ó ráon foinsí maoiniúcháin, lena n- áirítear Ciste na gCuntas Díomhaoin, Deich mBliana na gCuimhneacháin, an Bord Oideachais agus Oiliúna, an Ciste Beagscála Caipitiúil, Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil.

## *FORBAIRT NA SEIRBHÍSE AGUS CÚRSAÍ BONNEAGAIR*





- Cuireadh tús le tionscadal caipitiúil i Leabharlann Mayfair i mí na Samhna 2021
- Rinneadh dul chun cinn maidir le tionscadal caipitiúil i mBaile Mhic Andáin agus baineadh céim na dearthóireachta amach
- Cuireadh díon nua ar Leabharlann Ghráig na Manach
- Athchóiríodh spás inmheánach i gCaisleán an Chomair chun rochtain a áirithiú

## *AN FÓRSA SAOTHAIR*

Leanann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh de bheith réamhghníomhach i ndáil le scileanna nua agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann a mhéid a bhaineann le réimsí iomchuí d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid dár bpobal ilchineálach. Rinne líon mór ball foirne cúrsaí Speisialtóireacht Leabharlainne agus, faoi láthair, tá beirt bhall foirne i mbun oiliúna chun cáilíocht sa Leabharlannaíocht a bhaint amach. Ina theannta sin, leanadh den dul chun cinn maidir leis an bPlean Fórsa Saothair.

Déanann an Oifig Ealaíon gníomhaíocht ealaíne a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh, a ghríosú agus a chumasú ar fud Chathair agus

# EALAÍONA

Chontae Chill Chainnigh. Cuireann an Oifig na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do gach uile dhuine agus oibríonn sí chun staid Chill Chainnigh mar ionad sármhaitheasa i leith na n-ealaíon a neartú tuilleadh agus trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil timpeallacht rathúil rachmasach ann do na healaíona sa réigiún.Ina theannta sin, tacaíonn an tOifigeach Ealaíon le Clár na hOifige Ealaíon i leith Clár Éire Ildánach Chill Chainnigh a éascú agus a chomhordú..

## *GNÓTHACHTÁLACHA SUNTASACHA SA BHLIAIN 2021*

- Ghlac 41,477 nduine páirt i gcláir de chuid na hOifige Ealaíon sa bhliain 2021
- Bronnadh trí sparánacht agus tríocha agus deich gcinn de dheiseanna deiseanna meantóireachta sa bhliain 2021
- Bailíodh níos mó ná €9,000 le haghaidh carthanais áitiúla trí dhá chlár ar leith i mbliana.
- Tháinig cuid mhór réimsí faoi bhláth i mbliana, lena n-áirítear cláir phobail amhail 'Cniotáilte Le Chéile"

## *FORBAIRTÍ NUA*

Sparánacht Ealaíon Éire Ildánach & Scoil na nAmharc-Ealaíon, Earrach & Fómhar 2021 - bhain 8 meánscoil leas as an sparánacht seo san Earrach agus san Fhómhar agus dáileadh
€12,000 ar na scoileanna a bhí i gceist.
Ceardlanna i leith Scileanna Nua Uasghrádaithe
Seisiúin seacht seachtaine ar líne do na cleachtóirí ealaíon go léir i Mí Aibreáin/Bhealtaine 2021I measc na n-ábhar a clúdaíodh áiríodh 'Conas íomhánna + scannáin ardchaighdeáin a dhéanamh ar d'fhón póca', 'Conas eagarthóireacht a dhéanamh ar fhiseáin agus conas téacs agus fuaim a chur ag gabháil leo', 'Conas beochana íomhá ar íomhá a dhéanamh' agus 'Conas imeachtaí a chraoladh/óstáil trí úsáid a bhaint as Facebook Beo agus Zoom', ar scileanna iad sin uile a bhféadfadh sé ina leith nach bhfuil eolas ag cleachtóirí ealaíne orthu roimh aimsir COVID.

## *LITRÍOCHT*

Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh - curtha in eagar ag Jessica Traynor agus maisithe ag Carol Anne Treacy.

lhttp://kilkennyartsoffice.ie/kilkenny-poetry-broadsheet-2021-




publication/

**Ceardlanna Bliantúla Scríbhneoireachta d'aosaigh -**
ceardlanna gearrscéalta cúig seachtaine ar líne i Márta 2021 agus máistir-rang lae ar líne i rith mhí Iúil. D'éascaigh an file agus an teagascóir, Emmaleene Leahy, an dá chlár sin. Tugadh meantóireacht do 9 Scríbhneoirí trí chlár 2021.

**Meantóireacht -**
tugadh meantóireacht do 9 scríbhneoirí trí chlár 2021.
Is Fiú Guth S'Agatsa Dííronn an Oifig Ealaíon ar cur chuige cothrom a áirithiú i ndáil le forbairt clár éagsúil agus gníomhaíochtaí éagsúla ar fud na Cathrach agus an Chontae. Cheap an Oifig Ealaíon sraith ceardlann, gníomhaíochtaí agus scrúduithe lena chinntiú go mbíonn guth an scríbhneora i gcroílár chéim pleanála an chláir.

**Fón Filíochta**
- bhain os cionn 600 duine leas as an bhFón Filíochta i mbliana agus leanann an tseirbhís saorfóin de shólás, de lúcháir agus de phléisiúr a thabhairt do gach duine a roghnaíonn glaoch a chur air.

### Cúrsaí Pobail, Oideachais agus Uilechuimsitheacht

– Ceapadh agus cur i gcrích clár ardchaighdeáin pobail agus oideachais a oireann don earnáil ilchineálach seo.

Comharghrúpa Ealaíon Pobail 'Ciorcal Oscailte'

– d'ainneoin na srianta, d'óstáil Ciorcal Oscailte roinnt gníomhaíochtaí an-rathúil sa bhliain 2021. Ina measc sin, áiríodh sraith ceardlann scríbhneoireachta ar líne, líníocht agus snoíodóireacht i dTeach agus i nGairdíní Rothe agus dhá sheisiún iomlána lae a bhí bunaithe ar líníocht agus nithe a dhéanamh ar bhonn an dúlra agus saothrú leis an dúlra.

### Feile Bookville do Leanaí

- Féile Bookville i Leabhar lenar ghabh 15 fhíseán ar líne i leith cruthaitheachta agus ceardaíochta.

Cniotáilte Le Chéile

– 230 oibrí deonach – dáileadh 90 blaincéad ar 7 siopa carthanais. Bailíodh os cionn €3,500 do shiopaí áitiúla a raibh gá acu le tacaíocht tar éis 18 mí a bhí an- dúshlánach.

### Oíche Chultúir

– Imeacht náisiúnta chun cultúr de gach cineál a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí a bhí ann sa chlár, áiríodh Oíche Cheoil Dhomhanda, Ceoil Ghaelaigh, Amránaíochta Gaelaí, Damhsa Ghaelaigh mar aon le himeachtaí scéalaíochta agus ceardaíochta. D'fhreastail 3,149 nduine ar imeachtaí Chill Chainnigh, idir imeachtaí ar líne agus imeachtaí as líne.

Páirc Scátála Chill Chainnigh

D'oibrigh an Oifig Ealaíon leis na clárscátálaithe i rith an tsamhraidh chun ról a thabhairt dóibh i ndáil le próiseas feabhsaithe na Páirce Scátála trí í a chur á péinteáil ag ealaíontóir gairmiúil. D'oibrigh daoine óga leis an Oifig Ealaíon chun forbairt a dhéanamh ar an bplean dearthóireachta agus chun an t-ealaíontóir a roghnú á chinntiú go mbeadh úinéireacht agus baint acu le toradh an phróisis.

Cuireadh péinteáil na Páirce i gcrích i gcomhréir leis an sceideal bunaidh agus bhí tionchar mór aige ar aeistéitic na Páirce agus tá an t-aiseolas atá faighte go dtí seo an-dearfach. Ina theannta sin, ullmhaíodh físeán faoin bpróiseas agus is taifead iontach é sin ar chomhoibriú idir na clárscátálaithe agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Tá an físeán sin ar fáil ar an gcainéal YouTube.

### Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí

Deontais faoin Acht Ealaíona sa bhliain 2021: Bronnadh 13 dheontas arbh fhiú €13,194 iad san iomlán le haghaidh scannáin ghearra, foilseachán filíochta, cumadóireacht cheoil, corpas nua saothar dealbhóireachta, Céim Mháistreachta in Eolaíocht an Taibhiúcháin, ceardlanna pobail, forbairt drámaíochta agus féile cheoil ar líne.

### Sparánachtaí:

Bronnadh 8 sparánacht le haghaidh Ionas Tyrone Guthrie agus Mhuileann na hAbhann (15 seachtaine san iomlán)

### ArtLinks:

Clár comhpháirtíochta CPD idir Comhairlí Contae Chill Chainnigh, Cheatharlach, Phort Láirge agus Loch Garman. Bronnadh 11 sparánacht arbh fhiú €14,000 san iomlán iad le haghaidh meantóireachta, déanamh priontaí, scripteanna nua, teagaisc, taighde agus forbairt saothar nua, chun lámhscríbhinní nua a fhorbairt, chun forbairt a dhéanamh ar chleachtas coimeádaithe agus chun albam nua a thaifeadadh/ lainseáil. Tugadh tacaíocht do roinnt cleachtóirí ar ár n-ardáin mheán sóisialta.

### Cruinnithe Seachtainiúla Céadaoine:

Dara sraith cruinnithe ar líne a bhí dírithe ar ealaíontóirí agus ar dhaoine cruthaitheacha eile i gCill Chainnigh chun smaointe a chomhroinnt i dtaca le déileáil le srianta leanúnacha Covid-19 a raibh tionchar mór á imirt acu ar ealaíontóirí agus bhí cleachtóirí seanbhunaithe i gceannas ar na cruinnithe sin. D'fhreastail 224 dhuine, idir ealaíontóirí agus dhaoine cruthaitheacha eile, ar na himeachtaí sin.

### Coimeádaí Nua Cónaitheach chun a chumasú do choimeádaithe

nua taithí dhíreach a fháil ina réimse oibre agus chun tacú le healaíontóirí nua. D'óstáil coimeádaí cónaitheach, Aoife Banks, 3 thaispeántas - Shiftings i mí Iúil/ Lúnasa, Prima Materia i Meán Fómhair/nDeireadh Fómhair agus an taispeántas deiridh I Never Promised You a Dystopia, ar grúp-thaispeántas fíorúil a bhí ann, i mí na Nollag 2021.

### Comhpháirtíocht le RÁCC – Seó an Ghailearaí Ealaíon Craoladh

Seó an Ghailearaí Ealaíon den chéad uair ar feadh dhá sheachtain déag idir Márta agus Meitheamh. Maoiníodh an seó trí chlár Éire Ildánach agus ba chomhoibriú é idir Oifigí Ealaíon Chomhairlí Contae Chill Chainnigh/Cheatharlach agus RÁCC. Ní raibh an Gailearaí dírithe ar dhaoine a raibh airgead á thuilleamh acu óna saothair ealaíne agus orthu sin amháin. Rinneadh scrúdú ar ról bunúsach na healaíne sa phobal i leith ábhar spéise agus ábhar spreagtha a sholáthar do raon leathan éisteoirí.

I mí na Nollag, d'ostáil an Oifig Ealaíona trí eipeasód speisialta eile den Ghailearaí. Bhí na trí eipeasód sin tiomnaithe do leabhair agus do scríbhinní agus fuarthas inspioráid lena n- aghaidh ó thionscadal na hOifige Ealaíon dar teideal 'Is Fiú Guth S'Agatsa'. Le linn an tionscadail sin, d'oibríomar le scríbhneoirí Chill Chainnigh chun aiseolas a bhailiú maidir lena riachtanais agus lena mianta, á chinntiú go mbíonn guth an scríbhneora i gcroílár ár gcuid clár amach anseo. Craoladh an seó tar éis nuacht 6pm go dtí 7pm agus is féidir éisteacht leis ar https://kclr96fm.com/the-gallery-on-books-and- writing-22nd-dec/

.

## *TAIBHIÚCHÁIN BHEO ÁITIÚLA*

**Fuaimeanna Mheán Fómhair** - Chuaigh ceoltóirí gairmiúla, agus ceoltóirí a bhí ag teacht chun cinn, ar an stáitse i dtrí ionad iontacha thar dheireadh seachtaine an 24 - 26 Meán Fómhair. Bhí fuaimeanna ceoil chlasaicigh, snagcheoil, popcheoil, rac-cheoil, ceoil Indie, ceoil tíre agus ceoil thraidisiúnta le cloisteáil i nGairdíní Chluain Dúin, in Amfaitéatar Bhaile Uí Chaoimh agus ina Amharclann Gheata an Uisce.

Is ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a fuarthas an maoiniúchán ar fad a bhí ag teastáil le go bhféadfaí na himeachtaí sin go léir a reáchtáil agus ba é Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus Amharclann Gheata an Uisce a d'eagraigh na himeachtaí. Ba dheis íontach é seo don Chomhairle chun tacú leis an tionscal tábhachtach seo ina iomláine i.e. na taibheoirí mar aon lena bhfoirne, le lónadóirí, le bainisteoirí tionscadail agus imeachtaí, le dearthóirí, le saineolaithe margaíochta, le pearsanra sláinte agus sábháilteachta etc agus ba dhaoine de bhunadh Chill Chainnigh iad na daoine sin go léir.



**Bhí an Veidhleadóir, Pádraig Ó Reachtair, a bhfuil clú air ar fud an domhain, i mbun taibhiúcháin i nGairdíní Chluain Dúin mar chuid de Shraith Fhuaimeanna Mheán Fómhair.**




**Fuaimeanna Mhéan Fómhair 2021**

**Fuaimeanna mhí na Nollag:**

Mar thoradh ar scéim na dTaibhiúchán Beo Áitiúil bhí an Chomhairle in ann obair a chur ar fáil sa tionscal ceoil agus taibhiúcháin agus saibhreas ilchineálach ceoil agus siamsaíochta a sholáthar do mhuintir Chill Chainnigh i rith mhí na Nollag. Cuireadh an méid sin i gcrích trí Fhéile na Nollag ar an ardán banna ceoil ar an bParáid: Fuaimeanna na Nollag in Ardeaglais Chainnigh agus sraith ceolchoirmeacha i ndeich gcinn de thithe altranais Chill Chainnigh, rud a thug ceol agus lúcháir do chónaitheoirí agus do bhaill foirne sa tseachtain roimh an Nollaig.

.



**Taibhiúchán ag Bird on the Wire in Ardeaglais Chainnigh i rith Shraith Fhuaimeanna mhí na Nollag.**

# OIDHREACHT

Chuir an Oifig Oidhreachta clár cuimsitheach tionscadal, deontas agus tionscnamh i bhfeidhm sa bhliain 2021.

Chómhaoinigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus raon leathan comhpháirtithe na tionscadail agus i measc na gcomhpháirtithe sin áiríodh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta), Éire Ildánach, agus Aonad Cumarsáide na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

## *TIONSCADAIL & GRADAIM SHUNTASACHA*

### The History Fix

Gradam Airgid IMRO gnóthaithe ag an seó raidió The History Fix Ghnóthaigh sraith raidió dar teideal The History Fix agus a bhain le stair agus oidhreacht Chill Chainnigh Gradam Airgid le linn Ghradaim Raidió IMRO 2021. Is é atá sa tsraith ná saothar comhoibríoch idir RÁCC agus Comhairle Chill Chainnigh agus maoiníodh é faoi Chlár Éire Ildánach Chill Chainnigh. https:// kclr96fm.com/the-history-fix/

Scannán dar teideal 'Farming with Owls' ar chlár RTÉ 'Ear to the Ground - Is scannán gearr é sin faoi fheirmeoir de chuid Chill Chainnigh, ar scannán é rinne Cairde Éanlaith Éireann thar ceann na hOifige Oidhreachta agus a taispeánadh ar chlár RTÉ dar teideal "Ear to the Ground" (mí na Nollag 2021). Baineann sé leis an tslí inar fháiltigh Nicky roimh scréachóga reilige chuig a fheirm rud a d'fhág nach gá dó nimh francach a úsáid a thuilleadh chun francaigh a rialú agus gur fearr leis ligean do na scréachóga reilige an obair sin a dhéanamh anois. https:// www.youtube.com/watch?v=WWhV0BtBqog

### Comóradh ar an mbliain 1921

Rinneadh 13 thionscadal, lena n-áirítear podchraoltaí, drámaí, ceardlanna, gairdín cuimhneacháin, léachtaí, bróisiúir agus cainteanna a mhaoiniú faoi Chlár Deontas Dheich mBliana na gCuimhneachán (€50,000 san iomlán).
https://kilkennyheritage.ie/2022/01/kilkenny-county-council-decade-of -centenaries-programme-2021-3/

### Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Fuair 1 tionscadal (Ceathrú na Mainistreach, Cill Chainnigh, agus Eaglais N. Lachtnáin, Achadh Úr) suim iomlán €60,000 ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail le haghaidh léirmhíniú agus bainistiú oidhreachta.

### Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann

Deisíodh agus caomhnaíodh Áirse na mBráithre Dubha, ar cuid de bhallaí meánaoiseacha cathrach Chill Chainnigh í agus fuarthas maoiniúchán ina leith sin ó Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann.



Áirse na mBráithre Dubha tar éis na hoibreacha deisithe agus caomhnaithe a chríochnú

### Clár Pailneora Chill Chainnigh

Foilsíodh alt in 'Walled Town Crier' chun léiriú a thabhairt ar Thúr Thalbóid https://irishwalledtownsnetwork.ie/ wpcontent/ uploads/2021/07/IWTN-The-Walled-Town-Crier- June-2021-ISSUE-4.pdf

Clár Pailneora Chill Chainnigh

Ghlac 7 ngrúpa Bailte Slachtmhara, as Cill Chainnigh, páirt i gcatagóir Ghradam Pailneora an Údaráis Áitiúil i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara (An Cuan, Caisleán an Chomair, Ceanannas, Inis Tíog, Achadh Úr, Tulchacht, Bearna na Gaoithe).

Rinneadh 10 gceardlann garraíodóireachta inbhuanaithe agus pailneor-bháúla a reáchtáil i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Feasachta Comhshaoil chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don phobal maidir le tacú le bithéagsúlacht agus le pailneoirí a ghairdín. Bhí 40+ duine i láthair.

Ceannaíodh 2,400 acmhainn phailneora (pleananna, leabhráin, comharthaí, suaitheantas agus málaí gualainne) agus scaipeadh iad saor in aisce ar phobail, ar chlubanna spóirt, ar scoileanna, ar ospidéil, ar ghnóthaí agus ar bhaill foirne Comhairle Contae agus ar chomhaltaí tofa chun tacú leis an bpobal dul i mbun gníomhartha pailneor.

- Craoladh **200** fógrán ar raidió áitiúil ar fógráin iad inar tugadh comhairle faoi ghníomhartha simplí a bhféadfadh daoine iad a dhéanamh chun cabhrú le pailneoirí.

### Éadanais Thraidisiúnta Siopa Chill Chainnigh

Tógadh grianghraf de 53 chomhartha éadanais siopa agus aicmíodh agus measúnaíodh iad mar chuid d'iniúchadh a rinne an dearthóir grafach, Deirdre Maher, ar chomharthaí éadanais siopa i gCathair Chill Chainnigh.

### Rannpháirtíocht an Phobail i gCúrsaí Oidhreachta




- Cláraíodh **32** thionscadal i gCill Chainnigh le haghaidh na Seachtaine Náisiúnta hOidhreachta sa bhliain 2021.

- Rinne fochoiste na Leachtanna agus an Bhonneagair Cuimhneacháin measúnú ar **5** iarratas i leith séadchomharthaí/leachtanna.

- Thaifead Eolaithe/Saoránaigh Chill Chainnigh **7** speiceas ialtóige i gCill Chainnigh mar chuid de thionscnamh BATLAS 2000.

### An Clár Bithéagsúlachta

- I gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann, rinneadh suirbhéireacht ar **30** láithreán bogaigh ar fud Chill Chainnigh (Céim 2 d'Iniúchadh Thailte Bogaigh Chill Chainnigh).

- I gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann, rinneadh **199** láithreán neadaireachta gabhlán gaoithe i 13 bhaile ar fud an Chontae a thaifeadadh mar chuid den chéad Iniúchadh ar Ghabhláin Ghaoithe i gContae Chill Chainnigh.



- Sainaithníodh **26** láithreán neadaireachta scréachóg reilige le linn suirbhéireacht uile-chontae ar scréachóga reilige a rinneadh i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann. Aimsíodh 12 cheann de na suíomhanna le tacaíocht ó Eolaithe/Saoránaigh.

- Rinneadh suirbhéireacht ar mhamaigh bheaga chun a fháil amach cad iad na hathruithe atá tagtha ar an líon mamach beag sa Chontae, ar athruithe iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar éin chreiche. Fuarthas **28** dtaifead ó Eolaithe/Saoránaigh agus ó dhaoine den Phobal.

- I gcomhpháirtíocht le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, agus leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, tugadh tacaíocht do cheardlann phoiblí le haghaidh na Chéad Suirbhéireachta ar Ghráinneoga in Éirinn.

- Reáchtáladh 6 Fheachtas Feasachta faoi théamaí éagsúla (scréachóga reilige, mamaigh bheaga, gabhláin ghaoithe, an tseachtain oidhreachta, pailneoirí, garraíodóireacht ar son na bithéagsúlachta) ar raidió áitiúil, sna meáin chlóite agus ar mheáin shóisialta chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht ghníomhach i gcúram a thabhairt d'oidhreacht Chill Chainnigh agus chun an rannpháirtíocht sin a spreagadh.



# SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN
# & MÓR-ÉIGEANDÁLAÍ

Bímidne ag díriú ar chosaint na bpobal dá bhfónaimid. Níl sárú le fáil ar dúthracht ná ar dhíograis ár mball foirne i leith beatha agus maoin a chosaint. Soláthraíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh freagairt ardoilteachta ar raon éigeandálaí. Is gníomhaíocht ghuaiseach í comhrac dóiteáin ach leanaimid de bheith ag feabhsú ár gcleachtas oibre le go mbeifear in ann freagairt ar theagmhais ar an mbealach is sábháilte agus is féidir.Le linn stoirmeacha, agus le linn na paindéime reatha, léirigh an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála an-athléimneacht agus léirigh sí gurb acmhainn an úsáideach í don Chomhairle sa mhéid gur féidir Briogáidí (daonchumhacht oilte agus threalmhaithe) a shlógadh laistigh de roinnt nóiméad ón tráth a tharlaíonn éigeandáil ina limistéar, agus sin a dhéanamh 24 huaire an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.

**Is iad seo a leanas Príomhfheidhmeanna na Seirbhíse Dóiteáin & Tarrthála:**

- Caidreamh a dhéanamh leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas agus chun oideachas a chur ar shaoránaigh ar conas riosca dóiteáin agus éigeandálaí eile a laghdú.
- Tionchar a imirt, agus rialáil a dhéanamh, ar an timpeallacht fhoirgnithe chun daoine, maoin agus an timpeallacht a chosaint ar dhíobháil.
- Pleanáil agus ullmhú a dhéanamh i gcomhair éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú agus freagairt ardchaighdeáin, éifeachtach, athléimneach a dhéanamh i leith éigeandálaí den sórt sin.
- Oibriú le chéile chun an tseirbhís is airde caighdeán agus is féidir a chur ar fáil laistigh de thimpeallacht shábháilte, dhearfach do gach duine san eagraíocht.

## *GALAR AN VÍRIS CHORÓINIGH (COVID-19) - PAINDÉIM AN VÍRIS CHORÓINIGH*

Is seirbhís phoiblí riachtanach í an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála agus, sa bhliain 2021, lean sí de bheith ag oibriú agus de bheith ag freagairt ar na glaonna go léir le linn na paindéime reatha.

**Le linn na géarchéime sláinte poiblí seo táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:**

- Na pobail dá bhfónaimid a chosaint agus leathadh COVID-19 a theorannú
- Sábháilteacht agus folláine ár mball foirne a chinntiú le linn a ndualgais a chomhlíonadh
- Freagairt Éigeandála éifeachtach a choimeád ar bun – leanamar de bheith ag freagairt ar gach teagmhas sa bhliain 2021.

## *TIONSCADAIL CHAIPITIÚLA*

**Seachadadh na nithe seo a leanas ar an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála:**

Tá measúnacht a déanamh ar na tairiscintí i leith tógáil stáisiún dóiteáin nua in Áth na nUrlainn. Tá sé beartaithe tús a chur le tógáil an stáisiúin nua dóiteáin in Áth na nUrlainn i Ráithe 1 den bhliain 2022.

Seachadadh sorcóirí an ghairis análaithe 82 - 300-bar, mar aon leis na cláir ghaolmhara BA agus uasghráduithe, ar Sheirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh. Ceadaíodh an maoiniúchán le haghaidh na sorcóirí BA ón Stiúrthóireacht Náisiúnta le haghaidh Bainistíocht Dóiteán agus Éigeandálaí. Tá na sorcóirí BA sin ina gcuid dhílis d'úsáid gairis análaithe i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh agus is ionann iad agus ordaitheach oibríochtúil iad i leith chomhlíonadh an Achta um Shláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Tá ceadú tugtha le haghaidh maoiniúchán caipitiúil ón Stiúrthóireacht Náisiúnta le haghaidh Bainistíocht Éigeandálaí chun Inneall Dóiteáin Éigeandála nua a cheannach. Tá tairiscintí faighte agus bronnadh an conradh le haghaidh na feithicle nua seo ar High Precision Motors. Beidh sé de chumas ag an Inneall Dóiteáin Éigeandála nua trealamh tarrthála a iompar le haghaidh gach uile chineál éigeandála , lena n- áirítear Imbhuailtí Tráchta Bóthair, teagmhais a bhaineann le ceimiceáin agus Tarrtháil Feithiclí Earraí Troma agus cuirfidh an méid sin feabhas ar fhreagairt Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh ar theagmhais. Glacfaidh an fheithicil nua ionad an Innill Dóiteáin Éigeandála atá againn faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh sé feidhmiúil i Ráithe 1 den bhliain 2022.

Foilsíodh fógráin le haghaidh láithreán nua do Stáisiún Dóiteáin Chill Chainnigh sa Kilkenny People i rith tréimhse dhá sheachtain chun láithreán nua a shainaithint. Ceapadh ceantálaithe chun suíomhanna féideartha don láithreán a shainaithint agus a áirithiú, ar suíomhanna iad a bheadh gar don Chathair agus tá tuarascáil na gceantálaithe sin faoi na roghanna éagsúla atá ann tíolactha dúinn lena breithniú.

- Cheadaigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta le haghaidh Bainistíocht Dóiteán agus Éigeandálaí (SNBDÉ) maoiniúchán le haghaidh 7 gcinn de Ghaothráin Aerúcháin Brú Dhearfaigh, Cúirtíní Deataigh agus soilsiúchán cadhnra-chumhachtaithe.
- Cheadaigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta le haghaidh
- Bainistíocht Dóiteán agus Éigeandálaí maoiniúchán le haghaidh 3 cinn de jípeanna tiomána 4 roth. Déanfar na jípeanna sin a lonnú i Stáisiúin Dóiteáin Chaisleán an Chomair, Áth na nUrlainn agus Ghráig na Manach.

- Ceannaíodh ceamaraí íomhánna teirmeacha éadroma nua (CÍT-anna) do gach Stáisiún Dóiteáin agus cuireann sé sin feabhas mór ar shábháilteacht criúnna ag láithreacha dóiteáin agus, chomh maith leis sin, ar ár gcumas cuardaigh.

## IARRATAIS AR DHEIMHNITHE SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

- Sa bhliain 2021, fuarthas 95 iarratas ar dheimhnithe sábháilteacht dóiteáin agus próiseáladh iad thar ceann na Rannóige Rialaithe Foirgníochta.
- Iarratais uastáille iarratais a bhí i gceist le 7 gcinn díobh sin agus bhain 11 cheann le hIarratais Rialtachta i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (rud atá comhionann le hIarratais ar Chead Pleanála a Choinneáil).
- Próiseáladh roinnt iarratas mórscála ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin i leith (a) Teach na Grúdlainne i gCeathrú na Mainistreach, Cathair Chill Chainnigh, agus (b) forbairtí tionscail i gCalafort Belview.

## NA HACHTANNA SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN 1981 AGUS 2003

- Thug Oifigigh Dhóiteáin roinnt cuairteanna coiscthe dóiteáin ar áitribh chun comhairle a thabhairt agus chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Rinneadh 70 iniúchadh ar áitribh chun comhairle a thabhairt agus, chomh maith leis sin, chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Próiseáladh 76 Iarratas ar Cheadúnas faoi Alt 24 den na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.
- Tá 7 n-iarratas ae cheadúnas Substaintí Contúirteacha, 4 iarratas ar Dheimhniú Aisghabhála Gaile agus 2 iarratas ar Dheimhniú Suiteála faighte agus measúnaithe go dtí seo.
- Sa bhliain 2021, seirbheáladh 1 Fhógra um Shábháilteacht Dóiteáin faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.




## SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN I BPOBAIL

Chuir pearsanra de chuid na Briogáide Dóiteáin 86 chuairt maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile sa bhliain 2021. Is cuid shuntasach dár Straitéis Sábháilteachta Dóiteáin i bPobail é Cuairteanna maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile (CSDB-anna).Tugann pearsanra de chuid na seirbhíse dóiteáin, cuairt ar thithe tar éis coinne a dhéanamh agus tugann siad comhairle faoi chúrsaí dóiteáin do na háitítheoirí. De ghnáth, cuireann beirt oifigeach oibríochtúil faoi éide de chuid na seirbhíse dóiteáin CSDB i gcrích. Baineann siad úsáid as seicliosta chun ceisteanna a chur, déanann siad iarracht na guaiseacha dóiteáin sa teach a shainaithint agus molann siad réitigh ar nithe den sórt sin. Tugann siad comhairle maidir le sábháilteacht, mar aon le bileoga sábháilteachta a thabhairt, agus d'fhéadfadh sé go soláthrófaí agus go bhfeisteofaí aláraim dhóiteáin i gcás iar gá déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, pléann siad freagairt an áititheora




i gcás dóiteán a bheith ann ina dteach.
Fágann na comhraiceoirí dóiteáin tuilleadh comhairle agus faisnéise ag an áititheoir agus cuireann siad comhairle agus faisnéis ar fáil do bhaill eile den teaghlach freisin. Is é is príomhaidhm do na CSDB-anna ná laghdú a dhéanamh ar an líon dóiteán, básanna agus díobhálacha i dtithe cónaithe trí chosc a chur le dóiteáin sa chéad ásc agus a chinntiú gurb amhlaidh, i gcás ina dtarlaíonn dóiteán, go bhfaigheann áititheoirí foláireamh luath agus go bhfuil a fhios acu conas gníomhú go tapa agus go sábháilte.

Ghlac Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh sa tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin i mbliana. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ann áirítear agallaimh raidió, comórtas sábháilteachta dóiteáin a reáchtáladh i gcomhar le Club Sóisialta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, cuairteanna sábháilteachta dóiteáin sa bhaile a seoladh i roinnt tithe cónaithe agus méadú ar úsáid na meán sóisialta.

Leanadh d'fheachtais teachtaireachtaí poiblí a reáchtáil trínár gcainéil mheán sóisialta chun spreagadh a thabhairt do dhaoine den phobal i leith aláraim dheataigh a shuiteáil agus a gcuid aláram deataigh a thástáil uair amháin sa tseachtain lena chinntiú go bhfuil siad ag obair i gceart.

Bhí cainteanna agus faisnéis le haghaidh pobail éagsúla ar ceal de bharr srianta reatha Sláinte Poiblí. Mar thoradh ar thionchar COVID-19, ní raibh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh in ann Clár Bunscoile na Stiúrthóireachta Náisiúnta le haghaidh Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí (SNBDÉ) a chur i bhfeidhm ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá an clár sin á reáchtáil gan stad ó bhí an bhliain 2006 ann agus, go dtí seo, tá tairbhe an chláir náisiúnta sábháilteachta dóiteáin seo do bhunscoileanna faighte ag os cionn 19,112 dhalta rang 3.
Moladh cuairteanna sábháilteachta dóiteáin sa bhaile (CSDB-anna) a reáchtáil tar éis dhianghlasáil tosaigh Leibhéal 5.
I rith na tréimhse roimh Oíche Shamhna, rinneamar idirchaidreamh leis an Rannóg Comhshaoil agus leis an nGarda Síochána chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann



An Comhairleoir Seán Ó Braonáin, Cathaoirleach CBS-5, i mbun aith-isc os comhair Earcaithe i gCaisleán an Chomair.




Déanann comhraiceoirí dóiteáin Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh a gcuid scileanna maidir le húsáid Gairis Análaithe (GA) a athnuachan ar feadh dhá lá gach re bliain.

le tinte cnámh. Ar ámharaí an tsaoil agus a mhéid a bhaineann leis an mbriogáid dóiteáin, bhí an lá agus an oíche sin ciúin agus ní bhfuarthas aon ghlaonna chun déileáil tinte cnámh thar thréimhse Oíche Samhna sa bhliain 2021.
Ina theannta sin, seoladh agallaimh raidió faoi shábháilteacht dóiteáin agus rinneadh fógrán faoi Leideanna Sábháilteachta do thréimhse na Nollag a fhoilsiú sa nuachtán Áitiúil.

## OILIÚINT

**Chuir Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh an oiliúint seo a leanas ar fáil sa bhliain 2021:**

- Scileanna Comhraicthe Dóiteáin
- Obair in Ionaid Arda
- Seirbhísí Éigeandála
- Cúrsa maidir le Caighdeáin Tiomána (ESDS)
- Úsáid Gairis Análaithe (GA-Caiteoir Tosaigh),
- Cúrsa Athnuachana Gairis Análaithe
- Cúrchórais Aeir Bhrúite (CAB)
- Oibreoir Dróin
- Roithleáin Scríobacha agus Éigeandálaí
- Oiliúint Chéadfhreagróra (OCF)
- Bainistíocht Éigeandála Tráchta (BET)

Tá oiliúint maidir le Céadfhreagróir Éigeandála (CFÉ) faighte ag an gcuid is mó daoine de chuid phearsanra na seirbhíse dóiteáin. Seoladh cúrsa Céadfhreagróra Éigeandála (CFÉ) i Stáisiún Dóiteáin Achadh Úr. Tá an cúrsa sin cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Chúraim Éigeandála Réamh- Ospidéil (CCÉRO). Tá dé d'ádh orainn ár gcuid teagascóirí cáilithe deimhnithe intí féin a bheith againn chun an oiliúint seo a sholáthar, is iad sin, Réamann Ó Riagáin agus Pól Ó Súilleabháin. Clúdaíonn an cúrsa bainistiú aerchonaire, teiripe O2, folúschleithíní, coiléir, cláir dhromlaigh, baint clogaid, cógais agus na scileanna bunúsacha taca beatha go léir d'íospartaigh stróic, stad chairdiaigh, tachta, tráma etc. Is ionann CFÉ agus cúrsa do phearsanra dóiteáin a oibríonn i ról céadfhreagróra agus a dteastaíonn oiliúint de chineál is leithne na Garchabhair Cheirde bhunúsach. Is é CFÉ an caighdeán náisiúnta caighdeánach oiliúna garchabhrach do Sheirbhísí Dóiteáin in Éirinn.

Cuireadh an oiliúint ar fad i gcrích agus iarracht á déanamh gan ligean do COVID-19 leathadh le linn na hoibre sin. Níl aon taifead againn ar ionfhabhtú tánaisteach mar gheall ar oiliúint.

Cuireadh roinnt oícheanta druileála (tuairim is 12 oíche as 52 oíche druileála) i leith oiliúint Pearsanra Dóiteáin ar ceal ag tús, agus ag deireadh, na bliana chun féachaint le laghdú a dhéanamh ar leathadh Covid-19.

Reáchtáladh cúrsa 3 seachtaine scileanna tosaigh comhraicthe dóiteáin i gCaisleán an Chomair ar an 8 Feabhra 2021. Bhí na bearta sábháilteachta COVID-19 i bhfeidhm ina leith sin i gcomhréir leis na Measúnachtaí Riosca. Ghlac 6 earcaithe nua comhraicthe dóiteáin as Cill Chainnigh, agus mic léinn as Port Láirge, as Tiobraid Árann, as an gClár agus as Loch Garman, páirt sa chúrsa leibhéal 6 QQI seo i Stáisiún Dóiteáin Chaisleán an Chomair. Níos déanaí sa bhliain 2021, d'éirigh le hEarcaithe Comhraicthe Dóiteáin as briogáidí dóiteáin Achadh Úr agus Caisleán an Chomair a n-oiliúint Scileanna Comhraicthe Dóiteáin leibhéal 6 QQI a chríochnú i Stáisiún Dóiteáin Bhun Clóide, Co. Loch Garman.

I gcás na gclár oiliúna tosaigh atá creidiúnaithe ag QQI, tá forbairt déanta orthu ag Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhísí Údaráis Áitiúil (GNOSÚÁ) i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta le haghaidh Bainistíocht Dóiteán agus Éigeandálaí (SNBDÉ), Tugadh oiliúint de réir chaighdeán QQI le haghaidh an chúrsa Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, le aghaidh an Chúrsa Tosaigh Caiteoirí GA agus le haghaidh an chúrsa Iompraíochta i leith Dóiteán Urrainne (IDU).

Fuair pearsanra dár gcuid i stáisiúin éagsúla oiliúint mar Theagascóirí i leith Obair in Ionaid Arda ó Industrial Safety and Rescue Techniques (ISRT). Is é is aidhm don chúrsa sin ná eolas agus scileanna a sholáthar do bhaill foirne de réir mar atá ag teastáil chun daoine eile a oiliúint chun bheith ag obair go




**Reáchtáil Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh Cúrsa Tosaigh Gairis Análaithe - Leibhéal 6 QQI in Ionad Oiliúna Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid. Ghlac Comhraiceoirí Dóiteáin as Cill Chainnigh, Port Láirge, Tiobraid Árann agus Loch Garman páirt sa chúrsa.**



**An Comhairleoir Páid Mac Donnchaidh, Cathaoirleach CBS-5 ag freastal ar lá oiliúna.**



sábháilte in ionaid arda, agus chun a gcuid scileanna ina leith sin a athnuachan.

- Fuair 6 ball de chuid phearsanra na briogáide dóiteáin oiliúint Oibreora Dróin.Is é atá sa chúrsa seo ná cúrsa ceadaithe oiliúna talún de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ) ar cúrsa é lena ngabhann scrúdú ceadaithe eitilte aerárthaigh bheag gan fhoireann.



**Oiliúint Oibreora Dróin**



**Briogáid Sheirbhísí Dóiteáin & Tarrthála Chill Chainnigh**

- Chríochnaigh 11 Chomhraiceoir Dóiteáin sa briogáidí de chuid Sheirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh cúrsa oiliúna 2 lá i gCaisleán an Chomair agus bhain an cúrsa sin le 'cúrchórais aeir bhrúite CCAB.

- Fuair 7 Comhraiceoirí Dóiteáin oiliúint Chéadfhreagróra Éigeandála in Achadh Úr. Is iad ár dteagascóirí intí féin a riarann an cúrsa seo agus tá sé ceadaithe ag Comhairle Chúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil na hÉireann.

- Chríochnaigh Comhraiceoirí dóiteáin as briogáidí de chuid Sheirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh oiliúint maidir le roithleáin scríobacha i Stáisiún Dóiteáin Ghráig na Manach.

## *OIBRÍOCHTAÍ*

- Dhéileáil Briogáidí Dóiteáin le 795 theagmhas sa bhliain 2021. Tá an tSeirbhís Dóiteáin ina hacmhainn an- athléimneach agus an-úsáideach don Údarás Áitiúil sa mhéid gur féidir Briogáidí (daonchumhacht oilte agus threalmhaithe) a shlógadh laistigh de roinnt




nóiméad ón tráth a tharlaíonn éigeandáil ina limistéar etc.

- Tráth nach raibh sé ar dualgas, chuir Seán scileanna tábhachtacha sábhála bearta CPR i bhfeidhm ar fhear chun é a choimeád beo fad a bhí an tSeirbhís Otharcharr ag teacht chuig an láthair.
- Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre rátáil rioscaí ród-acmhainneacht i ndáil le sábháilteacht ár gcuid feithiclí agus i ndáil le comhlíontacht i leith lenár n- oibleagáidí dlíthiúla. Rinne ár Meicneoir Briogáide, agus gach duine den phearsanra atá bainteach le seiceáil fearas, sárobair maidir le hardchaighdeán ár bhflít (os cionn tríocha feithicil) a choimeád ar bun. Faoi láthair, táimid rangaithe sa 90ú peircintíl ghlas ó thaobh peircintílí riosca rátála de agus léiríonn sé sin caighdeán an-ard.
- percentile which is of a very high standard.

## *MÓR-ÉIGEANDÁLAÍ A BHAINISTIÚ*

Sa bhliain 2021, athbhreithníodh agus uasdátaíodh an Plean Bainistíochta Mór-Éigeandálaí agus na hAguisíní a ghabhann leis. Rinneadh an Plean Éigeandála Seachtrach i leith Nitrofert a athbhreithniú agus a thástáil faoi Threoir Seveso III sa bhliain 2021. Chuimsigh sé sin tástáil ar nósanna imeachta slógtha na bPríomh-Ghníomhaireachtaí Freagartha (PGF-anna) móide tástáil







ar na hÉigeandála Seachtraí ag na PGF-anna, ag an Oibreoir Láithreáin agus ag gníomhaireachtaí reachtúla eile.

I rith na bliana, athbhreithníodh agus uasdátaíodh an Plean Freagartha i leith Éigeandáil Tuile agus an Plean i leith Drochaimsire (gan Tuiliú a áireamh).

### Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

Cothabhálann Seirbhís Dóiteán Chill Chainnigh Córas Bainistíochta Sábháilteachta. Uasdátaíodh Ráiteas Sábháilteachta ba Stáisiún Dóiteán go éir sa bhliain 2021 agus fuair gach duine a n-iondúchtúchán bliantúil sábháilteachta. Baintear úsáid as torthaí na foghlama ó na tuarascálacha uile ar thimpistí agus ó na tuarascálacha ar neastimpistí chun uasdátú a dhéanamh ar an Lámhleabhar Sábháilteachta gach bliain.




Eagraíocht atá bunaithe ar oibrithe deonacha is ea í Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh agus tacaíonn sí leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (Comhairlí Contae, na Gardaí agus FSS), ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil amháin, nuair a bhítear ag déileáil le drochaimsir, le tuilte, le mórtheagmhais agus le cuardach daoine atá ar iarraidh. Ina theannta sin, tugann sé cúnamh do phobail áitiúla, go háirithe i

# COSAINT SHIBHIALTA







gcáil gharchabhrach le linn imeachtaí mórscála agus beagscála. Sa bhliain 2021, tháinig méadú 18% ar an líon oibrithe deonacha, is é sin, méadú go 40 oibrí deonach gníomhach agus, i mí Iúil, earcaíodh Oifigeach Cúnta Cosanta Sibhialta.

Sa bhliain 2021, lean gníomhaíochtaí Covid-19 de bheith ar na gníomhaíochtaí ba choitianta de chuid an aonaid agus bhí an D'oibrigh an t-aonad go comhoibríoch leis an oiread rannóg laistigh den údarás áitiúil agus ab fhéidir amhail Seirbhísí Dóiteáin, Éire Shláintiúil, an Chomhpháirtíocht Spóirt, an Oifig Ealaíon, an LRP agus Coiste Fhéile na Nollag agus le gníomhaireachtaí seachtracha amhail an FSS, Seirbhís

líon ard céanna ann agus a bhí ann sa bhliain 2020. Bhain an chuid is mó den chúnaimh le cúnamh in ionaid tástála agus in ionaid vacsaínithe agus le tacú le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Cuireadh cóir iompair ar fáil do chuid mhór daoine scothaosta agus do ghrúpaí leochaileacha eile chun freastal ar choinní dochtúra. Phacáil na hoibrithe deonacha pacaí cúraim agus sheachaid siad na pacaí sin, thar ceann an FSS, ar leanaí faoi mhíchumas agus sheachaid siad Dinnéir Nollag ar Dhaoine Scothaosta thar ceann *Alone*.

| Dualgais | Líon | Uaire an chloig |
|---|---|---|
| COVID | 404 | 1,904 |
| Imeachtaí Pobail | 12 | 318 |
| Cuardach | 5 | 708 |
| **TOTAL** | **421** | **2,966** |

D'oibrigh an t-aonad go comhoibríoch leis an oiread rannóg laistigh den údarás áitiúil agus ab fhéidir amhail Seirbhísí Dóiteáin, Éire Shláintiúil, an Chomhpháirtíocht Spóirt, an Oifig Ealaíon, an LRP agus Coiste Fhéile na Nollag agus le gníomhaireachtaí seachtracha amhail an FSS, Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, na Gardaí agus cuid mhór eagraíochtaí eile nach iad

Thacaigh **Foireann na Cosanta Sibhialta** le heagraíochtaí pobail agus leis an Údarás Áitiúil le linn imeachtaí féiltiúla, spóirt agus carthanais a bhí á n-oibriú i gcomhréir le srianta Covid-19. Le go mbeifí in ann leanúint den leibhéal tacaíochta pobail a bhí á thabhairt, bhí sé thar a bheith tábhachtach caighdeáin oiliúna agus deimhniúcháin a choimeád ar bun. San iomlán, cuireadh 23 chúrsa i gcrích i ndáil le réimsí an leighis, na bhfreagróirí cuardaigh, an bhánuisce tapa, na tiomána le linn drochaimsire agus na gcumhachtbhád agus bronnadh 102 deimhniú ar fad i leith na gcúrsaí sin.
Sa bhliain 2021, baineadh úsáid as maoiniúchán breise ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus ón Roinn Cosanta, ceannaíodh dhá fheithicil bhreise, otharcharr easbhóthair agus feithicil freagartha ar theagmhas. Cuireadh trealamh nua tarrthála, raidiónna nua agus puball inséidte nua leis an trealamh chun an t-aonad a





choimeád cothrom le dáta.

Chuathas i mbun 5 chuardach ar dhaoine a bhí ar iarraidh. Ba chuardach fada croschontae ilghníomhaireachta é ceann amháin acu sin agus ba é Cosaint Chill Chainnigh a chomhordaigh é.

## *GRADAIM & AITHEANTAS*

I mí na Nollag 2021, sheol an Chosaint Shibhialta oíche ghradam ar lena linn a tugadh aitheantas d'oibrithe deonacha i leith a ngnóthachtálacha agus a seirbhíse fada. Chomh maith leis sin, tugadh aitheantas agus gradam seachtrach don aonad freisin










i leith a sheirbhíse don Phobal.

Bhronn Pinsin agus Airgeadas Éireann gradam uile-Éireann na nÚdarás Áitiúil, is é sin, 'Laoch Covid gan iomrá', ar an gCosaint Shibhialta.
Bhronn an Cathaoirleach Deimhniú Buíochais ar an aonad thar ceann na gComhaltaí Tofa.

Faighteoirí Ghradam Pobail agus Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh 2021 i leith 'Freagairt ar Covid-19'.






## *IARRATAIS PLEANÁLA*

Fuarthas 1,054 iarratas pleanála i rith na bliana. Is méadú 12.5% é sin i gcomparáid leis am mbliain 2020.

Lean na srianta sláinte poiblí a tugadh isteach sa bhliain 2020 chun cur i gcoinne COVID-19 de thionchar a imirt ar sholáthar na

# **STIÚRTHÓIREACHT NA** SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, EACNAMAÍOCHTA & COMHSHAOIL

**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ: Seán Mac Eoin**



# PLEANÁIL
& FORBAIRT

seirbhíse pleanála i rith na bliana. Dá ainneoin sin, lean an Roinn Pleanála de bheith ar oscailt le haghaidh gnó a dhéanamh, ach sin faoi réir srianta sláinte poiblí, scaradh sóisialta agus bearta sábháilteachta eile ar mhaithe le custaiméirí agus baill foirne a chosaint.

## *RIALÚ FOIRGNÍOCHTA*

Próiseáladh 434 fhógra tosaithe sa bhliain 2021 i gcomparáid le 319 sa bhliain 2020 agus b'ionann é sin agus méadú 36%. Is léiriú dearfach é sin ar an méadú ar ghníomhaíochtaí tógála i gcoitinne agus, go háirithe, i dtaca le soláthar aonad tithíochta a bhfuil gá mór leo.

Fuarthas 54 iarratas bhailí ar Dheimhnithe le haghaidh Rochtain do Dhaoine Daoine faoi Mhíchumas i gcomparáid le 85 iarratas don tréimhse chéanna sa bhliain 2020.

## *GLACADH FAOI CHÚRAM*

Bhí 42 fhorbairt á bpróiseáil i leith 'Glacadh faoi Chúram' (GFC) i gContae Chill Chainnigh i rith na bliana.

**Cuireadh próiseas TFC i gcrích i gcás 10 bhforbairt mar a leanas:**

The Green, Baile an Phoill
Caisleán an Fhaoitigh, Cnoc an Tóchair
Bellfield, Port an Chalaidh
Rath Ullard, Cill Chainnigh
Banagher Court, Baile an Phoill
Gort an tSrutháin, Baile Héil
Haven Court, Béal Átha Ragad
Newpark Crescent, Cill Chainnigh
Siúlán na Mainistreach, Callainn
Roseleigh, Móin Choinn

Is iad seo a leanas na príomhréimsí a thagann faoi réir GFC: bóithre poiblí agus cosáin phoiblí; spásanna oscailte poiblí; limistéir neamh-leithroinnte páirceála dromchla; agus soilsiúchán poiblí. Rinneadh iarratas ar GFC i rith na bliana thar ceann 3 fhorbairt eile, rud a d'fhág 35 eastát a bhí ag céimeanna éagsúla den phróiseas fós ag deireadh na bliana 2021.

## *PLEAN FORBARTHA NA CATHRACH & AN CHONTAE 2021 - 2027*

Tháinig Plean Forbartha an Chontae agus na Cathrach (PFC) a bhí glactha ag na Comhaltaí Tofa in éifeacht ar an 15 Deireadh Fómhair, 2021. Is doiciméad beartais thar a bheith tábhachtach é an PFC agus leagann sé amach an croístraitéis foriomlán socraíochta, an criosú agus na cuspóirí eile maidir le forbairt inbhuanaithe na Cathrach & an Chontae do na 6 bliana atá romhainn. D'ainneoin shrianta COVID-19, bhí rannpháirtíocht shuntasach phoiblí ann i rith na gcéimeanna éagsúla a bhí i gceist le linn an PFC a ullmhú. Seoladh roinnt imeachtaí ar líne agus d'fhreastail os cionn 350 duine ar na himeachtaí sin agus, sa chéad leath den bhliain 2021, forbraíodh Láithreán Gréasáin i bhfoirm Taispeántas Poiblí Fíorúil chun comhairliúchán poiblí faoin Dréacht-PFC a éascú. Fuarthas beagnach 500 aighneacht agus, tar éis na haighneachtaí sin a bhreithniú, d'aontaigh na Comhaltaí Tofa roinnt athruithe ábhartha a dhéanamh.

Cuireadh na hathruithe beartaithe sin ar taispeáint go poiblí agus fuarthas os cionn 620 aighneacht eile. Bhain formhór mór na n-aighneachtaí sin (75%) le gnéithe den Straitéis bheartaithe maidir le Fuinneamh Gaoithe a bhí ann sa Dréacht. Tar éis plé a dhéanamh, ghlac na Comhaltaí Tofa an PFC agus, le linn an méid sin a dhéanamh, chinn siad gan glacadh le cuid de na moltaí a bhí déanta ag Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) i ndáil leis an Straitéis maidir le Fuinneamh Gaoithe. Tar éis moladh a fháil ó ORP, léirigh an tAire de Búrca, Aire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, go raibh sé ar intinn aige ordachán a eisiúint chuig an gComhairle maidir le gnéithe den Straitéis maidir le Fuinneamh Gaoithe a bhí luaite sa PFC. Cuireadh dréacht-fhógra an Aire ar taispeáin go poiblí agus fuarthas os cionn 700 aighneacht maidir leis. Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuarascáil faoi bhráid an Aire agus chuig ORP, ar tuarascáil é inar tugadh achoimre ar na haighneachtaí a bhí faighte, mar aon le hachoimre ar thuairimí agus ar mholtaí na gComhaltaí Tofa faoin ordachán. Ní mór do ORP an Tuarascáil a bhreithniú anois agus moladh a dhéanamh don Aire an dréacht-ordachán a eisiúint, fara leasaithe nó gan leasuithe, nó gan an t-ordachán a eisiúint.

I gcás ina n-aontaíonn an tAire le moladh ORP, féadfaidh sé an t-ordachán deiridh a dhéanamh. San idirlinn, meastar gur beartas socraithe é gach gné eile den PFC agus, dá bhrí sin, ní thagann siad faoi réir ordachán ón Aire.

## *PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL (PCÁ) GHRÁIG NA MANACH/THIGH NA NINSE*

Rinneadh Plean Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach/Thigh na hInse, a ullmhaíodh go comhpháirteach le Comhairle Chontae Cheatharlach, a ghlacadh i mí Iúil 2021 tar éis comhairliúchán forleathan poiblí.

## *MÁISTIRPHLEANANNA*

Ceapadh sainchomhairleoirí chun cabhrú leis an gCoiste Stiúrtha le linn Máistirphlean a dhréachtú le haghaidh.

Champas Naomh Chainneach, Cathair Chill Chainnigh. Nuair a bheidh dréacht-phlean ar fáil cuirfear faoi bhráid na Comhairle agus an FSS é sula gcuirfear ar fáil le foilsiú e. I rith na bliana, leanadh den obair ullmhúcháin ar i leith Máistirphleananna le haghaidh cheantair Loch Mocháisc agus Fhaiche an Aonaigh i gCathair Chill Chainnigh. Tar éis na dréachtaí sin a ullmhú cuirfear



ar fáil iad le haghaidh comhairliúchán poiblí.

## *DEONTAIS CHAOMHANTAIS*

Rannchuidíonn cáilíocht ár gcomhshaoil fhoirgnithe le beogacht ár limistéar uirbeach, ár sráidbhailte agus ár gceantar tuaithe, spreagann sé mórtas sí mórtas ionann agus cuireann sí feabhas ar cháilíocht ár saoil ó lá go lá.

Tá ár n-oidhreacht fhoirgnithe ar cheann de na nithe is mó a mheallann cuairteoirí chun teacht go hÉirinn agus, dá bhrí sin, neartaíonn sí ár dtionscal turasóireachta agus cuireann sí ár dtionscal turasóireachta chun cinn, chomh maith le rannchuidiú le hathghiniúint limistéar uirbeach agus tuaithe.

**Cuireadh na tionscadail deontais caomhantais seo a leanas i gcrích sa bhliain 2021:**

Scéim Infheistíochta i leith na hOidhreachta Foirgnithe (SIOF) Is é is aidhm do SIOF ná leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach i dtionscadail chaomhantais bheagscála diansaothair agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le fostú gairmithe caomhantais agus ceardaithe chun an comhshaol foirgnithe stairiúil a dheisiú. Ceadaíodh maoiniúchán iomlán €117,600 le haghaidh 14 thionscadal faoi SIOF i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2021 le haghaidh raon leathan oibreacha lena n-áirítear deisiúcháin ar fhuinneoga agus ar rindreáil sheachtrach agus earraí cosanta díon agus cosaint ar bháisteach, pointeáil aoil agus éadanais stairiúla siopa.

Ciste na nDéanmhas Stairiúil (CDS) Is Is é is aidhm do CDS ná tacú le caomhnú agus feabhsú déanmhas agus foirgneamh stairiúil atá faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi úinéireacht phoiblí araon. Tugadh tacaíocht do 6 thionscadal agus ba é a bhí sa chúnamh deontais iomlán faoi CDS i gCill Chainnigh sa bhliain 2021 ná €193,725.

### Tionscnamh na mBailte Stairiúla (TBS)

Is é atá in TBS ná tionscnamh comhpháirteach de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Chomhairle Ealaíon ar é is aidhm dó ná maoiniúchán a sholáthar le haghaidh oibreacha caomhantais chun na foirgnimh agus na sráid-dreacha i mbailte stairiúla na hÉireann a dheisiú agus a fheabhsú. Sa bhliain 2021, fuair an Chomhairle maoiniúchán faoi TBS chun Céim 2 d'oibreacha caomhantais ráillí iarainn teorann agus d'oibreacha caomhnaithe saoirseachta a chríochnú ag Eaglais Mhuire, Callainn. Ceapadh sainchomhairleoirí chun cabhrú le forbairt Mháistirphlean Loch Mocháisc agus d'fhreastail níos mó ná 60 duine ar chruinniú poiblí a seoladh i mí Eanáir 2020 chun an Máistirphlean a phlé.

Tá cuid mhór oibre déanta cheana féin ach, de bharr shrianta Covid-19, cuireadh moill ar fhoilsiú an phlean ach cuirfear ar taispeáint go poiblí é go luath sa bhliain 2021.

## *LÁITHREÁIN FHOLMHA*

Amhail ag deireadh na bliana 2021, tá bhí 29 láithreán ann i gClár Láithreán Folamh na Comhairle. Faoi láthair, is é atá sa líon iontrálacha a cealaíodh mar thoradh ar ghníomhachtú nó, mar gheall ar fheabhsú, láithreán ná 18 gcinn rud a léiríonn go bhfuil ag éirí leis an tobhach a sprioc a bhaint amach.

## *RMCEI*

I bPlean an Chontae maidir leis na Critéir Íosta atá Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI) don bhliain 2021, socraíodh sprioc uaillmhianach tuairim is 5,000 iniúchadh beartaithe i leith na réimsí Dramhaíola, Uisce, Torainn agus Aeir. D'ainneoin thionchar agus dhúshláin shrianta COVID-19 agus shábháilteacht an phobail/na foirne, chuir an Fhoireann Chomhshaoil tuairim is 85% de na hiniúchtaí sin i gcrích sa

# COMHSHAOL

bhliain 2021. Tuairiscí 1,255 ghearán san iomlán don Rannóg Comhshaoil sa bhliain 2021 agus bhain na gearáin sin le bruscar, dumpáil neamhdhleathach, cáilíocht an uisce agus gluaisteáin thréigthe. Ach lean formhór mór na ngearán de bheith bainteach le bruscar agus dumpáil neamhdhleathach. Déantar gach gearán a thaifeadadh i gCóras BCC (Bainistíocht Caidreamh Custaiméara), déanann ball foirne iomchui imscrúdú orthu, déantar gníomh ina leith agus, nuair a réitítear iad, dúntar iad ar an gcóras.

### LÁITHREÁN CHONLÁISTE CATHARTHA AN DÚIN MHÓIR (LCC)

Sa bhliain 2021, leanadh den mhéadú ar ghníomhaíochtaí ag LCC an Dúin Mhóir cé gur tháinig laghdú ar an ngníomhaíocht sin i gcomparáid leis an mbliain 2020 agus bailíodh 2,999 dtona dramhaíola agus 1,576 thona ábhair athchúrsála. Bhain 87,721 chustaiméir úsáid as an tsaoráid i rith na bliana 2021. D'óstáil LCC an Dúin Mhóir agus na Greanaí Imeacht Bailithe Dramhthroscáin Thoirtiúil ar éirigh go han-mhaith leis agus bailíodh beagnach 35 tona troscáin throscáin thoirtiúil lena linn faoin Tionscnamh Frithdhumpála.

### IONAID 'FÁG ANSEO'

Soláthraíonn agus bainistíonn an Chomhairle 46 Ionad Athchúrsála 'Fág Anseo' ar fud na Cathrach agus an Chontae agus bailíodh 2,259 dtona d'earraí in-athchúrsáilte sna hIonaid sin sa bhliain 2021 agus ba laghdú beag an méid sin i gcomparáid leis an tonnáiste a bailíodh an bhliain roimhe sin. Is é Ionad Siopadóireachta na Páirce Nua an tIonad 'Fág Anseo' is gnóthaí atá ann sa Chathair agus is é Aldi, Gráig na Manach, an t-ionad is gnóthaí atá ann lasmuigh den Chathair. Tá baill foirne comhshaoil ag leanúint de bheith ag obair go han-dlúth lenár soláthraithe seirbhíse lena chinntiú go n- oireann an tseirbhís bailithe don éileamh atá ann, go háirithe le linn tréimhsí saoire. Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag féachaint leis an ngréasán ionad athchúrsála a leathnú agus, i dtaca leis sin de, tá sí i mbun caibidlíochtaí le coistí Bailte Slachtmhara i ndáil le suíomhanna oiriúnacha.

### TIONSCNAIMH FRITHDHUMPÁLA

**Lean an Chomhairle de thionscnaimh frithdhumpála a chur i gcrích, lena n-áirítear an méid seo a leanas:**

Plean nua Bainistíochta Bruscair 2021 - 2023 a ghlac na Comhaltaí Tofa go foirmiúil le linn Chruinniú na Comhairle i mí Aibreáin.

€75,000 a fháil faoin scéim tacaíochta deontais bonneagar frithdhumpála sa bhliain 2021 chun araidí nua dlúthúcháin gréine a shuiteáil i gCallainn, i mBaile Mhic Andáin, i nGráig na Manach agus i gCathair Chill Chainnigh, chun araidí bruiscair sráide a athsholáthar i gCeantair Bhardasacha agus chun tacú le pobail áitiúla maidir le cabhrú le deireadh a chur le bruscar i suíomhanna taitneamhachta cois uisce ar fud an Chontae. Feachtas bliantúil Glantacháin Earraigh An Taisce a chur chun cinn. Cé gur imir srianta COVID-19 tionchar ar chur i gcrích an tionscnaimh sa bhliain 2021, taifeadadh is cionn 150 clárúchán ar fud an Chontae agus thuairiscigh cuid mhór ceannairí pobail go raibh an líon oibrithe deonacha ar an líon ab fhearr a taifeadadh riamh. Chabhraigh an Chomhairle le 88 beart bruscair a thabhairt chun bealaigh agus, mar thoradh air sin, diúscraíodh os cionn 33 thonna bruscair/dramhaíola. Leanadh d'fheachtais phoiblíochta leanúnacha amhail 'Conscious Cup Campaign', i gcomhar le Comhairle Chontae Cheatharlach, sa bhliain 2021, agus é mar aidhm leo an méid bruscair a ghintear mar thoradh ar chupáin indiúscartha 'beir leat' a theorannú agus tá spreagadh á thabhairt do phobail agus do ghnóthaí áitiúla páirt a ghlacadh san fheachtas. Ina theannta sin, lainseáil an Chomhairle an Clár 'Cairde Bailithe' sa bhliain 2021, is é sin, clár nuálach bunscoile atá dírithe ar spreagadh do dhaoine óga teacht chun bheith sa chéad ghlúin díograiseoirí comhshaoil eile trí dhul i gceannas ar sheisiúin bailithe bruscair ina gceantar áitiúil. Ghlac os cionn 1,000 teaghlach páirt i sa Chlár sa bhliain 2021.

### TIONSCNAIMH CHOISCTHE DRAMHAÍOLA

Lean an Chomhairle de raon leathan tionscadal coiscthe dramhaíola a chur i gcrích sa bhliain 2021, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Maoiniúchán €103,000 a fháil faoin Tionscnamh Frithbhruscair i gcomhair 9 dtionscadal, lena n-áirítear bearta glantacháin agus coiscthe in áiteana 'ina dtarlaíonn dumpáil go minic.'
- Tá Foirne Forfheidhmiúcháin gníomhach maidir le patróil a dhéanamh agus imscrúduithe agus iniúchtaí a chur i gcrích i ndáil le Dramhaíl Tógála & Scartála (T&S), Dramhaíl Tráchtála Bia agus Dramhaíl Tís Bia, gan trácht ar Ghluaisteáin Thréigthe agus diúscairt neamhdhleathach trí dhó.

D'áirigh sé sin oibríocht chomhpháirteach idir an Rannóg Comhshaoil agus Ceantar Bardasach na Cathrach i ndáil le dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach i Lánaí na Cathrach. Faoi láthair, tá foirne forfheidhmiúcháin ag gabháil do

Shuirbhéireachtaí Cainníochtaithe Bruscair agus Truaillithe Bruscair ar fud na Cathrach agus an Chontae mar mhodh chun taifeadadh a dhéanamh ar na méideanna bruscair atá ann inár gContae. Tá na suirbhéireachtaí sin ina gcuid thábhachtach dár gcuid oibre leanúnaí faoi RMCEI.

Raon tionscadal coiscthe dramhaíola pobail atá á mhaoiniú faoin scéim Deontais Coiscthe Dramhaíola ar scéim í a maoiníonn GCC í. I measc na dtionscadal sin áiríodh athchúrsáil rothar, athúsáidí le haghaidh gléasanna ceoil, athfheistiú camán agus eolaire deisiúcháin ar líne.

Feachtais bholscaireachta ina n-áirítear an méid seo a leanas: feachtais raidió lena chur i gcuimhne d'úinéirí gnó agus do shealbhóirí tí a gcuid bruscair a choimeád daingean agus gan bruscar a thairiscint le haghaidh tinte cnámh ós rud é go n- imríonn sé sin tionchar ar cháilíocht an aeir áitiúil; agus físeán forfheidhmiúcháin a ullmhú atá comhroinnte ar ardáin mheán sóisialta lena chinntiú go sroicheann a theachtaireacht thábhachtach pobail ar fud an Chontae.

Mí na hAthúsáide i mí Dheireadh Fómhair a chur chun cinn - Mar chuid de sin áiríodh cainteanna seimineáir ar an idirlíon le Elaine de Buitléir, ar díograiseoir í ar son maireachtáil inbhuanaithe, agus bhí cainteanna ar 'Inbhuanaitheacht Ar Phinginí', 'Dul i ngleic leis an nGéarchéim Aeráide', Vardrús Inbhuanaithe a Chruthú' agus 'Leanaí Dramhfhóbacha a Tógáil'.

Tacú le Páirc Fhionnachtana Chaisleán an Chomair chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú. Rinne an Chomhairle iniúchadh dramhaíola ar a gcuid oibríochtaí a eagrú i gcomhar le GCC mar chuid den chlár saintréithiúcháin dramhaíola in Ionaid Conláiste. Rinne Ionad na Teicneolaíochta Ghlaine in Ollscoil Teicneolaíochta Mumhan formhaoirseacht air sin.

## *GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE*

Tá an fhianaise eolaíochta ar théamh domhanda doshéanta agus is léir na héifeachtaí a bhaineann le hathrú aeráide. Is iad na gáis cheaptha teasa, go háirithe dé-ocsaíd charbóin (CO2), na nithe is mó is cúis le hathrú aeráide. Ghlac an Chomhairle Straitéis Oiriúnúcháin 5 bliana i leith Athrú Aeráide (SOAA) sa bhliain 2019 ar clár é a raibh sé mar aidhm aige beart a dhéanamh go réamhghníomhach chun íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair an athraithe aeráide ar dhaoine áitiúla, ar éiceachórais, ar bhonneagar agus ar fhoirgnimh agus
chun spreagadh a thabhairt do dhaoine a n-iompraíocht a athrú chuig stíleanna maireachtála de chineál níos inbhuanaithe. Sa tuarascáil is déanaí ar dhul chun cinn a cuireadh faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, tuairiscíodh go bhfuil beagnach 80% de ghníomhartha SOAA curtha i gcrích nó ar siúl faoi láthair.

**I measc na ngníomhartha sin áiríodh na nithe seo a leanas:**

- Aisfheistiú forleathan ar na foirgnimh is sine de chuid na Comhairle chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- painéil ghréine a shuiteáil ar fhoirgnimh de chuid na Comhairle chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh
- Foirne Sábhála Fuinnimh Tithe Cónaithe a sholáthar trí bhrainsí Leabharlann na Comhairle, ar foirne iad atá ar fáil do shealbhóirí tí chun cabhrú leo sábhálacha fuinnimh a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ina dtithe cónaithe féin
- uasghrádú leantach na soilse poiblí a bhfuil beagnach 11,000 acu an ar fud an Chontae le go mbeidh soilse LED níos éifeachtúla ó thaobh cúrsaí fuinnimh de ann (nóta: tá c. 40% de na soilse uasghrádaithe cheana féin)
- scéimeanna faoisimh tuile, a maoiníonn OOP iad, a sholáthar i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chontae a thagann faoi lé tuiliú
- tionscnaimh chun laghdú ar dhramhaíl a chur chun cinn (go háirithe dramhaíl bhia),athchúrsáil a spreagadh agus plaistigh aon úsáide a laghdú
- clár forleathan plandála crann chun tionscnaimh cheaptha carbóin agus líon níos mó spásanna oscailte agus páirceanna atá níos báúla don bhithéagsúlacht a spreagadh, lena n-áirítear Páirc nua Tuaithe & Bithéagsúlachta a fhorbairt ag an líonadh talún gan úsáid sa Dún Mór.

San Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin a glacadh sa bhliain 2015. leagtar amach ról níos uaillmhianaí fós d'Údaráis Áitiúla i leith cabhrú le hÉirinn an t-aistriú a dhéanamh chuig geilleagar carbón- neodrach.

## *CRIOSANNA DÍCHARBÓNAITHE*

D'ainmnigh an Chomhairle Crios Dícharbónaithe ionchasach (CD) i gceantar Ghleann na Bréagaí i lár Chathair Chill Chainnigh lena bhreithniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil. Is é is cuspóir foriomlán don CD gníomhartha a chomhaontú ina leagtar amach conas meánlaghdú íosta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (7%) a bhaint amach in aghaidh na bliana agus laghdú iomlán 51% a bhaint amach faoin mbliain 2030. Áiríonn an CD ainmnithe raon limistéar uirbeach agus imeall-limistéar uirbeach lena ngabhann úsáidí agus criosuithe éagsúla faoi Phlean Forbartha na Cathrach agus an Chontae. Faoi réir an Roinn do ghlacadh leis an limistéar ionchasach CD, ceapfaidh an Chomhairle Grúpa Oibre Forfheidhmiúcháin ina mbeidh baill foirne agus geallsealbhóirí iomchuí, lena n-áirítear Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae (GF3C), chun Plean Forfheidhmiúcháin a fhorbairt.

Forbróidh an Grúpa Oibre Forfheidhmiúcháin raon beart

maolúcháin, oiriúniúcháin agus bithéagsúlachta chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa (AGCT) agus riachtanais aeráide d'fhonn rannchuidiú le spriocanna a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Áireofar na CD-anna sa Phlean maidir le Gníomhú ar son na hAeráide atá le hullmhú ag an gComhairle sa bhliain 2022.

## FUINNEAMH

I mí an Mhárta, fuair an Chomhairle fógra foirmiúil ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) faoi chreidiúnúchán ISO 50001. Is é atá in ISO 50001 ná caighdeán bainistithe fuinnimh a aithnítear ar bhonn idirnáisiúnta agus ní mór do na heagraíochtaí a bhaineann an caighdeán amach fianaise a sholáthar go bhfuil córais dhochta fuinnimh, agus nósanna imeachta dochta, curtha i bhfeidhm acu i leith éifeachtúlacht fuinnimh. Cabhróidh ISO 50001 leis an gComhairle spriocanna níos uaillmhianaí a bhaint amach sa todhchaí i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Ceadaíodh roinnt tionscadal de chuid na Comhairle faoi Chlár Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) maidir le Pobail Fuinnimh Níos Fearr. I measc na dtionscadal sin, áiríodh uasghrádú soilsiúcháin agus suiteáil luchtaire Feithiclí Leictreacha (FL) i gClós Innealra Chill Chainnigh agus insliú dín i Halla an Chontae. Leanfaidh na tionscadail sin de thacaíocht a thabhairt don Chomhairle maidir le spriocanna fuinnimh agus carbóin na hearnála poiblí a bhaint amach.

## AN TIONSCNAMH 'ROTHAÍOCHT CHUN NA HOIBRE'

Tá an Rannóg Comhshaoil ag leanúint den tionscnamh seo a chur ar aghaidh trí spreagadh a thabhairt do bhaill foirne dul chuig an ionad oibre ar rothar agus, chomh maith leis sin, rothar a úsáid chun dul chuig cruinnithe agus chun cuairt a thabhairt ar láithreáin ar fud na Cathrach agus sna ceantair máguaird. I measc na nithe atá curtha i gcrích go dtí seo, áirítear suiteáil saoráidí leasa foirne.

Tá an Rannóg Comhshaoil ag obair i gcomhar le Foireann Cheantar Chathair Chill Chainnigh agus lenár Oifigeach Rothaíochta agus fuarthas deontas, le déanaí, le haghaidh saoráid stórála rothar. Tá sé beartaithe dhá rothar leictreonacha, rothar lastais agus roinnt gnáthrothar a cheannach lena n-úsáid ag baill foirne.
Is tionscnamh glas comhshaoil é sin agus comhlíonann sé ceann de na gníomhartha atá ann inár Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide. Ina cáil mar cheann de na fostóirí is mó dá bhfuil ann sa Chontae, léireoidh Comhairle Chontae Chill Chainnigh dea-shampla, agus tabharfaidh sé spreagadh d'fhostóirí agus do ghnóthaí eile, i leith dul i mbun tionscnaimh den tsamhail chéanna.

## FODHLÍTHE CORRTHRÁDÁLA

Sa bhliain 2021, cuireadh tús le hathbhreithniú ar Fhodhlíthe Corrthrádála i gCeantair Bhardasacha Chaisleán an Chomair, Challainn-Bhaile Mhic Andáin agus Bhaile an Phoill agus, i mí Dheireadh Fómhair, cheadaigh na Comhaltaí dréacht- Fhodhlíthe le haghaidh comhairliúchán poiblí. Is é is cuspóir

do na Fodhlíthe ná na nósanna imeachta i leith ceadúnú corrthrádála a leagan amach. Ina theannta sin, déantar na coinníollacha a ghabhann le corrthrádáil a leagan amach go mionsonraithe a mhéid a bhaineann le bainistiú bruscair, sláinteachas bia. árachas, táillí agus nithe eile. Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach a Tuarascáil ar na Fodhlíthe nua atá beartaithe a thíolacadh lena mbreithniú ag na Comhaltaí Tofa go luath sa bhliain 2022.

## SEANLÁITHREÁIN LÍONTA TALÚN

Tá 14 sheanláithreán Líonta Talún ann i gContae Chill Chainnigh, ar láithreáin iad a bhí á n-úsáid tráth ag an gComhairle chun dramhaíl a dhiúscairt. Tá sé de cheangal ar Údaráis Áitiúla measúnacht a dhéanamh ar an riosca truaillithe comhshaoil ar sheanláithreáin líonta talún agus sin a dhéanamh de réir Cód Cleachtais a d'eisigh GCC agus lena ngabhann creat measúnachtaí agus, más gá, oibreacha feabhais. D'imir srianta COVID-19 ar an earnáil tógála sa chead leath den bhliain 2021 tionchar dochrach ar oibreacha maidir le himscrúdú láithreáin. Rinneadh feabhsú sheanláithreáin líonta talún Sherman, Bhéal Átha Ragad agus Ghabhráin a chur i gcrích go hiomlán agus eisíodh tuarascálacha bailíochtaithe chuig GCC sa bhliain 2021. Chomh maith leis sin, cuireadh Oibreacha Imscrúdaithe Láithreáin i gcrích i seanláithreáin líonta talún i mBaile an Mhálartaigh agus i mBaile an Fhasaigh agus ceapadh Sainchomhairleoir chun dul i mbun oibreacha imscrúdaithe láithreáin sa seanláithreán líonta talún i nDún Garbháin. Tá iarratais ar Dheimhniú Údarúcháin (DÚ) curtha faoi bhráid GCC i leith seanláithreáin líonta talún na Seanchúirte, Inis Tíog agus Thorpe, i mBéal Átha Ragad. Fuarthas tuarascálacha ar Mheasúnacht Rioscaí maidir leis na 7 láithreán eile agus tá siad sin ag céimeanna éagsúla den phróiseas athbhreithnithe. Beidh gá le hobair bhreise anailísithe agus faireacháin maidir le cúig cinn de na láithreáin sin (lena n-áirítear Tuarascálacha Leibhéal 3, chun na Measúnachtaí Rioscaí a thabhairt chun críche.

## BALLA COLMLAINNE

D'aontaigh na Comhaltaí Tofa leanúint ar aghaidh le Pleanáil Chuid 8 i leith Balla Colmlainne a chur ar fáil i Reilig Naomh Ciaráin i gCathair Chill Chainnigh.Is é atá i mBalla Colmlainne ná déanmhas a úsáidtear chun taisí daonna a thaisceadh go hurramach ann, is é sin le rá, i gcuasáin atá ceaptha i gcomhair gabhdán ina bhfuil taisí créamtha. Tá an fhorbairt bheartaithe seo ceaptha chun rogha eile a sholáthar in ionad adhlacthaí traidisiúnta. Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach a Tuarascáil faoin togra maidir e Cuid 8 a thíolacadh go luath sa bhliain 2022.

## BAILTE SLACHTMHARA

Lean Oifigeach Feasachta Comhshaoil na Comhairle de

thacaíocht réamhghníomhach a thabhairt do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an Chontae sa bhliain 2021. Bhí Cathair Chill Chainnigh sa dara háit, i ndiaidh Inse, i gcatagóir an Ionaid Mhóir Uirbigh Is Slachtmhaire in Éirinn. Ní raibh Cathair Chill Chainnigh ach 4 mharc taobh thiar d'Inis a ghnóthaigh an teideal foriomlán náisiúnta. Choimeád Cill Chainnigh a stádas boinn óir agus bhain Inis Tíog an stádas sin amach freisin i mbliana trí Bhonn Óir a ghnóthú, rud a bhí mar chuspóir agus Inis Tíog ón gcéad uair a bhí siad páirteach sa Chomórtas 'Entente Florale' sa bhliain 2018.

Ní raibh Inis Tíog ach trí mharc taobh thiar de Ghéisill, Co. Uíbh Fhailí, a bhuaigh a gcatagóir. Choimeád sráidbhaile Thulchacht a stádas mar bhuaiteoir boinn airgid. Ghnóthaigh sráidbhaile Lios ar Glinn an Gradam Iarrachta Contae ós rud é gur bhain siad amach an méadú céatadánach is mó i gcomparáid leis an mbliain roimhe trí mhéadú 14 mharc a bhaint amach agus, ina theannta sin, ghnóthaigh siad Gradam Pobail COVID-19 an Oirdheiscirt. Rud dearfach is é na ceithre ghrúpa nua a bhí páirteach sa chomórtas i mbliana (Móin Choinn, Baile Phóil, Dún Iomagáin agus Cill Mogeanna), rud a fhág go raibh 25 iontrálaí as Cill Chainnigh ann san iomlán i mbliana,

## *SÁBHÁILTEACHT UISCE*

Soláthraíodh 5 Aonad nua Leasa Garda Tarrthála don tseirbhís gardaí tarrthála a dhéanann maoirseacht ar ár gcúig limistéar snámha neamhainmnithe. Lean gardaí tarrthála de bheith ar dualgas, ag tráthanna sonracha, i rith mhí an Mheithimh, mhí Iúil agus mhí Lúnasa, sna Meadows agus ag an gCora i gCathair Chill Chainnigh, i nGráig na Manach, in Inis Tíog agus i mBaile Mhic Andáin.

## *RIALÚ MADRAÍ AGUS CAPALL*

I gcomhar le Seirbhís na Maor Madraí (SMM), tá an tSeirbhís Tréidliachta rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Achta um Rialú Madraí, 1986, arna leasú, agus an Achta um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010.

**Seo a leanas achoimre ar na gníomhaíochtaí sa bhliain 2021:**

| |
|---|
| Rinne an tseirbhís rialáil ar 10 mBunachas Póraithe Madraí agus, sa bhliain 2021, rinneadh iniúchadh ar 28 mBunachas Póraithe Madraí. |
| Ba é a bhí sa líon madraí a ceadúnaíodh ná 5,333. |
| Tugadh 185 mhadra suas don Dídean Madraí le cúram a thabhairt dóibh (lena n-áirítear na madraí sin a d'aimsigh SMM mar mhadraí fáin). |
| Athéilíodh 62 mhadra. |
| Aimsíodh bail nua do 123 mhadra. |
| Níor cuireadh aon mhadra síos. |
| Gaibhníodh 19 gcapall sa bhliain 2021, fuarthas baile nua do 18 gcinn díobh agus cuireadh capall amháin díobh síos. |

Ghlac an Chomhairle Fodhlíthe nua maidir le Rialú Capall i mí an Mhárta ar fodhlíthe iad lena gceanglaítear ar úinéirí capall, seachas in imthosca teoranta, ceadúnas a bheith acu chun capall a choimeád. Is é is cúis leis sin rialú a dhéanamh ar an líon capall atá ann agus cosc a chur ar chapaill a bheith ina gcúis le núis, crá nó díobháil do dhaoine den phobal nó le damáiste do mhaoin.

Leis na Fodhlíthe nua, uasdátaíodh na forálacha a bhaineann leis an tslí inar ceart capaill a choimeád, capaill a chur i stábla agus aire a thabhairt do chapaill i gcás nach bhfuil siad faoi rialú dóthanach. Is é atá sa phríomhfhoráil nua de chuid na Fodhlíthe athbhreithnithe ná beart sábháilteachta poiblí agus leasa ainmhithe a thabhairt isteach i gcriosanna eisiaimh capall i limistéir sainaitheanta i gcroílár Chathair Chill Chainnigh.

Leanann Coiste na gCaighdeán Leasa Ainmhithe d'ionchur agus de threoir a chur ar fáil don Chomhairle maidir le rialú madraí agus capall.

# SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Lean Seirbhís Tréidliachta na Comhairle den chonradh seirbhíse sábháilteachta bia le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) a chomhlíonadh ar conradh é ina n-áirítear freagracht (faoi Chomhaontú Alt 85 le Comhairle Chontae Cheatharlach) i ndáil le hiniúchtaí sábháilteachta bia a dhéanamh i gContae Cheatharlach. B'éigean an tSeirbhís a choimeád i riocht athléimneach chun déileáil leis na dúshláin uathúla a bhí ann sa tionscal bua le linn srianta COVID-19 a bheith i bhfeidhm.

| **Seo a leanas gníomhaíochtaí na bliana:** |
|---|
| Sa bhliain 2021, mharaigh Seamlais atá faoi mhaoirseacht na seirbhíse 5,350 Ceann Eallaigh, 20,764 Chaora agus 21,338 Éan Clóis. |
| Bhí 20 Gnó Bia á maoirsiú ag an tseirbhís sa bhliain 2021. |
| Rinneadh 178 gCigireacht Sláinteachais (seachas Cigireachtaí AM/PM) in áitribh bhia atá faoi mhaoirseacht na seirbhíse. |

| **Thóg an tSeirbhís Tréidliachta 112 Shampla Rialaithe Oifigiúla inar cuimsíodh an méid seo a leanas:** |
|---|
| 18 gcinn i leith Leigheasanna Ainmhí |
| 10 gcinn le haghaidh ceimiceán i mbia |
| 23 shampla uisce |
| 30 Maipíneacht Chonablaigh i leith miocrób |
| 30 sampla bia le haghaidh miocrób |

Cuireadh na samplaí sin go léir chuig na Saotharlanna Rialaithe Oifigiúla ainmnithe de réir Phlean Náisiúnta na hÉireann maidir le Sampláil Rialaithe Oifigiúil.

Sa bhliain 2021, lean an tSeirbhís de bheidh ag cabhrú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) i ndáil le hobair a lean as imscrúdú ildisciplíneach ar theagmhas náisiúnta sláinte ainmhithe a tharla i Ráithe 4 den bhliain 2020.

Chumasaigh an tSeirbhís Tréidliachta do roinnt gnóthaí bia oiriúnú a dhéanamh d'imthosca athraitheacha trádála na bliana 2021 trí athrú ar ghníomhaíochtaí ceadaithe a éascú laistigh de theorainneacha Dhlí na hEorpa maidir le cúrsaí bia. Fuarthas fiosruithe ó sheamlas nua feola deirge ar mian leis tosú ag oibriú sa bhliain 2022. Rinne an tSeirbhís conair i dtreo ceadú a leagan amach.

Rinneadh an dúshlán maidir le Deimhniúchán Tréidliachta le haghaidh trádáil leis an Ríocht Aontaithe i gcás bia de thionscnamh ainmhíoch a chur ar ceal ón mbliain 2021 go mí Iúil 2022. Sa bhliain 2021, d'fhreastail an tSeirbhís Tréidliachta ar oiliúint BREXIT/ TRACES a bhain leis an ábhar seo chun a chumasú do ghnóthaí bia leanúint den trádáil seo sa todhchaí más gá. I mí na Nollag, bhí an tseirbhís bainteach leis an gcuid Údaráis Áitiúil d'Iniúchadh DG Santé F (Ard- Stiúirtheoireacht Sláinte F) maidir le Cigireacht Roimh Bhás agus Iarbháis ar Éanlaith Chlóis in Éirinn (Iniúchadh AE).

Chuir ÚSBÉ in iúl don Earnáil Údaráis Áitiúil sa bhliain 2021 go raibh sé ar intinn comhaontú náisiúnta leibhéil seirbhíse a dhéanamh le RTBM maidir le soláthar na seirbhíse sin ó dheireadh Márta 2022.

Leanann Comhairlí Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Thiobraid Árann de bheith i gceannas ar an réimse seo.



Lá Wild Child: An Fheoir, Inis Tíog, Lúnasa 2021

# SEIRBHÍSÍ CUÚÁ

Tugann an tseirbhís náisiúnta chomhroinnte,"Clár Uiscí Údaráis Áitiúil" (CUÚÁ) tacaíocht, agus déanann sí comhordú, i ndáil le cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018 - 2021 (PBAÉ). Mar thoradh ar PBAÉ, ceanglaítear ar CUÚA díriú ar rannpháirtíocht phoiblí, ar chomhordú geallsealbhóirí agus ar bhaint amach feabhsuithe cáilíochta uisce, ar bhonn náisiúnta, i dtaca le 189 réimse tosaíochta gníomhaíochta. Laistigh de Chill Chainnigh, is iad na limistéir a ndíreofar orthu an Deighean, Sruthán Mhaigh Coillí, an Uaithne, an Dubhuisce agus Sruthán Porterstown, an Bhréagach, an Pococke, an Loinneán agus an tOircín.

D'fhoilsigh na hAirí Ó Briain agus Ó Nuanáin Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2022 - 2027 i Méan Fómhair 2021 agus tá sé ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí go dtí an 31 Márta 2022. I gContae Chill Chainnigh, reáchtáladh cruinniú poiblí fíorúil faoin dréacht-Phlean i mí na Samhna, ar cruinniú é a eagraíodh i gcomhar le Líonra LRP. Tá tuilleadh cruinnithe poiblí fíorúla le bheith ann i mí Feabhra 2022.Chun an próiseas comhairliúcháin phoiblí a éascú, tá seomra fíorúil comhairliúcháin phoiblí ullmhaithe ag CUÚÁ agus tá teacht air tríd an láithreán gréasáin www.lawaters.ie.

D'oibrigh RTRÁO agus CUÚÁ go dlúth le geallsealbhóirí faoi réitigh dhúlra-bhunaithe le haghaidh bainistíocht uisce dromchla. Bhí seimineár gréasáin a reáchtáladh ar an 30 Samhain 2021 dírithe ar chur chuige dúlra-bhunaithe le haghaidh bainistíocht uisce báistí a chomhtháthú isteach i ndearadh agus i bpleanáil uirbeach. Labhair an tAire Malcom Ó Nuanáin, Aire Stáit ag RRRÁGO, os comhair an tseimineáir gréasáin agus rinne sé tagairt do thiomantas a Roinne i leith nuálaíochat agus réiteach trína ndéanfar oiriúnú do thionchair pátrún athraitheach aeráide agus aimsire. Ina dhiaidh sin, labhair rannpháirtithe as Éirinn agus as an mBreatain beag a raibh taithí acu ar an ábhar seo. Le linn an tseimineáir gréasáin, lainseáladh Doiciméadach eatramhach Treorach Náisiúnta agus Staidéar Forfheidhmiúcháin Straitéise Scópála a bhí dírithe ar phleanálaithe, ar dhearthóirí, ar innealtóirí, ar ailtirí agus ar ailtirí tírdhreacha agus ar ghairmithe comhshaoil, aeráide, bithéagsúlachta, oidhreachta, páirceanna agus tírdhreacha in Údaráis Áitiúla agus san earnáil phoiblí.

**Lean Oifigeach Uisce Phoiblí Chill Chainnigh de bheith ag obair le grúpaí pobail i ndáil le feasacht a mhéadú maidir lena gcuid uiscí áitiúla agus maidir le tacú le tionscadail áitiúla éagsúla.**

"Scéalta ó Thaobh an Uisce" - I rith dhianghlasáil 2020, d'eagraigh CUÚÁ (i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta, le Clár na nOifigeach Oidhreachta, Iascaigh Intíre Éireann (IIÉ) agus Uiscebhealaí Éireann) comórtas scríbhneoireachta Scéalta dar téama "Scéalta ó Thaobh an Uisce". Foilsíodh na scéalta buaiteacha i leabhar sa bhliain 2020 agus, i bhFeabhra 2021, foilsíodh na scéalta ar fad ar láithreán gréasáin nua www.storiesfromthewaterside.ie.

Tá *Lá na hOidhreachta Uisce* ina lá tábhachtach i ndialann CUÚÁ a mhéid a bhaineann le feasacht i measc an phobail agus rannpháirtíocht an phobail in imeachtaí a bhfuil baint acu le réimse an uisce. Bíonn sé ann i mí Lúnasa gach bliain ar an Domhnach le linn na Seachtaine Oidhreachta. I measc na bpríomh imeachtaí a bhí ann i mbliana áiríodh lainseáil tionscadail náisiúnta, dar teideal Eco Showboat, ar tionscadal é a thabharfaidh ealaíona agus eolaíocht le chéile agus é ag taisteal ar uiscí inseolta na hÉireann ar bháirse éiceabháúil agus gníomhaíochta ealaíon agus eolaíocht uisce á snaidhmeadh le chéile le linn an turais. Lainseáil an tAire Ó Nuanáin an Tionscadal i dtailte Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i mí Lúnasa.

Le linn *Lá Wild Child*, ar cuid den tSeachtain Oidhreachta é freisin, tháinig Iascaigh Intíre Éireann, Fís na Feoire agus CUÚÁ le chéile chun gabháil d'Fhaire ar Eascana ar an bhFeoir in Inis Tíog.



**An tAire Ó Nuanáin agus foireann CUÚÁ le linn lainseáil an Eco Show-boat i dtailte Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i mí Lúnasa 2021.**



**Ar Lá na hOidhreachta Uisce, chuaigh Éanna Ní Lamhna, i gceannas ar safari fiadhúlra ar an mBearú i nGráig na Manach agus d'oscail an tAire Ó Nuanáin an Mol Gníomhaíochtaí Allamuigh i nGráig na Manach.**




**Lainseáil an Mhoil Gníomhaíochtaí Allamuigh ar an mBearú ag an Aire Ó Nuanáin i mí Lúnasa 2021.**

# PÁIRCEANNA & TAITNEAMHACHT

## *ROINN NA BPÁIRCEANNA*

Déanann Roinn na bPáirceanna formhaoirseacht ar fhorbairt agus ar chothabháil ráon leathan taitneamhachtaí éagsúla allamuigh i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh, lena n-áirítear clóis súgartha, páirceanna, rianta siúil, limistéir ilúsáide cluichí agus faichí spóirt atá ar fáil lena n-úsáid ag daoine i ngach aoisghrúpa. Ina theannta sin, bainistíonn Roinn na bPáirceanna gearradh féir, tionscadail pailneora agus bithéagsúlachta, crannliacht agus cothabháil a dhéanamh ó lá go lá ar pháirceanna agus ar chlóis súgartha atá faoinár gcúram. Ina theannta sin, tá freagracht ar an Roinn Páirceanna i ndáil leis an obair leanúnach a bhaineann le hathbhunú, le bainistíocht cuairteoirí agus le cothabháil Ghairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin in Inis Tíog.

## *PÁIRCEANNA AGUS CLÓIS SÚGARTHA*

I rith na bliana, lean Roinn na bPáirceanna de chúnamh teicniúil a thabhairt do phobail áitiúla d'fhonn cabhair a thabhairt i ndáil le forbairt páirceanna agus clós súgartha nua. Rinneadh an clós súgartha nua i mBaile an Phoill a oscailt i rith na bliana. Tá 31 chlós súgartha á gcothabháil ag Roinn na bPáirceanna. Déanann foireann Roinn na bPáirceanna cigireacht ar gach clós súgartha agus déantar aon deisiúcháin nó glantachán a mheastar a bheith riachtanach láithreach ar mhaithe leis na clóis súgartha a chothabháil de réir ardchaighdeáin cur i láthair agus ar mhaithe le dea-ord i gcomhair súgradh sábháilte.

**Suíomh na gclós súgartha atá á gcothabháil ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh:**

| Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill | Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair | Ceantar Bardasach Chill Chainnigh | Ceantar Bardasach Challainn Bhaile Mhic Andáin |
|---|---|---|---|
| Páirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh | Baile Sheáin | An Droichead Nua | Gairdíní Chluain Dúin |
| Port an Chalaidh, Blackthorn Hills | Baile Átha Ragad | Plás na Deasghabhála, Bile Uí Lachnáin | Baile Héil |
| Fiodh Dúin, Siúlán na Coille Móire | Diméin Chaisleán an CHomair Demesne | Ionad an Ath. Mhic Craith | Droichead Binéid |
| Móin Choinn | An Chloch | Garraí an Chrainn, Bóthar Thobar Eoin | Faiche an Aonaigh, |
| Muileann an Bhata | Baile Phóil | Talbots Court Estate | Callainn |
| Cill Mhic Bhúith | Áth na nUrlainn | Rose Hill, Bóthar Cheanannais | An Droichead Nua |
| Baile an Phoill | Tulach Ruáin | | Gráig na Manach |
| | An Droichead Nua | | Ceanannas |
| | | | Áth Stúin |
| | | | Baile Mhic Andáin |
| | | | Bearna na Gaoithe |



## *PÁIRC PHORT AN CHALAIDH*

Críochnaíodh an obair ar thógáil Pháirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh agus seoladh an oscailt oifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tá an Pháirc ina cuid de líonra forleathan spásanna glasa i gceantar Phort an Chalaidh agus tá pleananna ann chun naisc a chruthú amach anseo le Glasbhealach an Oirdheiscirt.

Cómhaoiníodh tógáil na Páirce mar a leanas: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (50%), Comhairle Chontae Chill Chainnigh (25%) agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (25%).



**Páirc Phort an Chalaidh agus ceapach phailneora chun tosaigh**

## *GAIRDÍNÍ AGUS CRANNLANN CHLUAIN DÚIN*

Lean Roinn na bPáirceanna de chothabháil ó lá go lá a dhéanamh i nGairdíní Chluain Dúin, in Inis Tíog, agus de chur chun cinn agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le tionscadail athbhunaithe na nGairdíní amach anseo. Tá cuid de bhuaicphointí na bliana liostaithe anseo thíos:

Lá Fhéile Pádraig - cuireadh an bealach isteach go Gairdíní Chluain Dúin faoi bhrat ghlas. Cuireadh oibreacha feabhsúcháin i gcrích ar Sheomra Tae an Ghrianáin agus d'athoscail Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, an Comhairleoir an Fidelis Uí Dhochartaigh an foirgneamh go hoifigiúil i mí Iúil.

Mar fhreagra ar ábhair imní faoi Covid-19, rinneadh méadú ar an méid bia agus deochanna a bhí ar fáil taobh amuigh den fhoirgneamh trí Thrucail Chaife Chluain Dúin a chur thart go tráthrialta agus trí limistéar suite faoi phuball a shuiteáil gar don charrchlós.

Ina theannta sin, soláthraíodh limistéar suite peargóla gar don ghairdín múrtha. Tógadh an déanmhas tarraingteach sin trí leas a bhaint as adhmad ó chrainn a bhí ann sa ghairdín ach



ar bhain damáiste stoirme dóibh. Cuireann an limistéar suíomh suaimhneach ar fáil agus is cinnte go dtiocfaidh feabhas air de réir mar a thagann na plandaí thart air in aibíocht.

Bhí Gairdíní Chluain Dúin ar cheann de na trí ionad ar fud na Cathrach agus an Chontae a roghnaíodh chun 'Sraith Fhuaimeanna



an tSamhraidh' a óstáil'. Ar an 24 Meán Fómhair, bhí fuaimeanna ceoil chlasaicigh agus snagcheoil le cloisteáil ar an bhFaiche Cróice gar don Ghairdín Geimhridh, rud a bhí ina chúis le lúcháir do na daoine go léir a bhí i láthair.

Rinneadh oibreacha suntasacha chun athbhunú a dhéanamh ar na cosáin Victeoireacha a théann trí Eastát Chluain Dúin ar fad. Cuirfidh na hoibreacha a rinneadh sa bhliain 2021 leis an rian oifigiúil a bhí ann cheana féin trína leathnú thart ar 3.26km agus Eas Shruthán Áth an Bhrúnaigh á áireamh ann.

Mar chuid de chlár imeachtaí Fhéile na Nollag, d'óstáil Cluain Dúin Rian Réinfhianna Coillearnaí Dhaidí na Nollag laistigh de na Gairdíní. Bhí gnéithe spraoi agus oideachais araon ag baint leis an rian, sa mhéis is gur chuir sé faisnéis ar fáil do chuairteoirí maidir le crainn iontacha Chluain Dúin. Bhí an-tóir ar an tionscnamh i measc daoine óga agus daoine scothaosta agus bhí neart deiseanna ann chun neart féiníní a thógáil in éineacht le naoi réinfhia chlúiteacha Daidí na Nollag.

## *DEONTAIS TAITNEAMHACHTA*

Fuair 181 ghrúpa cúnaimh deontais sa bhliain 2021 agus b"fhiú €140k an maoiniúchán sin. D'áirigh an aon oibreacha a maoiníodh tírdhreachtú, cothabháil féir agus móinéar, forbairt spásanna oscailte, soláthar troscáin sráide agus troscáin allamuigh agus oibreacha feabhsúcháin beagscála.

## *OIFIG NA DTIONSCADAL*

### Glasbhealach an Oirdheiscirt

Rinneadh tógáil Ghlasbhealach an Oirdheiscirt, thar fhad 24km, a roinnt ina Luchtóga le go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha ar bhonn céimnithe. I rith na bliana 2021, cuireadh na hoibreacha tógála ar aghaidh chuig staid chríochnaithe, nach mór, maidir le Luchtóg 1 (ó Mount Elliot go Ros Bearrcon), Luchtóg 2 (roinn uirbeach trí Phort an Chalaidh) agus Luchtóg 3 (ó Clós Bád Ros Mhic Thriúin go dtí an Gleann Mór). Ceaptar go ndéanfar na hoibreacha ar na trí Luchtóg sin, ina bhfuil corradh le 9km, a chur i gcrích go luath sa bhliain 2022. Rinneadh dul chun cinn freisin i dtaca le comhaontuithe le húinéirí talún maidir le hoibreacha áise feadh na Luchtóg atá fágtha. Tá ullmhú na ndoiciméad mionsonraithe deara agus tairisceana le haghaidh Luchtóg 4 (ó Ros Mhic Thriúin go Mount Elliot) agus Luchtóg 5 (ó Phort an Chalaidh go Baile an Aighleartaigh) chóir a bheith críochnaithe agus eiseofar iarraidh ar thairiscintí ina leith sin sa chéad leath den bhliain 2022. Ag deireadh na bliana, rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le hullmhú léarscáilíochta mionsonraithe chun aistriú na tailte iarnróid ó CI É chuig an Údarás Áitiúil a éascú. Chomh maith leis sin, rinneadh réamh-mheasúnacht faoi roghanna ionchasacha bealaigh i leith nascadh shráidbhailte Shliabh Rua agus an Ghleanna Mhóir leis an nGlasbhealach.


### Scéim an Bhonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) 2020

Faoi Bheart SBÁA 1, críochnaíodh 5 thionscadal san iomlán sa bhliain 2021. Seo a leanas na tionscadail sin: treomharcáil Shiúlán Mhullach Chnoc Bhréanail agus feabhsuithe carrchlóis, oibreacha feabhsaithe riain ar shiúlóid lúibe Cois Bhearú, Siúlán Ghleanna na Feoire agus Siúlóid Lúibe Achadh Úr agus cur chun cinn leanúnach Ghairdíní Chluain Dúin.

Faoi Bheart SBÁA 2 2020-21, rinneadh obair athshlánúcháin ar 2 chiliméadar eile de na seanchosáin Victeoireacha a nascann Eas Shruthán Áth an Bhrúnaigh ar ais i dtreo na bpríomhghairdíní a chríochnú go substaintiúil.

Bhí codanna de na cosáin sin faoi cheilt le blianta fada ag fásra. Chun na cosáin a aimsiú agus a athbhunú b'éigean obair fhorleathan a dhéanamh chun fáil réidh le labhras silíní ionrach. Comhlánóidh an rian athbhunaithe nua seo Lúb na





**Íomhánna d'oibreacha críochnaithe ag Cois Bhearú (ar clé) agus ag Cnoc Bhréanail (ar dheis)**






**Íomhá de Shiúlán Lúibe Eas Chluain Dúin**

mBan 3.5km agus Siúláin Lúibe 4.5km Chluain Dúin atá ann faoi láthair. Marcálfar tús na siulán i gcarrchlós Chluain Dúin agus i gcarrchlós Inis Tíog in aice le tailte CLCG. Is é atá i bhfad iomlán na cosa nua seo ná circa 3.25km. Gheobhaidh cuairteoirí a bhaineann úsáid as an rian nua seo radhairc mhórthaibhseacha ar an eas ón droichead mar aon le radhairc ón taobh thuas den sruthchúrsa ina iomláine agus iad ag fánaíocht suas an cnoc agus an sruthán á fhágáil ina ndiaidh. Suiteálfar comharthaíocht ar an rian sa bhliain 2022. Déanfar an rian nua a oscailt don phobal go hoifigiúil ansin.

Tar éis próiseas comórtais, chuir an Roinn in iúl gur éirigh le 11 cheann den 12 iarratas a bhí tíolactha ag Cill Chainnigh. Ba é a bhí sa mhéid iomlán maoiniúcháin a fuarthas ná €1,063,865 agus b'ionann an figiúr sin agus méadú beagnach 20% i gcomparáid le leithroinnt na bliana 2020. Is é a bheith san infheistíocht iomlán sa bhliain 2022 ná €1,182,000, agus maoiniúchán meaitseála á chur san áireamh. I measc na n-iarratas ar éirigh leo, áirítear na cinn seo a leanas: Páirc Thuaithe Chill Chainnigh sa Dún Mór, Obair Athshlánúcháin ar Shiúlán Lúibe Ard Raithe & ar Shiúlán na Crannlainne i bPáirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair, forbairt rianta sorochtana, spásanna páirceála aoisbháúla, agus spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, agus luascán cathaoireach rothaí a sholáthar laistigh de Ghairdíní Chluain Dúin.

## *TIONSCADAIL CHOMHPHÁIRTÍOCHTA*


Ina theannta sin, comhaontaíodh idir an dá ghníomhaireacht fadú a dhéanamh ar an gcomhaontú comhpháirtíochta i leith Chlár LEADER don tréimhse 2021-2023 agus sainaithníodh 6 thionscadal a bhí le cur ar aghaidh. I rith na bliana 2021, rinneadh dul chun cinn ar chuid de na tionscadail sin, lena n-áirítear fógairt dhá phróiseas tairisceana le haghaidh seirbhísí sainchomhairleoireachta i ndáil le a) Limistéar Taitneamhachta Chois Abhann agus Droichead Coisithe/ Rothaithe ag Droichead Binéid agus b) Staidéar Féidearthachta & Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh i leith Nasc Áineasa idir Eastát Chluain Dúin agus Glasbhealach an Oirdheiscirt. Chomh maith leis sin, forbraíodh rannpháirtíocht phobail agus réamhdhearadh chun Céim 2 de Pháirc Líneach an tSléibhe Rua a thabhairt ar aghaidh chuig céim na tógála sa bhliain 2022.






**Íomhanna de Mhol Gníomhaíochta Allamuigh Ghleann na Bearú agus Halla na Mainistreach roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh**

# AN OIFIG
# FIONTAIR ÁITIÚIL





Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office
Príomhthorthaí 2021
#MakingItHappen
5
ghnó a faigheann tacaíocht ó OFÁ aistrithe chuig Fiontraíocht Éireann
€11,868
Ceadaithe do 6 ghnó le haghaidh Cúnamh Teicniúil i leith Deontais Micrea-Allmhaireora
706
Chliant a bhain leas as meantóireacht duine-le-duinechun cabhrú leo le saincheisteanna laistigh dá ngnóthaí
828
gclaint páirteach i 75 Chlár Oiliúna & Forbartha Bainistíochta
48
ngnó a fuair meantóireacht straitéiseach faoi Chiste Spreagtha Cliant Covid-19 na hOifige Fiontair Áitiúla
175
chliant páirteach i 14 Chúrsa 'Bunaigh do Ghnó Féin'
525
mhac léinn as 15 scoil páirteach i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn
12
ghnó páirteach in 'Lean for Micro' chun cabhrú leo le nithe a bhaineann lena n-iomaíochas & agus lena nuálaíocht
12
Chliant a thíolaic Iarratais ar Iasachtaí Micrea-Airgeadais

# TURASÓIREACHT LENA nÁIRÍTEAR TACAÍOCHT D'FHÉILTE

Is é atá i gcroíchuspóir na Roinne Turasóireachta ná tacú le forbairt na turasóireachta ar fud Chontae Chill Chainnigh, agus sinn ag obair i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí - de chineál poiblí, príobháideach, pobail agus deonach - chun Ráiteas Straitéise Turasóireachta agus Clár Oibre Chill Chainnigh 2017-2022 agus, chomh maith leis sin, Plean Téarnaimh Náisiúnta an Rialtais 2020-2023 a chur i bhfeidhm.

Ba bhliain dhúshlánach i gcónaí í an bhliain 2021 don earnáil turasóireachta agus aíochta, ar bhonn domhanda, náisiúnta agus áitiúil, de bharr phaindéim an Choróinvíris. Mar fhreagairt air sin, agus i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann, d'oibrigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 'Tascfhórsa Théarnamh Chill Chill Chainnigh' chun tacú leis an earnáil áitiúil turasóireachta agus, ina theannta sin, chun ár gCathair agus ár gContae a athoscailt go sábháilte.

### *FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ*

Chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus Fáilte Éireann maoiniúchán ar fáil d'eagraithe féilte chun cabhrú le forbairt agus cur chun cinn féilte lena ngabhann tionchar suntasach turasóireachta d'ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú ag eagraithe imeachtaí. Is é is príomhchuspóir don Scéim Deontais i leith Tacaíocht d'Fhéilte ná tacú le féilte a chothaíonn turasóireacht, rud is bonn le Straitéis Turasóireachta Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus a fheabhsaíonn eispéireas cuairteoirí i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Ach, sa bhliain 2021, tugadh tacaíocht do chuid mhór féilte agus imeachtaí d'aon toisc chun ainm a mbranda a choimeád ar marthain le linn srianta a bheith i bhfeidhm agus chun imeachtaí níos lú a óstáil d'fhonn filleadh sa bhliain ar bhonn níos mó agus níos fearr.

ST PATRICK'S FESTIVAL KILKENNY

Thacaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh le Féile ar líne Lá Fhéile N Pádraig ar éirigh go han-mhaith léi agus a bhain lucht féachana forleathan amach ar fud an domhain trí bhíthin a cuid ardán meán sóisialta.




Reáchtáil Féile Gháire an Chait sraith imeachtaí samhraidh le tacaíocht ó Chiste Taibhiúcháin Bheo na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Díoladh na ticéid ar fad don tsraith agus ba dheis iontach é d'fhir ghrinn agus do mhná grinn filleadh ar thaibhiú beo, d'ainneoin líon níos lú daoine a bheith ann sa lucht féachana.

Brightening Air
Coiscéim Coiligh

I gcomhpháirtíocht le Féile Ealaíon Chill Chainnigh, bhí lúcháir ar Ghailearaí na mBuitléireach 2 shuiteáil a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte acu a chur i láthair in éineacht lena chéile, den chéad uair riamh, i gCill Chainnigh, is é sin le rá, suiteálacha le Risteárd Ó Maolmóna, a rugadh i gCill Chainnigh, ar suiteálacha iad a bhain leis an ngéarchéim imirce leanúnach i réigiún na Meánmhara. Cuireadh an tSuiteáil Ealaíne allamuigh ar siúl trí Chlár Choiscéim Coiligh 2021 agus ba ábhar lúcháire do Chill Cainnigh gur roghnaíodh an contae mar shuíomh le haghaidh ceann amháin de na himeachtaí náisiúnta. Seoladh imeachtaí sa tréimhse ón 11 Meitheamh go dtí an 20 Meitheamh agus chuir siad go mór leis na nithe a bhí le feiceáil agus le déanamh i gCill Chainnigh i Meitheamh 2021 de réir mar a bhí gnóthaí á n-athoscailt do chuairteoirí.

KILKENNY ARTS FESTIVAL

Seoladh Féile Ealaíon Chill Chainnigh i mí Lúnasa agus ba é an chéad fhéile náisiúnta de chuid na bliana a thug cuireadh d'aíonna a bheith i láthair i bpearsa ag clár leathan ilchineálach imeachtaí. Le linn 10 lá i mí Lúnasa, thairg eaglaisí stairiúla, caisleán stairiúil, clóis stairiúla, tithe cathrach stairiúla agus gairdíní stairiúla na cathrach suíomh draíochta le haghaidh comhshaothair uathúla agus idirghníomhaíocht dhlúth idir an lucht féachana agus ealaíontóirí, d'ainneoin líon laghdaithe daoine a bheith i láthair de bharr srianta a bheith ann.

KILKENNY DAY
- OCTOBER 10TH 2021 -
CELEBRATE OUR PLACE!

Seoladh Lá Chill Chainnigh Dé Domhnaigh, an 10 Deireadh Fómhair, agus reáchtáladh clár iomlán imeachtaí ar fud na Cathrach agus an Chontae chun an chuid is fearr de Chill Chainnigh a chur ar taispeáint. Ghlac daoine páirt ann faoina n-éadaí 'dubh agus ómra' agus bhain siad taitneamh as an gceiliúradh trína chur in iúl cé chomh mórtasach a bhí siad a bheith ina gcónaí i gCill Chainnigh. Tá buíochas ag dul dár gcomhpháirtithe áitiúla go léir a ghlac páirt sa lá agus a chinntigh go n-éireodh leis - an Chomhairle Dhearaidh agus Ceardaíochta, OOP, Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair, Cartoon Saloon agus gnóthaí áitiúla gan ach cuid acu a lua.

# INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL

Ba bhliain rathúil í an bhliain 2021 i dtaca le hiarrachtaí Chill Chainnigh chun infheistíocht shuntasach chaipitiúil a mhealladh d'fhonn raon Tionscnamh Turasóireachta a chur i bhfeidhm ar fud na Cathrach agus an Chontae. D'fhógair Fáilte Éireann méideanna suntasacha maoiniúcháin le haghaidh roinnt tionscadal uaillmhianach lena gcuirfear feabhas mór ar eispéireas cuairteora amach anseo. Táimid ag tnúth go mór le tionscadail a chur i bhfeidhm mar a leanas:

Mol nua Gníomhaíochtaí Uisce-Bhunaithe i gCill Chainnigh - i mí Aibreáin, d'fhógair an tAire Turasóireachta, Caitríona Ní Mháirtín, agus Fáilte Éireann mór-infheistíocht nua i ngníomhaíochtaí uisce-bhunaithe. Bainfear úsáid as an maoiniúchán chun saoráid den scoth a thógáil in 22 shuíomh ar fud na tíre áit a bhfuil gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe tábhachtach i dtaca le cuairteoirí a mhealladh. I gCill Chainnigh, déanfaidh Comhairle Chontae Chill Chainnigh Mol Spórt Uisce a fhorbairt ar thailte Halla an Chontae faoin scéim seo. Soláthróidh gach ionad cithfholcadáin theo, saoráidí athraithe éadaí agus leithris, stóráil dhaingean, spásanna ionduchtúcháin, saoráidí nite trealaimh agus pointí treoshuímh. Táthar ag ceapadh go leanfar den mhéadú ar an líon daoine a bhaineann taitneamh as gníomhaíochtaí allamuigh uisce-bhunaithe amhail cadhcáil, surfáil, clárchéaslóireacht agus snámh faoin aer ó bhliain go bliain agus ní i rith mhíonna an tsamhraidh amháin. Is ionann sin agus a rá go mbeidh éileamh mór ar shaoráidí daingne uile- aimsire athraithe éadaí, ar stóráil dhaingean agus ar sheomraí folctha. Táthar ag súil go gcuirfear na saoráidí ar fáil i mí na Nollag 2023. Ar fud na bliana, d'oibríomar le chéile freisin chun ár gcuid spásanna oscailte poiblí a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh d'fhonn spás áineasa breise a sholáthar dá saoránaigh nuair a bhí srianta i bhfeidhm agus, ag an am céanna, d'fhonn spásanna a fhorbairt do chuairteoirí freisin ar spásanna iad a bheadh ar fáil chun teacht ar cuairt chucu, chun taiscéalaíocht a dhéanamh iontu agus chun taitneamh a bhaint astu inár gCathair agus inár gContae.

Infheistíocht Shuntasach Chaipitiúil inár Spásanna Allamuigh - ar an 9 Meitheamh, 2021, rinneadh Páirc Chois Abhann agus Páirc Scátála nua Chill Chainnigh a oscailt go hoifigiúil. Mar thoradh ar infheistíocht €2.1 milliún bhíothas in ann an Fheoir, i Lár na Cathrach, a oscailt dár saoránaigh agus do chuairteoirí araon.










## *FORBAIRT SUÍOCHÁN ALLAMUIGH AGUS SPÁSANNA TAIBHIÚCHÁIN BHEO SA CHATHAIR*



I rith mhí Bhealtaine, d'fhorbair Comhairle Chontae Chill Chainnigh pleananna chun infheistíocht leantach phoiblí a sholáthar san fhearann poiblí ar fud na Cathrach. Rinneadh dhá iarratas chuig Fáilte Éireann agus chuig ab Roinn Ealaíon, Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun forbairt a dhéanamh ar dhá spás allamuigh sa Chathair, ar spásanna iad a mbeadh saoránaigh na Cathrach agus cuairteoirí araon in ann taitneamh a bhaint astu. Beidh spás taibhiúcháin bheo ardchaighdeáin allamuigh ann i bPáirc Phoiblí Gheata an Uisce agus beidh sé ar fáil lena úsáid ag ealaíontóirí agus ceoltóirí áitiúla agus, chomh maith leis sin, beidh sé ar fáil lena úsáid ag eagraithe ár gcuid féilte agus imeachtaí. Nuair nach mbíonn an spás á úsáid le haghaidh taibhiúcháin bheo, beifear in ann é a úsáid mar limistéar bríomhar suite a mbeidh gach duine in ann taitneamh a bhaint as. Bhíothas in ann €200,000 a aimsiú faoi shruth maoiniúcháin na Roinne i leith Spásanna Taibhiúcháin.



Déanfar proinnlimistéar allamuigh Chearnóg an Mhargaidh a fheabhsú tuilleadh trí shíondíonadh a dhéanamh ann agus trí throscán nua a shuiteáil ann agus, chomh maith leis sin, trí fheabhsúcháin bhreise a dhéanamh ar an limistéar suite. Mar thoradh ar fhreagra dearfach maidir leis an iarratas sin ar mhaoiniúchán €640,000, bhí deis ann do ghnóthaí Lár na Cathrach lónadóireacht allamuigh a éascú ar fud na bliana. Cuirfear an dá thionscadal sin i gcrích sa bhliain 2022.

**Beochan Uirbeach - 'Cill Chainnigh Ildánach'**

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh €439,875 a áirithiú faoi Scéim Beochana Uirbí Fháilte Éireann sa bhliain 2021. Déanfaidh 'Cill Chainnigh Ildánach' spásanna poiblí ar fud Lár Chill Chainnigh a bheochan ar mhaithe lenár gCathair Mheánaoiseach a athshamhlú do chuairteoirí agus, ag an am céanna, chun spásanna beoga cruthaitheacha pobail a chruthú dár gcuid saoránach. Baineann 5 ghné thábhachtacha leis an tionscadal:



**Múrphictiúr Cartoon Saloon @ Spás Taibhiúcháin Gheata an Uisce**

– agus sinn ag obair i gcomhair le Cartoon Saloon, bainfear úsáid as íomhánna ó aon cheann dá scannáin a ainmníodh le haghaidh Gradam Oscar, nó as cuid mhór íomhánna den sórt sin, chun múrphictiúr a dhearadh agus a shuiteáil taobh thiar de Spás Taibhiúcháin Gheata an Uisce feadh an nascbhealach go Clós Cúirte na Grúdlainne.

**An tUmar Copair i gCearnóg na Grúdlainne**

- bainfimid úsáid as Umar Copair athshlánaithe as Grúdlann Smithwick chun scéal na grúdaireachta i gCill Chainnigh a insint, go díreach san áit inar cuireadh tús le grúdaireacht anseo siar in aimsir na manach sa Mhainistir. Léireoidh an tsuiteáil na prionsabail inbhuanaithe a úsáidtear ar fud an tionscadail,



mar atá, ábhair athchúrsáilte, ábhair uaschúrsáilte agus ábhair a foinsíodh go háitiúil a úsáid. Fostóimid ceardaí áitiúil chun bheith ag obair ar an tionscadal ar bhealach nuálach éagsúil.

**Gailearaí Ealaíne Allamuigh**

- Scáileáin Dhigiteacha Chultúir ar fud Chill Chainnigh chun nasc a chruthú le cuairteoirí, á chur i gcuimhne dóibh gur cathair cruthaitheachta í Chill Chainnigh agus go bhfuil neart nithe á dtairiscint inti. Beidh gailearaithe, féilte, ealaíontóirí agus ionaid in ann saothar ardchaighdeáin a chomhroinnt, mar shampla, taispeáint scannán, taispeántais dhigiteacha, píosaí scannánaíochta nach bhfuil fáil orthu go poiblí agus saothair ealaíne choimisiúnaithe mar aon le idirghníomhaíocht chruthaitheach le linn do dhaoine a bheith ag bogadh ar fud na Cathrach.

**Seo é Chill Chainnigh:**

deis do chuairteoirí féinín a thógáil agus Caisleán Chill Chainnigh sa chúlra ar bhruacha na Feoire - seas in aice leis an dealbh, tóg an pictiúr agus cuir os comhair an domhain é - go deimhin, is i gCill Chainnigh atá tú - trí úsáid a bhaint as branda Kilkenny.



ie: TAR AGUS FÉACH TAR AGUS DÉAN

**Soilsiúchán ar Lánaí:**

Suiteálfaimid soilsiúchán speisialta feadh Fhánán an Mhargaidh agus Fhánán an Ime - i.e. 2 lána isteach ón tSráid Ard - chun cuairteoirí a mhealladh go díreach chuig ár bProinnspás Allamuigh nua-fhorbartha i gCearnóg an Mhargaidh.

Mar thoradh ar chur i gcrích rathúil an tionscadail beochana uirbí seo, cuirfear feabhas ar inmharthanacht gnóthaí áitiúla trí fhearann poiblí breise, de chineál álainn ardchaighdeáin a sholáthar i gCill Chainnigh. Cuirfidh sé leis an méid ama a chaitheann daoine sna spásanna poiblí seo agus spreagfaidh sé do chuairteoirí am a chaitheamh agus suí síos i Limistéir



Allamuigh na Cathrach agus taitneamh a bhaint astu.

**Scéim na Suíochán agus na nGabhálas Allamuigh**

Ar fud na bliana, lean Comhairle Chontae Chill Chainnigh de scéim na Suíochán agus na nGabhálas Allamuigh, atá á maoiniú ag Fáilte Éireann, a riaradh. I mí an Mheithimh, athosclaíodh cuid mhór gnóthaí agus tá suíocháin iontacha allamuigh le feiceáil anois ar fud na Cathrach agus an Chontae. I mí an Mheithimh freisin tháinig athrú ar théarmaí na scéime ar dá réir a ceadaíodh do ghnóthaí nach riarann bia iarratas a dhéanamh ar an deontas. Cuireadh deontais ar fáil do ghnóthaí ar leithligh san earnáil turasóireachta agus aíochta chun méadú a dhéanamh ar a gcumas i ndáil le suíocháin allamuigh a sholáthar ag a n-áitribh agus glacadh le hiarratais suas go dí Deireadh Fómhair 2021. Ceadaíodh €340,000 do ghnóthaí ar leithligh sa Chontae chun tacú le tuilleadh suíochán allamuigh a bheith ann.

Cuireadh cuid mhór tionscnamh de chineál níos lú i gcrích chun an earnáil turasóireachta a choimeád beo agus chun tacú le gnóthaí i dtaca lena gcuid iarrachtaí chun fáilte ar ais go Cill Chainnigh sa bhliain 2021 a chur roimh chuairteoirí..

**Lainseáil Chlostreoir Ghráig na Manach**

Forbraíodh Clostreoir nua chun cabhrú le daoine teacht ar na scéalta a bhaineann le Gráig na Manach. Is fíor gur baile é Gráig na Manach a bhfuil scéal le fáil faoi gach áit a dtéann tú ann. Tá an chlostreoir nua, 'Cuir Eolas ar Ghráig na Manach', ceaptha chun cabhrú le cuairteoirí teacht ar bhuaicphointí uile an bhaile agus an cheantar thart air agus, ag an am céanna, iad a chur ar an eolas faoi chuid den iliomad finscéalta a fhágann go bhfuil Gráig na Manach ina áit chomh speisialta sin. Fuair an chlostreoir maoiniúchán tríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus is féidir í a aimsiú ar kilkenny.ie, ar visitkilkenny.ie agus ar AbartaHeritage.ie áit ar féidir í a íoslódáil saor in aisce.



### Foireann Fáiltithe Chill Chainnigh

Chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh fáilte ar ais roimh 'Foireann Fáiltithe Chill Chainnigh' i mí Lúnasa. Is é atá san Fhoireann Fáiltithe ná grúpa 21 oibrí deonach oilte a bhuaileann le cuairteoirí agus a chuireann fáilte rompu chuig Cill Chainnigh i rith mhíonna an tSamhraidh/an Fhómhair.

Cathaoirleach agus Méara Chill Chainnigh a d'fhorbair an tionscnamh nuálach seo a d'fhorbair Comhairle Chontae Chill Chainnigh den chéad uair sa bhliain 2020 i gcomhar le Turasóireacht Chill Chainnigh trí leas a bhaint as cistí a gnóthaíodh faoi na Gradaim Náisiúnta i leith Bailte Fiontraíochta. Bhí Foireann Fáiltithe Chill Chainnigh gníomhach i suíomhanna straitéiseacha ina mbíonn líon mór daoine ar fud Chill Chainnigh chun raon faisnéise a sholáthar amhail uaire oscailte agus áiteanna tarraingteachta áitiúla, saoráidí leithris sna ceantair éagsúla, poitigéirí, suíomh Uathmheaisíní Bainc, amanna bus agus traenach.



#taste Kilkenny

### #tastekilkenny

D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán a fháil ón Roinn Talmhaíochta chun feabhas a chur ar phleananna margaíochta agus Caidreamh Poiblí i leith #tastekilkenny sa bhliain 2021. Cuireadh tús le hobair ar ábhar nua feabhsaithe le haghaidh láithreán gréasáin #tastekilkenny agus, chomh maith leis sin, ar chnuasach ábhair cothrom le dáta dá ardáin meán sóisialta - twitter, Facebook agus Instagram. I rith na bliana, d'oibríomar lenár gcuid táirgeoirí bia, bialann agus caiféanna áitiúla chun na hearraí iontacha bia atá ar fáil anseo i gCill Chainnigh do na cuairteoirí uile a bheartaíonn seal a chaitheamh anseo, a chur ar taispeáint. I mí Bhealtaine, chuaigh 'an bheirt Jackie' ar thuras sa Chontae chun blaiseadh a fháil ar chuid den bhia iontach agus de na deochanna iontacha atá ar fáil agus d'fhoghlaim siad conas an craiceann a bhaint d'iasc. Cuireadh tús leis an bhfeachtas digiteach agus meán sóisialta seo ag deireadh an tsamhraidh agus tharraing sé aird ar an iliomad scéalta iontacha faoi thurasóireacht bhia a bhaineann le háiteanna éagsúla ar fud



an Chontae. Tá maoiniúchán ann i gcónaí maidir le Seachtain na mBialann #tastekilkenny a eagrú i mí Feabhra 2022.

### Rian Turasóireachta 'Siúlán na gCat', i gCill Chainnigh

Ba é a bhí i Rian iontach 'Siúlán na gCat' i gCill Chainnigh ná bailiúchán 21 Dealbh Cait a bhí deartha ag cuid de na healaíontóirí is tallannaí de chuid na hÉireann, agus líon mór ealaíontóirí áitiúla ina measc, agus a bhí ar taispeáint in áiteanna éagsúla ar fud Chathair Chill Chainnigh. Lainseáladh an rian ar Lá Chill Chainnigh, Dé Domhnaigh an 10 Deireadh Fómhair 2021, agus beidh na dealbha ar taispeáint go dtí an Cháisc sa bhliain 2022. Is é atá sa tionscadal seo ná comhpháirtíocht idir Iontaobhas Cathartha Chill Chainnigh agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus is féidir dul ag breathnú ar an taispeántas amuigh faoin spéir beag beann ar shrianta agus ceapadh é chun tacú le gnóthaí, le réimse na n- ealaíon agus leis an bpobal, agus






chun iad a thabhairt le chéile, chun cuairteoirí a mhealladh go Cill Chainnigh agus chun cur leis an líon daoine a thagann go dtí na hionaid éagsúla ina bhfuil na dealbha ar fud na Cathrach. Ina theannta sin, soláthraíonn an tionscadal gníomhaíocht nua spreagúil agus bealach siúil nua sa Cathair do theaghlaigh agus do dhaoine i ngach aoisghrúpa. Tá dath agus gné spraoi tugtha aige do na nithe atá le feiceáil agus le déanamh i gCill Chainnigh i rith an idirshéasúir sna blianta 2021 agus 2022. Tá aiseolas an-dearfach faighte ina leith.

Margaíocht agus Caidreamh Poiblí i leith Chill Chainnigh Lainseáil Fáilte Éireann a fheachtas margaíochta intíre €5m, dar teideal 'Coinnigh Ort ag Fionnachtain', ar an 1 Meitheamh agus bhí béim mhór ar Chill Chainnigh san ábhar clóite a bhain leis an bhfeachtas sin. Ba é a bhí sa sprioc le haghaidh na bliana 2021 ná gnóthaí a chothú, tacú le maireachtáil sa ghearrthéarma le go bhféadfaí bisiú san fhadtéarma.










Tá an feachtas dírithe ar chuairteoirí intíre agus ar chur chun cinn "seal saoire a chaitheamh" agus turas eile in Éirinn sa bhliain 2021. Lean Turasóireacht Chill Chainnigh dá cuid oibre i rith na bliana chun Chill Chainnigh a mhargú mar cheann scríbe don teaghlach nach mór cuairt a thabhairt air agus seal saoire a chaitheamh ann. D'éirigh go han-mhaith lena feachtas "Tuilleadh le Taiscéaladh" agus tháinig méadú 60% i rith na bliana ar an líon daoine a thug cuairt ar na leathanaigh ar mheáin shóisialta a bhain leis an bhfeachtas. Chumasaigh Fáilte Éireann dúinn cur leis an margaíocht agus le Caidreamh Poiblí i leith Chill Chainnigh i Ráithe 4 den bhliain 2021 trí €30,000 breise a sholáthar i gcomhair feachtais mhargaíochta.

Agus ár bhfreagairtí láithreacha agus frithghníomhacha i leith na paindéime á gcur i gcuntas, lean an Roinn Turasóireachta de na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach inár bPlean Soláthair Seirbhísí a bhaint amach agus a chur ar aghaidh sa bhliain 2021.

Tá Maoiniúchán Bailte Cinn Scríbe €500,000 faighte ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun feabhas a chur ar an eispéireas cuairteora anseo sa chathair. Cé go bhfuil Cill Chainnigh ceann scríbe tábhachtach in Oirthear Ársa na hÉireann, ní chaitheann formhór na cuairteoirí ach cúpla uair an chloig anseo agus iad ar a mbealach chuig ceann scríbe eile, seachas lá nó dhó a chaitheamh anseo. Ní bhíonn cuairteoirí go hiomlán ar an eolas faoi cad atá le tairiscint ag Cill Chainnigh ós rud é go bhfuil roinnt rudaí faoi cheilt nó nach bhfuil siad suite ar an Míle Meánaoiseach. Mar thoradh ar thaighde a rinneadh le déanaí (taighde de chuid +), tá sé faighte amach ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh go bhfuil sé phríomhrud ann a ranncuidíonn leis an mbearna san eispéireas cuairteora mar a leanas: Mapáil aimsithe slí, trasriain fheabhsaithe, béim a leagan ar chroílár nua na cathrach, carrchlóis chuairteora a shainiú agus fearann poiblí feabhsaithe.

### Eispéireas Aontaithe Cuairteora i Halla na Cathrach (an

I Meán Fómhair 2021, d'fhógair Fáilte Éireann infheistíocht shuntasach chaipitiúil chun ionad cuairteora nua a sholáthar i gcroílár Chill Chainnigh. Faoi Scéim Dheontais Móra Caipitiúla Fháilte Éireann 2016, tá €3.2 milliún tairgthe do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh chun cur le heispéireas cuairteora, le caiteachas méadaithe cuairteoirí agus le tacaíocht d'fhostaíocht i Lár na Cathrach.



Cuimseoidh Músaem na hÉireann Meánaoisí Halla stairiúil an Bhaile (an Tholsel), Músaem na Míle Meánaoisí atá ann cheana féin agus Cill Eaglais Mhuire. Aontóidh branda agus scéim léirmhíniúcháin nua an láthair ina hiomláine agus bainfear leas as spraoi, as greann agus as scéalta de chineál 'stair uafásach' chun aird cuairteoirí éagsúla a tharraingt. Tá sé beartaithe go gcabhróidh an t-ionad nua seo, a gceaptar ina leith go n- osclófar é i Samhradh na bliana 2023, le hathbhunú lárcheantar stairiúil na cathrach mar ghné riachtanach d'aon chuairt ar Oirthear Ársa na hÉireann.

Sa bhliain 2022, beidh aird á tarraingt againn ar Phlean Forbartha Chill Chainnigh i leith Eispéireas Cinn Scríbe a bhfuil Fáilte Éireann i gceannas air. Agus sinn ag druidim le céim nua i dtaca le pleanáil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil le cúrsaí turasóireachta i gCill Chainnigh, leanfaimid de ról tábhachtach a bheith againn maidir le tacú leis an Earnáil Turasóireachta agus Aíochta.

Leanfaimid de bheith ag obair chun cuairteoirí a mhealladh chuig ár gCathair agus chuig ár gContae atá chomh bríomhar sin ó thaobh cúrsaí cultúir de agus, ag an am céanna, de chomhoibriú le forbairt a dhéanamh ar eispéiris eisceachtúla turasóireachta.

# STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAIS, TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE, BAINISTÍOCHTA SAORÁIDÍ

**Stiúrthóir Seirbhísí: Máirtín de Prionnbhíol**



# AIRGEADAS

Tá freagracht ar an Roinn Airgeadais i ndáil le rialú agus bainistiú foriomlán cúrsaí airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúrthóireacht seo Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistiú Cisteáin, Bainistiú Maoine agus Mótarchánachas.

## *RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM & CAITEACHAIS*

Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, tugtar achoimre ar an gcaiteachas ar na seirbhísí ó lá go lá a sholáthraíonn an Chomhairle agus soláthraítear mionsonraí i dtaobh conas a mhaoinítear an caiteachas sin. Bhí barrachas €50,707 ann sa bhliain, rud a lean as barrachas carnach €95,340 ar an 31Nollaig, 2021. Coimeádadh dianrialuithe buiséadacha i bhfeidhm i ndáil le caiteachas iomlán €106.7 milliún.

## *SOCRUITHE MAIDIR LE MAOINIÚ TIONSCADAL CAIPITIÚIL*

Ba é a bhí i gcostas iomlán na dtionscadal caipitiúil faoin gClár Caipitiúil sa bhliain 2021 ná €44.6m. B'ionann luach na dTionscadal Tithíochta agus Bóithre agus 88% den chaiteachas iomlán. Ar an 31 Nollaig 2021, €10.4m a bhí ann mar ghealltanais gan íoc i leith tionscadail chaipitiúla chríochnaithe. Déantar foráil sa bhuiséad bliantúil maidir le haisíoc an ghealltanais thar thréimhse 8 mbliana.

Bailíodh suim iomlán €2.94m i bhfoirm Tobhaigh Forbartha sa bhliain 2021.

Ghlac an Chomhairle Buiséad Caipitiúil don tréimhse 3 bliana 2021 go 2023 i Meitheamh 2021. Déantar costas measta na dtionscadal caipitiúil a bhfuil breithniú á dhéanamh ina leith, mar aon leis na foinsí gaolmhara maoiniúcháin, a leagan amach sa bhuiséad sin.

Ní féidir leis an gComhairle aon tionscadail chaipitiúla a thionscnamh seachas cinn a bhfuil foinse mhaoiniúcháin shainaitheanta ann lena n-aghaidh..

## *AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2020*

Bhí clár comhardaithe measartha láidir ag an gComhairle ar an 31 Nollaig 2021.

Ba é a bhí i méid na n-iasachtaí gan íoc (gan iasachtaí a bhaineann le tithíocht a áireamh) ar an 31 Nollaig 2021 ná €15.1m. Níor baineadh úsáid as an tsaoráid rótharraingthe bainc i rith na bliana 2021. Ba é a bhí san iarmhéid airgid thirim ar láimh ag deireadh mhí na Nollag 2021 ná €35.9m a bhfuil €20.6m de fálaithe le haghaidh tionscadail chaipitiúla.

## *BAILIÚ FIACH*

Lean Covid-19 de thionchar suntasach a bheith aige ar riaráistí ioncaim i dtacs le rátaí tráchtála de sa bhliain 2021.

Tháinig méadú beag go dtí 87% ar an ráta bailithe ach tá sé fós, go mór faoi bhun thoradh 2019. Tháinig feabhas ar fheidhmíocht ó thaobh bailiú cíosanna de i gcomparáid le leibhéil 2020.

| | Bailiú mar Chéatadán | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
| Rátaí Tráchtála | 92 | 94 | 95 | 93 | 94 | 85 | 87 |
| Cíosanna agus Blianachtaí | 92 | 93 | 92 | 93 | 95 | 96 | 97 |
| Iasachtaí Tithíochta | 82 | 80 | 85 | 88 | 90 | 90 | 90 |

# **TÁBLA** AIRGEADAIS

| | | Oll-Chaiteachas 2021 | Ioncam 2021 | Glan-Chaiteachas 2021 | Oll-Chaiteachas 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas de réir Roinne** | **Nóta** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Tithe agus Foirgníocht | | 23,267,789 | 23,479,161 | (211,372) | (1,382,579) |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | 27,843,958 | 21,575,108 | 6,268,850 | 6,661,382 |
| Seirbhísí Uisce | | 7,895,127 | 7,683,419 | 211,708 | 83,961 |
| Bainistiú Forbartha | | 11,063,888 | 5,820,024 | 5,243,864 | 5,416,551 |
| Seirbhísí Comhshaoil | | 12,514,220 | 3,934,633 | 8,579,587 | 8,315,448 |
| Áineas & Taitneamhacht | | 7,159,990 | 735,107 | 6,424,883 | 6,452,446 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | | 653,527 | 463,536 | 189,990 | 170,326 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 10,024,185 | 10,405,974 | (381,789) | 1,202,599 |
| **CAITEACHAS/IONCAM IOMLÁN** | **15** | **110,422,684** | **74,096,962** | | |
| Glanchostas Roinne atá le maoiniú ó Rátaí agus ó Cháin Mhaoine Áitiúil | | | | 26,325,722 | 26,920,134 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí | | | | 20,823,490 | 20,992,880 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 11,806,494 | 11,799,822 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimhe seo** | | | | 6,304,262 | 5,872,568 |
| **Aistrithe ó Chúlchiste/(chuig Cúlchiste)** | **14** | | | (6,253,555) | (5,855,933) |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | **16** | | | 50,707 | 16,635 |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir** | | | | 44,633 | 27,998 |
| **Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig** | | | | 93,340 | 44,633 |

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Mar gheall ar phaindéim leanúnach Covid-19, ba bhliain dhúshlánach eile í an bhliain 2021 i gcás na Roinne Teicneolaíochta Faisnéise.

**Príomhghnóthachtálacha na bliana 2021:**

- Uasghrádú Ballaí Dóiteáin agus suiteáil córas nua slándála.
- Éascaíodh Obair Chianda do líon mór ball foirne.
- Éascaíodh Cruinnithe Cianda Comhairle trí bhíthin MS Teams.
- Coimeádadh timpeallacht Citrix ar bun le haghaidh obair chianda.
- Bogearraí LPF a chur ar fáil d'oibrithe cianda.
- Rinneadh córas preabfhógra fianán atá i gcomhréir leis an RGCS a fhorbairt a chothabháil le haghaidh na láithreán gréasáin go léir.
- Leanadh den leathnú ar úsáid feistí soghluaiste chuig baill foirne agus chuig Comhaltaí Tofa.
- Éascaíodh cruinnithe poiblí ar líne trí úsáid a bhaint as MS Teams.
- Leanadh de Thacaíocht a thabhairt i ndáil leis an Scéim Atosaithe Gnó agus i ndáil leis an gClár Lárnach Creidmheasa.
- Cuireadh suirbhéanna éagsúla ar líne i gcrích.
- Cuireadh uasdátuithe i gcrích i ndáil le córais iHouse agus
- iPlan.
- Cuireadh aistriú freastalaithe chuig fearann nua i gcrích.
- Cuireadh MS Teams ar fáil do bhaill foirne agus do na Comhaltaí Tofa
- Rinneadh ábhar breise, uasdátuithe agus feabhsuithe slándála a chur le láithreáin ghréasáin éagsúla de chuid an údaráis áitiúil.
- Críochnaíodh an tUasghrádú ar Láithreán Gréasáin nua na Comhairle.
- Críochnaíodh Aistriú SharePoint.
- Rinneadh Ríomhairí Pearsanta nua agus ríomhairí glúine nua a chur ar fáil ar bhonn leanúnach
- Teicneolaíochtaí suirbhé a chur ar fáil do bhaill foirne ar bhonn leanúnach.
- Uasdátuithe leanúnacha ar fhreastalaithe agus ar Ríomhairí Pearsanta chun slándáil an líonra a choimeád ar bun.
- Leathnaíodh úsáid Fíordheimhniúcháin Déshraithe.
- Uasghrádaíodh amharcóirí poiblí Córas Faisnéise Geografaí.
- Uasdátuithe ar Thairseach CFG do bhaill foirne.
- Críochnaíodh an t-uasghrádú ar an gCroí-Chóras AD nua.
- Tugadh tacaíocht don Roinn Cumarsáide i ndáil le líon mór imeachtaí beo-shruthúcháin.
- Uasghrádú an chórais Frithvíris agus bainistíochta críochphointe.
- Uasghrádú an Chórais Cúltaca Comhad.

## *LEATHANBHANDA*

Oibríonn ár nOifigeach Leathanbhanda go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide & leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun cabhrú le cur i bhfeidhm an Plean Náisiúnta Leathanbhanda.

**Príomhghnóthachtálacha na bliana 2021:**

- Freastal a dhéanamh ar chruinnithe míosúla Oifigeach Leathanbhanda.
- Idirchaidreamh leanúnach le hOibreoirí Seirbhíse Leathanbhanda.
- Idirchaidreamh leanúnach le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann – comhshuíomhanna a fhorbairt.
- Forbairt leanúnach ar an Straitéis Dhigiteach.
- 2 Phointe Ceangail Leathanbhanda breise (PCL) – tá 8 gcinn san iomlán ann anois.
- 5 Mhol Oibre Cianda a chur ar bun laistigh de PCL-anna faoin Scéim Deontais Pobail.
- Conradh a bhronnadh le haghaidh WIFI4EU.
- Teagmháil leanúnach leis an bpobal maidir le fiosruithe faoi leathanbhanda agus teileachumarsáid.

# SEIRBHÍSÍ AGUS EARRAÍ A FHÁIL

## *SEIRBHÍSÍ AGUS EARRAÍ A FHÁIL*

Lean Aonad Fála Seirbhísí agus Earraí Comhairle Chontae Chill Chainnigh de bheith ag éascú sruth leanúnach deiseanna teagmhálacha i gcomhréir le chlár uaillmhianach oibreacha poiblí na hEagraíochta. Baineann tuairim is €31 mhilliún de Chaiteachas Ioncaim, agus tuairim is €35 milliún de chaiteachas caipitiúil, Chomhairle Chontae Chill Chainnigh bunaithe le hoibreacha, seirbhísí agus earraí ó sholáthraithe ar soláthraithe áitiúla nó náisiúnta iad a bhformhór.

**Príomhghnóthachtálacha na bliana 2021:**

- Fógairt 52Iarraidh ar Thairiscintí ar an tairseach r-Thairiscintí
- 32 fhógra faoi Mhiontairiscintí agus Luachana ar thairseach SupplyGov
- Oibríonn an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an tIonad Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil go dlúth le húdaráis áitiúla chun creataí náisiúnta a sholáthar ar féidir le húdaráis áitiúla tarraingt anuas uathu agus rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh tarraingt anuas ó na creataí sin sa bhliain 2021 i réimsí amhail fóntais phoiblí, cúrsaí flíte, TFC, seirbhísí gairmiúla agus TCP
- Tuilleadh beart chun Beartais Ghlasa Fála a chur chun cinn, lena n-áirítear córas leictreonach tairisceana le haghaidh na n-iarrataí go léir ar thairiscintí ar an leibhéal náisiúnta
- Rannpháirtíocht ball foirne i gcúrsaí oiliúna inmheánacha agus na hOifige um Sholáthar Rialtais
- TCP fíor-riachtanach a fháil le linn na paindéime.

**Na Príomhearraí agus na Príomhsheirbhísí a fuarthas in aghaidh an Réimse Seirbhíse don bhliain 2021**

## *AN LÍON IARRATAÍ AR THAIRISCINTÍ A PRÓISEÁLADH SA BHLIAIN 2021*

## *AN RANNÓG CHORPARÁIDEACH LENA NÁIRÍTEAR TIONSCADAIL SPEISIALTA*

- Tionscadal faoi cheannas an Innealtóra Shibhialta & Struchtúraigh i leith dhearadh agus tógáil an naisc bheartaithe coisithe agus rothar idir Páirc Líneach na Feoire (Móinéir an Easpaig) agus na Gairdíní Cois Abhann (Ceathrú na Mainistreach) i gCathair Chill Chainnigh.
- Foireann Deartha faoi cheannas Ailtire i leith Seirbhísí Athstruchtúraithe agus Athnuachana an Ionaid Spóirt Pobail ar Shráid an Mhairéasaigh, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh, lena úsáid mar Leabharlann agus Ionad Pobail
- Tionscadal Deartha & Tógála Meithle Ildisciplíní faoi cheannas Innealtóir Sibhialtaí/Struchtúrach i leith páirc & sráid uirbeach agus oibreacha gaolmhara i gCeathrú na Mainistreach (sean-Ghrúdlann Smithwick)
- Caomhnú agus Athfheistiú Tithe Tae, Cé Bateman, Cill Chainnigh.
- Bainistíocht Féilte/Imeachtaí a sholáthar do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh sa tréimhse ó 2021go 2024
- Leabharlann Mayfair, Ceathrú na Mainistreach, Cill Chainnigh
- Leabharlann Ghráig na Manach - Athfheistiú an Dín
- Ceapadh Cuideachta Cumarsáide agus Margaithe chun seirbhísí a sholáthar do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le Scéal Chill Chainnigh a Scríobh, a Insint agus a Chomhroinnt 2030
- Iarraidh ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí Léirmhíniúcháin agus Deartha Taispeántais i leith Eispéireas Chill Chainnigh sna Meánaoiseanna (Tionscadal an Tholsel)
- Clós Busanna/Carrchlós Sealadach Cheathrú na Mainistreach
- Seirbhís Meithle Dearthóireachta, faoi cheannas Ailtire Caomhantais, i leith Plean Caomhantais le haghaidh Déanmhais Oidhreachta i gCeathrú na Mainistreach (láithreán shean-Ghrúdlann Smithwick)
- Mainistir na Cathrach, Cill Chainnigh - Scartáil an Fhoirgnimh Aosúcháin

## *COMHSHAOL AGUS PÁIRCEANNA*

- Seirbhísí a sholáthar maidir le suiteáil agus seirbhísiú ionad fágála teicstílí i gContae Chill Chainnigh
- Seirbhísí a sholáthar i leith Cothabháil Féir i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh

## AN TSEIRBHÍS DÓITEÁIN

- Sorcóirí Aeir Chomhbhrúite do Ghaireas Análaithe agus Clúdaigh do na Sorcóirí sin
- Inneall Dóiteáin Éigeandála a sholáthar do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh
- Inneall Dóiteáin do Stáisiún Dóiteáin Áth na nUrlainn, Áth na nUrlainn, Contae Chill Chainnigh
- Feistiú Feithicle i leith 3 Ford Ranger do Sheirbhís Chill Chainnigh

## FAOISEAMH TUILE

- Scéim Faoisimh Tuile Ghráig na Manach-Tigh na hInse - Conradh Imscrúdaithe Láithreáin

## TITHÍOCHT

- Tairiscint maidir le tógáil 6 Theach ar Bhóthair na Machaire Gailf, Cill Chainnigh
- Tógáil Bheartaithe 25 Aonad Tithíochta Sóisialta i ndáil le Forbairt ag Tobar Mhuire, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh
- 2 Árasán Aon Seomra Leapa ar an tSráid Ard, Gráig na Manach, Contae Chill Chainnigh
- 2 Bhungaló Leathscoite 2 Sheomra Leapa ag Inse an Chairn, Muileann an Bhata, Contae Chill Chainnigh
- Oibreacha Méadaithe & Athfheistithe ag 18 Sráid Wolfe Tone, Cill Chainnigh
- Tógáil tithe ag Láithreán A - Teach Cónaithe nua i nGort na Faiche, Callainn, Contae Chill Chainnigh agus ag Láithreán B - Teach cónaithe nua ag 29 An Cuarbhóthar, Cill Chainnigh

## IS (CÓRAIS FAISNÉISE)

- Dearadh, soláthar agus suiteáil ghréasán Wi-Fi lena ngabhann lántacaíocht agus 44 phointe allamuigh Rochtana Poiblí i suíomhanna ainmnithe ar fud Chontae Chill Chainnigh faoi chlár WiFi4EU

## AN CLÓS INNEALRA

- Iarraidh ar Thairiscint le haghaidh Tochaltóir Riain Rubair
- Soláthar agus Seachadadh 1 Trucail Chriú- Chábáin 10 dTonna (cabhail agus cabáin)
- Trucail Chriú-Cábáin 10 dTonna (cabhail agus cábán) agus craein infhillte feistithe di
- Rogha 1 - Soláthar agus Seachadadh 1 Dumpaire 32 Thonna (Cabhail agus Cábán); Rogha 2 - Soláthar agus Seachadadh 2 Dhumpaire 32 Thonna (Cabhail agus Cábán)
- Iarraidh ar Thairiscint i leith soláthar Stáisiúin Sáithithe
- Sáile agus oibreacha gaolmhara i gClós Innealra Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, Eastát Tionscail Chill Chainnigh, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh

## SOILSIÚCHÁN POIBLÍ

- Cothabháil Soilsiúcháin Phoiblí agus Seirbhísí Foghabhálacha do Chontaetha Chill Chainnigh agus Cheatharlach
- Tionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí i Réigiún an Oirthir
- Seirbhísí Ildisciplíneacha Sainchomhairleoireachta Innealtóireachta chun céimeanna (iv) go (v) go huile de Thionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí - Réigiún an Oirthir - a chur i gcrích

## TAISTEAL GNÍOMHACH AR BHÓITHRE

- Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Innealtóireachta (Teicniúil) - Bealaí Rothaíochta sna Bruachbhailte Ó Thuaidh
- Seirbhísí Sainchomhairleoireachta (Teicniúil) - Scéim Feabhsúcháin Uirbigh Shráid Chiaráin & Chlós an Mhargaidh
- Scéimeanna Athfheistithe agus Bainistithe Tráchta Shráid an Droichid/Lána na Leac, Callainn

## DEARADH BÓITHRE

- Clár SIS (Scéim Iomarcaíochta Saorálaí) BIÉ (Bonneagar Iompair Éireann 2021:
- Comórtas #1 do Chontae Chill Chainnigh
- Iarraidh ar Thairiscintí le haghaidh Suirbhéireachtaí Tráchta maidir leis an N24 - Port Láirge go dtí an Chathair - agus maidir leis an N24 - an Chathair go hAcomhal Luimnigh
- Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Seandálaíochta - Céimeanna (i) – (iv), an N24 - Scéim Feabhsaithe Acomhal Bhóthar an Túir, Baile an Phoill, Contae Chill Chainnigh
- Oibreacha Feabhsaithe Bhóthar na Mainistreach & Bhóthar Belmont i bPort an Chalaidh - Dearthóireacht faoi cheannas Innealtóra
- Seirbhísí Sainchomhairleoireachta
- N25 - Port Láirge go dtí an Gleann Mór: Céim 3 de Chonradh BIÉ maidir le hImscrúdú Talún i leith Measúnú Dearthóireachta & Comhshaoil
- HD28 - Scéimeanna Athdhromchlaithe Bealaí Náisiúnta 2021
- N76 - Scéim Pábhála Gharraí na hAbhann go hÁth an Iúir Thuaidh
- Creat Pábhála an Oirdheiscirt - N77 - Scéim Feabhsaithe an tSeanbhaile go Béal Átha Ragad 2021
- N24, Roinn_001 - N24, Roinn_001 - Móin Choinn, Scéim HD28 2021
- N24, Roinn_002 - Móin Choinn, Scéim HD28 2021
- Cuarbhóthar Chathair Chill Chainnigh - Scéim HD28 2021
- N77 - Scéim Feabhsaithe Bóthair ó Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí

# **TIONSCADAIL** SPEISIALTA

### *CEATHRÚ NA MAINISTREACH*

Leanadh den obair chun Máistirphlean Cheathrú na Mainistreach a chur i gcrích sa bhliain 2021 agus críochnaíodh an obair ar an nGairdín Cois Abhann & ar an bPáirc Scátála. Táthar ag leanúint den obair thógála i ndáil le hathfhorbairt Fhoirgneamh na Grúdlainne, lena n-áirítear limistéir Fhearainn Phoiblí Lána na Beairice agus Chlós Cúirte na Grúdlainne. Ina theannta sin, tá tús curtha le tógáil Leabharlann Mayfair.

Tharla moilleanna i leith na dtionscadal sin go luath sa bhliain 2021 de bharr dhúnadh na láithreán tógála go léir ó Eanáir go hAibreán, go huile, mar thoradh ar COVID 19.


### *FORBAIRT CHEATHRÚ NA MAINISTREACH I GCILL CHAINNIGH TEO*


Rinne Forbairt Cheathrú na Mainistreach i gCill Chainnigh Teo (FCMCC) dul chun cinn sa bhliain 2021 maidir le tograí forbartha i ndáil leis na foirgnimh atá beartaithe ar láithreán Cheathrú na Mainistreach.Cuireadh an chomhpháirtíocht sin idir Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar bun trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) chun na bloic thógála ar Láithreán sheanGhrúdlann Smithwick a fhorbairt. Is é Foirgneamh na Grúdlainne an chéad cheann de na foirgnimh a fhorbrófar.

### *FOIRGNEAMH NA GRÚDLAINNE*

Cuireadh tús leis an obair ar thógáil Fhoirgneamh na Grúdlainne i mí Iúil 2019 nuair a ceapadh Mythen Construction mar phríomhchonraitheoirí le haghaidh an tionscadail. Leanadh den obair i rith na bliana 2021 cé gur tharla moilleanna suntasacha ó tharla gurbh éigean an láithreán a dhúnadh ó Eanáir go hAibreán chun déanamh de réir Shrianta COVID 19.

Tar éis na láithreáin tógála a athoscailt i mí Bhealtaine 2021, bhí moilleanna ann freisin mar thoradh ar asláithreachtaí ball foirne de bharr tinnis nó de bharr a bheith i dteagmháil le cásanna COVID 19, ó tharla nach raibh fochonraitheoirí a bheith ar fáil mar thoradh ar riaráiste oibreacha tógála a bhain le COVID 19 agus go raibh moilleanna ann maidir le hábhair a bheith ar fáil.







Ceaptar anois go gcuirfear an tionscadal i gcrích i Ráithe 1 den bhliain 2022 agus, an tráth sin, aistreofar an foirgneamh chuig na tionóntaí lena fheistiú. Táthar ag ceapadh go mbeidh an foirgneamh á áitiú ag oibrithe oifige i rith shamhradh na bliana 2022.

### CEATHRÚ NA MAINISTREACH - FOIRGNIMH NUA

Sa bhliain 2021, cuireadh tús le dearadh an chéad fhoirgnimh nua ar láithreán Cheathrú na Mainistreach. Tríd an bhfoirgneamh L-chruthach sin atá suite taobh leis an nGrúdlann a chríochnú cuirfear bailchríoch ar ar theorainn Clós Cúirte na Grúdlainne. Cheap Comhpháirtíocht Forbartha Mhainistir Chill Chainnigh ABK Architects chun an foirgneamh a dhearadh. Is é atá beartaithe i gcomhair úsáid an fhoirgnimh ná úsáid oifige mar aon le húsáidí tráchtála nó miondíola ar an mbunurlár. Sa bhliain 2021, tugadh dearadh an fhoirgnimh ar aghaidh chuig céim na pleanála.

### COMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le hathfhorbairt shean-Bhálseomra Mayfair agus na limistéar fairsing san fhearann poiblí ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach.

### LEABHARLANN MAYFAIR

Tá Leabharlann nua Chathair Chill Chainnigh le lonnú laistigh d'Fhoirgneamh Mayfair ar láithreán Cheathrú na Mainistreach. Is foirgneamh an-suntasach é Foirgneamh Mayfair ó thaobh oidhreacht shóisialta Chill Chainnigh de ós rud é go raibh Bálseomra Mayfair ann ó 1943 go dtí 1973.









## PUBLIC REALM AREAS

Ceapadh *Duggan Lynch Ltd* mar phríomhchonraitheoirí le haghaidh thionscadal Leabharlann Mayfield i Meán Fómhair 2021. Gabhann clár 15 mhí leis an Tionscadal agus tá sé le cur i gcrích ag deireadh na bliana 2022.

Ceaptar go n-osclófar an leabharlann nua i Ráithe 1 den bhliain 2023.

## LIMISTÉIR SAN FHEARANN POIBLÍ

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le forbairt limistéar fairsing de chuid an fhearainn phoiblí ar Láithreán Cheathrú na Mainistir agus tá 60% de shean- láithreán na Grúdlainne le forbairt mar fhearann poiblí.
Meastar go bhfuil forbairt limistéar Ardcháilíochta san Fhearann Poiblí thar a bheith tábhachtach i ndáil le comhtháthú sheanláithreán na Grúdlainne isteach i Lár na Cathrach.

Tá maoiniúchán le haghaidh na n-oibreacha sin á sholáthar tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU), trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), trí Scéim Deontais na nIonad Uirbeach Ainmnithe agus trí chistí dílse Comhairle Chontae Chill Chainnigh.

.

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020 Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union European Regional Development Fund






## TIONSCADAL AN GHAIRDÍN COIS ABHANN INA NÁIRÍTEAR AN PHÁIRC SCÁTÁLA

Críochnaíodh obair ar an nGairdín Cois Abhann agus ar an bPáirc Scátála sa bhliain tar éis moilleanna a bheith ann a bhain le COVID 19 agus dúnadh láithreán tógála. Osclaíodh an Pháirc Scátála i gcomhair dheireadh seachtaine Lá Saoire Bainc mhí Bhealtaine agus osclaíodh Tionscadal an Ghairdín Cois Abhann cúpla seachtain ina dhiaidh sin i gcomhair dheireadh seachtaine Lá Saoire Bainc mhí an Mheithimh.

Bronnadh an Gradam Foriomlán Náisiú
nta ar an tionscadal le linn Ghradaim Dhéanta Áite na bliana 2021.










## LÁNA BHEAIRIC AN MHARCSHLUA & CEARNÓG NA GRÚDLAINNE

Áiríonn an conradh le Mythen Construction i leith athfhorbairt Fhoirgneamh na Grúdlainne athfhorbairt Lána Bheairic an Mharcshlua agus Chearnóg na Grúdlainne. Cuireadh moill ar na tionscadail sin de bharr thionchar COVID 19 agus tá siad le críochnú i Ráithe 1 den bhliain 2022 anois.

## TIONSCADAL NA SRÁIDE AGUS NA PÁIRCE UIRBÍ

I mí Feabhra 2021, bhronn An Bord Pleanála cead pleanála le haghaidh thionscadal forbartha na Páirce & na Sráide Uirbí trí Cheathrú na Mainistreach.

Maidir leis an bPáirc Uirbeach a bheidh suite sa cheantar thart ar Shéadchomhartha Náisiúnta Mhainistir Phroinsias, beidh sé ina lárphointe i gCeathrú na Mainistreach agus beidh sé ceaptha ar shlí a fhágfaidh go mbeifear in ann imeachtaí amuigh faoin aer a bhaineann leis an líon mór féilte a sheoltar sa Chathair i rith na bliana a reáchtáil ann. Tríd an tSráid Uirbeach, ina dtabharfar tús áite do choisithe agus do rothaithe, éascófar forbairt na bhfoirgneamh nua atá beartaithe le haghaidh láithreán Cheathrú na Mainistreach.

I rith na bliana 2021, rinneadh dul chun cinn maidir le dearadh mionsonraithe agus ullmhú na ndoiciméad tairisceana agus ceaptar go gcuirfear tús leis an obair ar an tionscadal i Samhradh na bliana 2022.





## TITHE TAE




Cuireadh oibreacha caomhantais ar aghaidh sa bhliain 2021 i dtaca leis an dá theach tae ar Ché Bateman d'fhonn na foirgnimh a cur á n-úsáid arís mar chuid d'Fhorbairt fhoriomlán Cheathrú na Mainistreach. Tá na Tithe Tae suite ar bhealach isteach tábhachtach chuig Ceathrú na Mainistreach agus i dtosach Thionscadal an Ghairdín Cois Abhann.Tá na hoibreacha á ndéanamh ag Pat Tallis & A Chuid agus tá siad le críochnú i Ráithe 1 den bhliain 2022. Lorgófar léiriú spéise sa bhliain 2022 le haghaidh oibreora do na Tithe Tae.



## CISEACH DHROICHEAD AN GHRAOINIGH




Nuair críochnaíodh an Gairdín Cois Abhann i láithreán shean-Ghrúdlann Smithwick, ba é an nasc deiridh a bhí ar iarraidh ó na siúláin Cois Abhann i lár na Cathrach fad gairid 150m de shiúlán díreach ó thuaidh ó Dhroichead an Ghraoinigh. Rinneadh dul chun cinn maidir le réamhdhearadh le haghaidh an tSiúláin sa bhliain 2021 agus rachfar ar aghaidh chuig céim pleanála an tionscadail sa bhliain 2022.



## TIONSCADAL AN THOLSEL



Rinneadh dearadh mionsonraithe Thionscadal an Tholsel a thosú go luath sa bhliain 2021 tar éis maoiniúchán ó Fháilte Éireann a fhógairt le haghaidh an tionscadail. Tá athnuachan le déanamh ar an Tholsel agus beidh ionad turasóirí nua ann mar chuid de, mar aon le socrú i leith íoslach an chlogthúir a oscailt do chuairteoirí. Ceapadh Meitheal Dearthóireachta Taispeántais ag deireadh na bliana 2021 agus cuirfear tús le hobair ar dhearadh mionsonraithe an Taispeántais sa bhliain 2022.

Mar thoradh ar an tionscadal, soláthrófar ardaitheoir san fhoirgneamh, rud a fhágfaidh go mbeidh an foirgneamh sorochtana agus comhlíontach go hiomlán i gcomhréir le ceanglais an Achta um Míchumas agus na Rialachán Foirgníochta.

## TIONSCADAIL BHAILE MHIC ANDÁIN

### AN TEACH CÚIRTE

Tá an (sean-)Teach Cúirte i mBaile Mhic Andáin á athfhorbairt ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh faoi láthair le maoiniúchán ón gCiste Athghiniúna Tuaithe, ó LEADER agus

ó chistí dílse Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus beidh sé le hathúsáid ag Comhairle Dheartha & Cheardaíochta na hÉireann. Tugann an fhorbairt seo deis chun úsáid inbhuanaithe nua a



chur ar fáil le haghaidh an fhoirgnimh agus, ag an am céanna, chun beogacht Bhaile Mhic Andáin a chur chun cinn mar mhol cruthaitheachta agus ealaíne sa réigiún.
Tá an obair ar an bhforbairt atá á déanamh ag Richard McEvoy Contracting Ltd le cur i gcrích i Meán Fómhair 2022.

### LEABHARLANN BHAILE MHIC ANDÁIN

Tá Leabharlann Bhaile Mhic Andáin, nach n-oireann do riachtanais leabharlainne nua-aimseartha, le hathlonnú achar gearr óna suíomh láithreach ar Shráid an Mhairéasaigh go dtí sean-Halla Spóirt an Pobail. Rinneadh maoiniúchán le haghaidh an tionscadail, faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, a dhaingniú sa bhliain 2021.



Cuireadh tús le dearadh mionsonraithe an tionscadail níos luaithe ná mar a bhí beartaithe sa bhliain 2021 d'fhonn an tógáil a thosú sa bhliain 2022.

# DÉAN TEAGMHÁIL LINN

### *SRIANTA COVID LEIBHÉAL 5*

**FAISNÉIS UASDÁTAITHE FAOI SHEIRBHÍSÍ NA COMHAIRLE**

Mar fhreagairt ar an athrú a fógraíodh agus a rinneadh le déanaí chuig stádas Leibhéal 6 i dtaca le COVID-19 de, tá ár gcuid seirbhísí go léir ag feidhmiú agus tá ár mbaill foirne ar fáil chun bualadh leat ach sin ar bhonn coinne amháin.

Molaimid duit teagmháil a dhéanamh linn leis an teileafón, le ríomhphost nó ar líne, chun déileáil le d'fhiosrú. I gcás nach féidir déileáil le d'fhiosrú go cianda, is féidir coinne a shocrú.

**Chun coinne a dhéanamh maidir le seirbhís ar leith, úsáid na huimhreacha teagmhála nó na seoltaí ríomhphoist seo a leanas, le do thoil:**

| ROINN | Uimh. Theileafóin | SEOLADH RÍOMHPHOIST |
|---|---|---|
| Halla an Chontae, Sráid Eoin | 056 779 4000 | info @kilkennycoco.ie<br>secretar@kilkennycoco.ie |
| Oifig na bhFáltas | 056 779 4229 | cashoffice@kilkennycoco.ie |
| An Roinn Tithíochta | 056 779 4900 | housing@kilkennycoco.ie |
| An Roinn Pleanála | 056 779 4010 | planning@kilkennycoco.ie |
| An Roinn Comhshaoil<br>Saoráid Líonta Talún an Dúin Mhóir | 056 779 4470 | environment@kilkennycoco.ie |
| Cuntais Iníoctha | 056 779 4222 | accountspayable@kilkennycoco.ie |
| Stáisiún Dóiteáin | 056 779 4400 | fireadmin@kilkennycoco.ie |
| Bainistíocht Riaráistí | 056 779 4209 | rates@kilkennycoco.ie |
| Aonad Tacaíochta i leith Riaráistí Iasachta Tithíochta | 056 779 4021<br>056 779 4056 | finance@kilkennycoco.ie |
| An Oifig Fiontair Áitiúil | 056 775 2662 | info@leo.kilkennycoco.ie |
| An Roinn Mótarchánachais | 056 779 4100 | motortax@kilkennycoco.ie |
| An Roinn Tráchta | 056 779 4540 | trafficfines@kilkennycoco.ie |
| An Roinn Seirbhísí Uisce | 056 779 4050 | water@kilkennycoco.ie |
| Ceannoifigí Leabharlann Chill Chainnigh | 056 779 4160 | info@kilkennyllibrary.ie |
| Oifig Cheantair Chaisleán an Chomair | 056 779 4450 | castlecomerareaoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig Cheantair Challainn | 056 779 4321 | callanareaoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig Cheantair Bhaile Mhic Andáin | 056 779 4340 | thomastowoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig Cheantair Chill Chainnigh | 056 779 4510 | kilkennyareaoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig Cheantair Bhaile an Phoill | 051 831 370 | ferrybank@kilkennycoco.ie |

### *IS FÉIDIR AN CHUID IS MÓ ÍOCAÍOCHTAÍ A DHÉANAMH AR LÍNE NÓ LEIS AN TEILEAFÓN AG 056 779 4229*

### *LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN, CUIR GLAOCH AR 056 779 4916*

TÁ ÁR GCUID MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA GO LÉIR LE FÁIL AR ÁR LÁITHREÁN GRÉASÁIN: KILKENNYCOCO.IE AGUS LEAN SINN AR CHAINÉIL MHEÁN SÓISIALTA CHUN FAISNÉIS UASDÁTAITHE A FHÁIL FAOINÁR SEIRBHÍSÍ:
**FACEBOOK: @KILKENNYCOCO** **TWITTER: @KILKENNYNOTICES**

# BÍ I dTEAGMHÁIL LINN

Kilkenny

***FAN I DTEAGMHÁIL***

**Ceannoifigí - Comhairle Chontae Chill Chainnigh,
Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh,
R95 A39Y**

**Kilkennycoco.ie**

@ **info@kilkennycoco.ie**

**056 779 4000**

***MEÁIN SHÓISIALTA***

Táimid ar fáil go forleathan ar mheáin shóisiatla le haghaidh ranna éagsúla

**Facebook**

- @KilkennyCoCo
- @kilkenny.ie
- @kilkennytourism
- @investkilkenny
- @shopkilkenny
- @tastekilkenny
- @KilkennyCoCo
- @LocalEnterpriseOfficeKilkenny
- @careerskilkenny
- @kilkennylibrary
- @KilkennyDay
- @kilkenny.heritage
- @kkcocoenvironment
- @dunmorerecycling
- @kilkennylibrary

**Instagram**

- @kilkennycoco
- @leokilkenny
- @careerskilkenny
- @shop_kilkenny
- @tastekilkenny
- @kilkennyie
- @KilkennyDay

**Twitter**

- @kilkennynotices
- @LEOKilkenny
- @investkilkenny
- @LoveKilkenny
- @shopkilkenny1
- @KKArts Office
- @kilkennylibrary

**LinkedIn**

- Invest Kilkenny
- Oifig Fiontair Áitiúil, Cill Chainnigh
- Gairmréimeanna i gCill Chainnigh

Register for Kilkenny Alerts →

**Tá seirbhís foláirimh SAOR IN AISCE téacs-teachtaireachta agus ríomhphoist ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh ar seirbhís í trína n-eisítear foláirimh a bhaineann leis an soláthar uisce, le rabhaidh aimsire, le hoibreacha bóthair, etc.**

***IS FÉIDIR LEAT CLÁRÚ TRÍ DHUL CHUIG ÁR LÁITHREÁN GRÉASÁIN AG ALERTS.KILKENNYCOCO.IE***

CHUN CLÁRÚ, NÍ MÓR DUIT UIMHIR DO FÓN PÓCA AGUS SEOLADH RÍOMHPHOIST A CHUR AR FÁIL IONAS GUR FÉIDIR FOLÁIRIMH A CHUR CHUGAT.

***JCLÁRAIGH LE HAGHAIDH ÁR DTAIRSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN AR LÍNE: TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS AN LÁITHREÁN SEO THIG LEAT PÁIRT A GHLACADH I GCOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ. ÚSÁID NA COMHAIRLIÚCHÁIN AG CONSULT.KILKENNY.IE CHUN BREATHNÚ NÓ CUARDACH A DHÉANAMH AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN ATÁ AR SIÚL NÓ A BHEIDH ANN AMACH ANSEO.***

I gcás roinnt comhairliúchán, ní mór duit clárú sular féidir leat aighneacht a dhéanamh. Próiseas aon uaire atá i gceist leis an gclárúchán agus is féidir úsáid a bhaint as do chuntas le haghaidh chomhairliúcháin phoiblí ar líne na Comhairle. Cumasóidh sé duit do chuid aighneachtaí maidir le hilchomhairliúcháin a thaifeadadh dul chun cinn i leith aighneachtaí atá críochnaithe go páirteach a shábháil ar mhaithe lena gcur i gcrích am éigin is faide anonn. Seachas mar a fhoráiltear le dlí, tá do chuid faisnéise pearsanta, amhail mionsonraí teagmhála a bhailítear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, cosanta de réir socruithe cosanta sonraí. Fanfaidh siad faoi rún agus ní fhoilseofar iad ná ní chomhroinnfear le tríú páirtithe iad.

Kilkenny

# COME SEE COME DO

Design & Print by Kilkenny Modern Printers 056 7721739